Commission for
**Communications Regulation**



# Tuarascáil Bhliantúil 2012

Spriocanna Ardleibhéil

## Leas na dTomhaltóirí a Chosaint

Leasanna na dtomhaltóirí um sheirbhísí cumarsáide a chosaint trína chosaint agus a chumhachtú.

## Iomaíocht a Chur chun Cinn

Rialáil éifeachtúil agus chomhréireach a chur i bhfeidhm chun iomaíocht dhinimiciúil agus inbhuanaithe a éascú

## Nuálaíocht agus Infheistíocht a Éascú

Cinnteacht rialála a sholáthar trína n-éascaítear nuálaíocht agus trína dtacaítear le hinfheistíocht maidir le bonneagar agus seirbhísí cumarsáide

## Ag Déanamh ár nDícheall chun Barr Feabhais a Bhaint Amach

Bheith ina eagraíocht ardéifeachtúil agus ardnuálach ar ionad barr feabhais é ina dtacaítear lena dhaoine agus ina gcuirtear ar a gcumas cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

## Ár Sainordú

- Reachtaíocht Náisiúnta agus Reachtaíocht na hEorpa
- Gníomhaíochtaí um Chomhoibriú & um Chomhordú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

## Ár Misean

Trí rialáil éifeachtúil agus ábhartha, is é ár misean ná forbairt earnáil cumarsáide iomaíche in Éirinn a éascú ina mealltar infheistíocht, ina spreagtar nuálaíocht agus ina gcumhachtaítear tomhaltóirí chun seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le muinín.

## Ár Luachanna

- Ionracas
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtúlacht
- Barr Feabhais
- Trédhearcacht

Curtha i láthair an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002

# Clár Na nÁbhar


## 1. Maidir le ComReg

**Coimisinéirí** 4

**An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin** 4

**Ról agus Struchtúr ComReg** 5

**Athbhreithniú an Chathaoirligh** 8

## 2. Forbhreathnú Ar An Earnáil Chumarsáide: Meitheamh 2012 12

## 3. Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí 14

## 4. Iomaíocht 20

## 5. Nuálaíocht 26

**Bainistíocht Speictrim** 28

**Ceadúnú um Speictream Raidió** 32

**Uimhriú** 34

**Rialáil an Phoist** 36

## 6. Seirbhísí Corparáideacha 40

## 7. Gnóthaí Idirnáisiúnta 46

## 8. Faisnéis Airgeadais 52

## Aguisín 1: 76

## Aguisín 2: 82

## Aguisín 3: 90

# 1 Maidir le ComReg

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as seirbhísí cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus líonraí craolacháin), poist agus ardráta a rialú. Is é ComReg an t-údarás rialála náisiúnta le haghaidh na n-earnálacha sin, de réir Dhlí an AE agus na hÉireann. Lena chois sin, déanaimid an speictream radaimhiníochta agus an acmhainn uimhriúcháin náisiúnta a bhainistiú, i measc freagrachtaí eile.

## Struchtúr Eagrúcháin

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunú ComReg an 1 Nollaig 2002. Cuimsítear dhá Choimisinéir ar an gCoimisiún faoi láthair, Alex Chisholm (Cathaoirleach) agus Kevin O'Brien a ceapadh mar Choimisinéir an 1 Samhain 2011. D'éirigh Mike Byrne as ComReg i mí Feabhra 2012.

Tá an Coimisiún, mar aon leis an gCoiste Beartas Bainistíochta (MPC), freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibriúcháin na heagraíochta. Braitheann ComReg ar iarrachtaí ár bhfoirne go léir (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaithe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus saineolaithe riaracháin) chun ár misean a sheachadadh agus ár gcuspóirí rialála a chomhlíonadh.

Feidhmíonn ComReg mar chomhlacht coláisteach, agus déanann na Coimisinéirí na cinntí i dteannta a chéile. Measaimid go bhfuil sé sin tábhachtach maidir le spiorad an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002, lenar bunaíodh an Coimisiún a chomhlíonadh. Tá ceithre Rannán in ComReg, arna dtacú ag an Ard-Abhcóide agus Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíoch. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne ilréimsiúla a fheidhmíonn i dtimpeallacht ildisciplíneach.

# Coimisinéirí



**Alex Chisholm**
Cathaoirleach
(Éirithe as i Márta 2013)



**Kevin O'Brien**
Coimisinéir



**Mike Byrne**
Coimisinéir
(Éirithe as i bhFeabhra 2012)

# Executive Management Team



**Laura Brien**
Comhairleoir Sinsearach
Eacnamaíoch



**Caroline Dee-Brown**
An tArd-Abhcóide



**Barbara Delaney**
Stiúrthóir
An Rannán um Sheirbhísí
Miondíola agus Tomhaltóirí



**Donal Leavy**
Stiúrthóir
An Rannán Mórdhíola



**George Merrigan**
Stiúrthóir
An Rannán um Chreat Margaidh

## Feidhmeanna

Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chur chun cinn, tomhaltóirí a chosaint agus as nuálaíocht a spreagadh. Déileálaimid le ceisteanna casta maidir le dlí, eacnamaíocht, cuntasaíocht, rialú agus teicneolaíocht. Is é ár n-aidhm a chinntiú go ndéantar ár gcinntí a mhíniú go soiléir.

Tá ár gcuspóirí leagtha amach de réir reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí, agus leanann an creat reachtach sin ag forbairt. In 2007, rinneadh freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, mar aon le bearta forfheidhmiúcháin a bhí ar fáil, a mhéadú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Go sonrach, tugadh cumhachtaí an Achta Iomaíochta do ComReg maidir le cumarsáid leictreonach agus seirbhísí leictreonacha. I mí an Mheithimh 2009, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha reachtaíocht chun an fhreagracht as seirbhísí ardráta a aistriú chuig ComReg agus rinneadh an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) a shíniú ar 16 Márta 2010. I ndiaidh tréimhse aistrithe, thosaigh ComReg ag rialú sa réimse seo i mí Iúil 2010.

## Áirítear mar chuid dár sainchúram um líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide anois:

- Córais teileafóin thraidisiúnta
- Líonraí móibíleacha a sholáthraíonn seirbhísí gutha agus sonraí
- Cumarsáid raidió, lena n-áirítear raidió fosaithe gan sreang, a sholáthraíonn seirbhísí éagsúla
- Tarchur teilifíse agus raidió traidisiúnta
- Teilifís Chábla
- Seirbhís Dáilte Ilchainéil Ilphointe agus oibríochtaí sraonta a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse
- Scéimeanna ceadúnas 'Tástáil agus Triail'
- Creat Ceadúnúcháin le haghaidh Seirbhísí Satailíte in Éirinn
- Seirbhísí Ardráta

Cumasaíonn ComReg iomaíocht san earnáil chumarsáide trí iontráil sa mhargadh a éascú trí údarú ginearálta chun líonraí agus seirbhísí a chur ar fáil, agus trí rochtain ar líonraí a rialú ionas go ndéanfar rogha éifeachtúil a fhorbairt do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí cónaithe. In earnáil atá ag teacht chun cinn go gasta, i gcomhthéacs teicneolaíochta agus tráchtála araon, cuireann ComReg an creat ar fáil maidir le raon seirbhísí úra a thabhairt isteach lena n-áirítear, mar shampla, Líonraí na Chéad Ghlúine Eile, 4G, Achar Logánta Rochtana Fosaithe gan Sreang (FWALA) agus Scéim Ceadúnas 'Tástáil agus Triail'.

Faoi Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá raon feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg i dtaca le líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus post a chur ar fáil.

## Áirítear orthu siúd:

- Comhlíonadh oibleagáidí a chinntiú
- Iomaíocht a chur chun cinn
- Cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh
- Leasanna úsáideoirí laistigh den Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn
- Úsáid agus bainistíocht éifeachtúil as an speictream radaimhiníochta agus uimhreacha ón scéim uimhriúcháin náisiúnta a chinntiú
- Forbairt earnáil an phoist a chur chun cinn agus, go háirithe seirbhís uilíoch a bheith ar fáil

Ba é ar chothabháil na hOibleagáide Seirbhíse Uilíche (USO) a bhí an fócas sa rialáil maidir leis an tseirbhís phoist sa mhargadh léirscaoilte agus ar a chinntiú go raibh praghsanna An Post dírithe ar chostas. Tá ComReg freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsuithe ar cháilíocht na seirbhíse, trí spriocanna a leagan síos le haghaidh post a sheachadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht feidhmíochta seirbhíse i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos, de réir Caighdeáin Eorpacha. Tá tascanna úra á gcur i bhfeidhm ag ComReg lena haghaidh san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011. Cumhdaítear ár bpríomhghníomhaíochtaí sa

Tuarascáil Bhliantúil seo ó 1 Iúil 2011 go dtí deireadh 30 Meitheamh 2012.

# Is iad Rannáin ComReg agus a Stiúrthóirí ná:

### An Creat Margaidh - Stiúrthóir: George Merrigan

Tá an fhreagracht sa Chreat Margaidh as an speictream raidió a bhainistiú. Déantar maoirseacht ann chomh maith ar an gcóras um údarú ginearálta le haghaidh earnáil na cumarsáide leictreonaí in Éirinn agus déantar monatóireacht ann ar chomhlíonadh coinníollacha údaraithe ginearálta. Ina theannta sin, tá an fhreagracht ann as Earnáil an Phoist a rialú. Déantar bainistiú sa Chreat Margaidh ar an speictream raidió agus eisítear thart ar 16,000 ceadúnas Teileagrafaíochta Raidió ann chuig cuideachtaí agus daoine aonair éagsúla. Lena chois sin, riartar Plean Uimhriúcháin Náisiúnta na hÉireann sa Chreat Margadh, mar aon leis an gcreat um cheanglais rialála úra a sholáthar maidir le margaí fosaithe agus gan sreang araon.
**Teagmháil: Sinéad Devey,**
**Teil: 01 8049621**

### An Rannán Mórdhíola - Stiúrthóir: Dónal Leavy

Láimhseáiltear gach ceist a bhaineann le rialáil mhargadh na teileachumarsáide mórdhíola sa Rannán Mórdhíola, lena n-áirítear cúrsaí amhail idirnascadh, réiteach conspóide, díchuachadh na lúibe logánta agus praghsáil táirgí mórdhíola rialaithe. Tá ról sa Rannán seo fosta maidir le leathanbhanda a úsáid agus rochtain na chéad ghlúine eile. Tá freagracht sa Rannán Mórdhíola as comhlíonadh na teileachumarsáide. Tá freagracht sa Rannán seo chomh maith as gnéithe rialála airgeadais earnáil na teileachumarsáide.

**Teagmháil: Claire Kelly,**
**Teil: 01 8049710**

### An Rannán um Sheirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí - Stiúrthóir: Barbara Delaney

Láimhseáiltear beartas maidir le hidirghníomhaíocht tomhaltóirí go díreach le díoltóirí seirbhísí sa Rannán um Sheirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí. Áirítear air sin réimsí amhail soláthar seirbhíse uilíche um rochtain teileachumarsáide, cearta tomhaltóirí agus roinnt gnéithe maidir le praghsáil agus fánaíocht mhiondíola. Tá an fhreagracht ann chomh maith as idirghníomhaíocht ComReg le hinstitiúidí an AE, lena n-áirítear Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Tá freagracht ar na Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse agus ar rialú praghsanna na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS). Ó mhí Iúil 2012 i leith, tá freagracht ar an Rannán seo as seirbhísí ardráta a rialú.

**Teagmháil: Michelle O'Donnell,**
**Teil: 01 8049654**

### An Rannán um Sheirbhísí Corparáideacha - Stiúrthóir: Folamh

Déantar gnóthaí corparáideacha agus straitéisí cumarsáide ceannródaíocha a dheartar chun feidhmíocht agus éifeachtúlacht eagrúcháin a threisiú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa Rannán seo. Tá freagracht ann as na hacmhainní daonna, maoiniú, córais faisnéise, saoráil faisnéise, caidreamh poiblí, agus feidhmeanna bainistíochta saoráidí ginearálta agus bainistíocht straitéiseach don eagraíocht.
**Contact: Sharon Ward,**
**Tel: 01 8049720**

### An tArd-Abhcóide: Caroline Dee-Brown

Tugann an tArd-Abhcóide comhairle maidir le gach mórchúrsa dlí agus maidir leis na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le beartais um chumarsáid in Éirinn agus san AE.
**Teagmháil: Colette Andrews,**
**Teil: 01 8049644**

### Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíoch: Laura Brien

Tá an Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíoch freagrach as comhairle eacnamaíoch a chur ar fáil don Choimisiún agus as ionchur eacnamaíoch i bpríomhthionscadail eacnamaíocha a dhéanann ComReg.

**Teagmháil: Colette Andrews,**
**Teil: 01 8049644**




# Athbhreithniú an Chathaoirligh

Ba bhliain de dhul chun cinn láidir a bhí sa bhliain seo san earnáil cumarsáide agus i bhforbairt na rialála. Laghdaigh an t-ioncam foriomlán ón earnáil ó €3.87 billiún go €3.77 billiún, ag léiriú iomaíocht níos láidre san earnáil chomh maith leis an timpeallacht eacnamaíoch i gcoitinne. Lean na síntiúis leathanbhanda ag fás i rith na bliana, ag sroicheadh iomlán 1,654,157 faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012, agus tháinig feabhas ar luasanna leathanbhanda chomh maith. Tháinig laghdú ó €30 go €29 ar an Meánioncam in aghaidh an Úsáideora (ARPU) maidir leis an earnáil mhóibíleach, ag léiriú thionchar na hiomaíochta, go háirithe nuair a chuirtear seirbhísí móibíleacha san áireamh i dtairiscintí cuachta le seirbhísí cumarsáide leictreonaí eile. Bhain tomhaltóirí tairbhe as costais laghdaithe agus rogha níos fearr seirbhísí agus soláthraithe.

Forbairt fháilteach ba é éirí Eircom as an bpróiseas scrúdaitheoireachta i mí an Mheithimh 2012 toisc gur thug sé deis don chuideachta a struchtúr caipitil a leasú agus plean gnó cúig bliana a chur i bhfeidhm. Lean UPC, dá pháirt, de leathanbhanda cábla ardluais a chur i bhfeidhm dá líon iomlán custaiméirí. Lean na cuideachtaí móibíleacha de raon tairiscintí úra a thairiscint dá gcustaiméirí.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú tá roinnt tionscadal suntasach curtha ar aghaidh ag ComReg lena spreagfar agus lena neartófar iomaíocht laistigh d'earnáil na cumarsáide leictreonaí agus mar sin tairgfear níos mó rogha do thomhaltóirí gnó agus cónaithe. Áiríodh leis na tionscadail sin obair ar chreat úr maidir le Rochtain na Chéad Ghlúine Eile, ullmhúcháin chun ceant speictream ilbhanda sna bandaí 800, 900 agus 1800 MHz a thionól, Cód Cleachtais a chur i bhfeidhm maidir leis na Seirbhísí Ardráta a rialú, agus an creat um sheirbhísí poist uilíocha a bhunú.

## Leathanbhanda

Amhail ó Mheitheamh 2012 i leith bhí os cionn 1.6 milliún síntiúsóir leathanbhanda in Éirinn, méadú 1.6% ar 2011. De réir shonraí Scórchláir Chlár Oibre Digiteach an Choimisiúin Eorpaigh, ba ionann dul i bhfód tí na hÉireann ar leathanbhanda agus 65% i mí an Mheithimh agus ba ionann an leathanbhanda in aghaidh an duine - lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach - agus 36.1%

Le linn na tréimhse, chonacthas fás láidir ar ghlacadh leathanbhanda cábla le méadú os cionn 25%. Chomh maith leis sin, mhéadaigh glacadh comhcheangailte satailíte agus cábla snáthoptaice 36% le chéile.

Leanadh de mhéadú ar luasanna, agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo, bhí 20% de na síntiúsóirí leathanbhanda ar fad ag tairiscint luasanna sonraí cothrom le 10 Mbit nó níos mó ná sin, suas ó 12.5% ag deireadh mhí an Mheithimh 2011.

## Seirbhísí Móibíleacha

I mí an Mheithimh 2012, ba ionann líon na síntiúsóirí móibíleacha agus 5.5 milliún, méadú 2.1% thar na 12 mhí roimhe sin. Ba ionann dul i bhfód ar sheirbhísí móibíleacha na hÉireann agus 119.7%, agus úsáideoirí fón póca ag cur os cionn 900 milliún teachtaireacht téacs in aghaidh na míosa, ag léiriú go bhfuil úsáideoirí fón póca na hÉireann i measc na ndaoine is torthúla a chuireann teachtaireachtaí teacs san Eoraip. Aistríodh thart ar 418,958 uimhir fón póca idir oibritheoirí sa dhá mhí dhéag go dtí Meitheamh 2012, arb ionann é sin agus meán 34,913 in aghaidh na míosa thar an tréimhse.

## Gníomhaíochtaí Tomhaltóirí

Lean ComReg d'úsáideoirí a chosaint agus dá gcur ar an eolas faoi sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, i gcomhlíonadh a shainchúraim tomhaltóirí.

Thar an mbliain, rinne ComReg gníomhaíocht chomhlíontachta lena chinntiú gur chloígh oibritheoirí lena n-oibleagáidí rialála do chustaiméirí. I mí Aibreáin 2012, i ndiaidh imscrúdú ComReg maidir le neamhréiteach idir praghsanna a d'fhoilsigh Vodafone i gcomhair glaonna ar uimhreacha sna raonta uimhreacha 1520, 1580 agus 1590 agus na costais a gearradh ar chustaiméirí. D'aontaigh Vodafone €951,000 a íoc le ComReg as praghsanna ró-arda a ghearradh ar chustaiméirí fón póca réamhíoctha. Rinneadh na custaiméirí lena mbaineann a chúiteamh trína n-aisíoc le seic nó go díreach trí chreidmheas fóin, mar aon le híocaíocht bhreise mar chúiteamh.

I mí an Mheithimh 2012 rinneadh Eircom a athainmniú mar Sholáthraí na Seirbhíse Uilíche i gcomhair bunseirbhísí teileafónaíochta ar feadh tréimhse eile dhá bhliain. Creideann ComReg go bhfuil forais shóisialta agus eacnamaíocha araon ag baint leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche, toisc go soláthraítear seirbhísí ann chun cuidiú le húsáideoirí leochaileacha agus leo siúd atá in áiteanna iargúlta sa chás go bhféadfadh sé nach bhfreastalódh an margadh orthu ar chuma eile, agus é sin á dhéanamh, éascaítear níos mó rannpháirtíochta ó na húsáideoirí sin sa mhargadh.

Rinne ComReg obair shuntasach i dtaca le rialáil Seirbhísí Ardráta (PRS) chomh maith. I mí Aibreáin 2012, lainseáil ComReg Cód úr Cleachtais maidir le Seirbhísí Ardráta a bhí le teacht i bhfeidhm an 5 Meitheamh. I ndiaidh dúshlán dlí a rinne roinnt oibritheoirí PRS a thabhairt, cuireadh an Cód i bhfeidhm go hiomlán, lena dtugtar cosaint reachtúil láidir d'úsáideoirí PRS.

## Iomaíocht

In the reporting year, ComReg's competition work included the development and publication of a number of market reviews and pricing interventions, Key developments have included proposals for the regulation of Next Generation Access and for Fixed and Mobile Termination Rates, both which are shaped to promote the further development of competition in the communications marketplace, and take all due account of the European Commission's guidance in this area.

## Speictream Agus Nuálaíocht

I mí na Bealtaine 2012, leag ComReg an próiseas amach maidir le cearta um úsáid speictrim a dheonú sna bandaí 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz i gceant ilbhanda.

Tairgeadh cearta um úsáid speictrim sa cheant ar fud na dtrí bhanda chriticiúla sin le haghaidh na tréimhse 2013 go 2030. Tá 280 MHz de speictream fo-2 GHz (.i. 140 MHz de speictream péireáilte) á gcur ar fáil san iomlán, méid arb ionann é sin agus níos mó ná dhá uair an tsannta ceadúnaithe reatha sna bandaí áirithe sin. Cuirfidh an scaoileadh speictrim sin ar chumas oibritheoirí líonraí móibíleacha na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh chun seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh trína gcuirfear seirbhísí cumarsáide móibílí ar leibhéal úr agus i bhfad níos airde maidir le feidhmíocht.

I mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh ComReg a Straitéis um an Speictream Raidió a Bhainistiú le haghaidh na tréimhse 2011 go dtí 2013. Leagtar amach fís ComReg sa doiciméad seo i dtaca leis an dóigh a n-úsáidfimid an acmhainn nádúrtha ríthábhachtach, is é sin, an speictream raidió. Is é aidhm ComReg a chinntiú go mbainfidh Éire an leas is fearr agus is féidir i gcomhthéacs eacnamaíoch, straitéiseach agus sóisialta as an speictream raidió a úsáid.

## Post

Mar an Údarás Rialála Náisiúnta (NRA) d'earnáil an phoist, leag an tOireachtas ról ComReg i rialáil earnáil an phoist amach i mí Lúnasa 2011 trí achtú an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011. I ndiaidh rith na reachtaíochta sin, rinne ComReg an chéad bheart cuí trí chomhairliúchán poiblí ar raon feidhme na rialála arna leagan amach in Acht 2011 mar aon le sonraíocht maidir leis na seirbhísí poist uilíocha a bhí le cur ar fáil ag An bPost.

## Corparáideach

Tá sé mar aidhm ag ComReg a bheith ina chuideachta an-éifeachtúil agus nuálach agus a bheith ina ionad barr feabhais aitheanta agus a ról iomlán á ghlacadh aige maidir le geilleagar bunaithe ar eolas a mhúnlú agus a sheachadadh.

Lean ComReg de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil a fhoirne agus d'fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtúil. Bhí cumas ár bhfoirne leibhéil scile an-ard agus tiomantais a thaispeáint fíorthábhachtach dár rath i mbliana. Tugadh onóir do ComReg arís ag Gradaim Oiliúna agus Forbartha na hÉireann agus choinnigh sé Gradam Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta na hEarnála Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí a fheidhmíonn i dtimpeallacht atá ag forbairt i gcónaí, is dúshlán leanúnach é leanúint dár n-oibleagáidí a bhaint amach, agus muid ag obair faoi shrianta diana ar acmhainní. Sa bhliain airgeadais go dtí 30 Meitheamh 2012, rinneamar ár gcostais iomlána a laghdú faoin méid a tabhaíodh sa bhliain roimhe sin agus muid ag leanúint den treocht um laghdú costais le roinnt blianta. Déanaimid ár mbeartais agus ár nósanna imeachta maidir le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca a athbhreithniú agus a leasú ar bhonn leanúnach de réir mar is gá.

Bhí cur i bhfeidhm leanúnach an phlean soláthair ina dhóigh thábhachtach chomh maith maidir le cuspóirí beartais úra a sheachadadh, m.sh. ionchais gnóthachain éifeachtúlachta 10% breise de chostais neamhrialála. Le linn na bliana reatha, rinneamar tairiscint arís i gcomhair roinnt seirbhísí seachfhoinsithe lena n-áirítear seirbhísí glantacháin, seirbhísí párolla, agus seirbhísí deasc chabhrach TF chun luach ar airgead a chinntiú.

Tá ComReg cuntasach do roinnt coistí Dála, mar shampla, d'fhreastail na Coimisinéirí ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais (Cumarsáid agus Talmhaíocht) in Eanáir 2012 chun raon iomlán ceisteanna atá faoina sainchúram a phlé.

## Conclúid

Bhí an bhliain go dtí 30 Meitheamh 2012 ina bliain thábhachtach aistrithe, le forbairt creata rialála úra le haghaidh Dhámhachtain an Speictrim Ilbhanda, Leathanbhanda na Chéad Ghlúine eile, Rátaí Foirceanta Fosaithe agus Mhóibíligh, Seirbhísí Ardráta agus Seirbhísí Uilíocha maidir le Cumarsáid Phoist agus Leictreonach araon. Le chéile, tá an acmhainneacht ag na struchtúir rialála úra sin leis an earnáil a chur ar leibhéal úr feidhmíochta, le cáilíocht, rogha agus luach feabhsaithe do gach úsáideoir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann chumasach agus thiomanta ComReg as a n-obair chrua ar shraith láidir aschuir a sheachadadh.

### Príomhshonraí teagmhála:

**Oifig na gCoimisinéirí**

An Coimisinéir Kevin O'Brien

Teagmháil: Marie Cussen
**Teil: 01 8049689**

Teagmháil: Colette Andrews
**Teil: 01 8049644**

2

# Forbhreathnú Ar An Earnáil Chumarsáide: Meitheamh 2012

De réir sonraí ón bPríomhoifig Staidrimh, ba ionann Olltáirgeacht Náisiúnta na hÉireann le haghaidh na gceithre ráithe go dtí deireadh an dara ráithe i 2012 agus thart ar €128.4 billiún, agus ba ionann ioncam na hearnála teileachumarsáide a tuairiscíodh do ComReg agus thart ar €3.77 billiún.

- De réir sonraí ón bPríomhoifig Staidrimh, ba ionann Olltáirgeacht Náisiúnta na hÉireann le haghaidh na gceithre ráithe go dtí deireadh an dara ráithe i 2012 agus thart ar €128.4 billiún, agus ba ionann ioncam na hearnála teileachumarsáide a tuairiscíodh do ComReg agus thart ar €3.77 billiún.

- Tháinig laghdú 0.3% ar luach na hearnála teileachumarsáide sa dara ráithe in 2012 agus laghdaigh sé 2.6% sa dá mhí dhéag go dtí Meitheamh 2012.

- As an €3.77 billiún d'ioncam iomlán a gineadh, ba ionann ioncam ó earnáil na líne fosaithe (lena n-áirítear leathanbhanda) agus 52.8%, agus chuir an earnáil mhóibíleach le 42.5% den ioncam. Ba ionann ioncam craolacháin (bunaithe ar ioncam ó sholáthraithe cábla agus na Seirbhíse Dáilte Ilchainéil agus Ilphointe (MMDS) amháin) agus an 4.7% eile.

- Ba ionann an ráta dul i bhfód[1] ar sheirbhísí móibíleacha in aghaidh an duine in Éirinn (bunaithe ar 5,490,261 síntiús móibíleach, lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach) ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 agus 119.7% i gcomparáid le 117.4% i mí an Mheithimh 2011.

- Ba ionann an ráta dul i bhfód ar leathanbhanda in aghaidh an duine in Éirinn (bunaithe ar 1,654,157, lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach) ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus 37.5%. Ba ionann an ráta dul i bhfód tí ar leathanbhanda fosaithe[2]] (bunaithe ar 920,413 síntiús leathanbhanda chónaithe fostaithe) ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 agus 55.6%.

- Tháinig méadú 1.6% ar líon na síntiús iomlán leathanbhanda sa bhliain go dtí mí an Mheithimh 2012. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh síntiúis chábla 25.3% agus síntiúis 'eile' (cábla snáthoptaice/satailít) 35.8%, cé gur tháinig sé sin ó bhonn íseal. Tharla laghdú i ngach ardán eile maidir le síntiúis thar an tréimhse. Amhail ó Mheitheamh 2012, bhí 16,286 síntiús caolbhanda nó diailchaoi in Éirinn, laghdú 52.3% ó bhí Meitheamh 2011 ann.

- Tá infheistíocht i leathanbhanda agus bonneagar na chéad ghlúine eile fós ina phríomhfhócas ag déantóirí beartas agus imreoirí tionscail. D'fhógair oibritheoirí roinnt infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar agus i seirbhísí. D'fhógair Eircom go raibh os cionn 300,000 custaiméir ag úsáid a sheirbhíse um Leathanbhanda na Chéad Ghlúine Eile (NGB) ar an leibhéal mórdhíola agus miondíola. Nuair a bheidh cur i bhfeidhm beartaithe an NGB críochnaithe, beidh os cionn milliún (75%) líne oibrithe nasctha le malartáin NGB-chumasaithe.

- De réir Suirbhé Bunaithe um Thomhas Lucht Féachana Teilifíse Nielsen, amhail ó 20 Bealtaine 2012, bhí síntiús cábla nó satailíte ag díreach os cionn 81% de na tithe[3] ar fad ina raibh teilifís in Éirinn. Léirítear i sonraí Nielsen chomh maith go bhfuil síntiús digiteach i 79% de na tithe ar fad ina bhfuil teilifís in Éirinn.

1 Bunaithe ar shonraí Daonáirimh CSO 4,588,252 le haghaidh R2 2012

2 Bunaithe ar shonraí Daonáirimh CSO 1,654,208 teaghlach

3 Measann Nielsen go bhfuil 1.591 milliún teach in Éirinn ina bhfuil teilifís

3

# Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí

Is é sprioc fhoriomlán ComReg i dtaca le cosaint tomhaltóirí ná eolas a thabhairt do thomhaltóirí, idir thomhaltóirí cónaithe agus gnó, agus iad a chumhachtú agus a chosaint, agus infhaighteacht seirbhís uilíoch teileachumarsáide a chinntiú.

Tá dul chun cinn maidir le gnéithe éagsúla an róil leagtha amach thíos mar leanas:

- Eolas a thabhairt do thomhaltóirí, iad a chumhachtú agus a chosaint.
- Leas tomhaltóirí a chinntiú
- Infhaighteacht seirbhís uilíoch teileachumarsáide a chinntiú.

## Eolas a thabhairt do thomhaltóirí, iad a chumhachtú agus a chosaint

I gcomhthéacs ról Tomhaltóirí ComReg maidir le leasanna tomhaltóirí a chosaint, féachann ComReg do thomhaltóirí a chumhachtú trí phróiseas láimhseála gearán éifeachtach a thairiscint agus trí infhaighteacht eolais chuí agus thrédhearcaigh a chinntiú ag an am céanna. Féachann ComReg do riachtanais deighleoga tomhaltóirí a shainaithint amhail gnólachtaí, tomhaltóirí aonair, daoine faoi mhíchumas agus tomhaltóirí leochaileacha maidir le cumarsáid leictreonach.

Déanann ComReg monatóireacht ar fhorbairtí trí idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla ag úsáid meicníochtaí éagsúla amhail ár Líne Tomhaltóirí, ár láithreáin Ghréasáin a bhfuil gradam faighte againn ina leith, clár For-rochtana, Painéal Comhairleach Tomhaltóirí ComReg, an Fóram maidir le Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine faoi Mhíchumais agus suirbhéanna agus ionchur ábhartha ó eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil idirchaidreamh dlúth againn leo.

## Láithreáin Ghréasáin do Thomhaltóirí

Leanann ComReg dá chinntiú chomh maith go bhfuil tomhaltóirí feasach faoi fhorbairtí agus seirbhísí ábhartha úra, tríd an eolas neamhspleách ar ár láithreáin Ghréasáin www.askcomreg.ie, www.callcosts.ie agus www.phonesmart.ie a fheabhsú.

Soláthraítear eolas ginearálta ar **www.askcomreg.ie** do thomhaltóirí maidir le cumarsáid leictreonach agus seirbhísí poist.

Tugann láithreán Gréasáin **www.callcosts.ie** comparáid praghsanna ComReg deis do thomhaltóirí a n-úsáid aonair i gcomhair líne talún, fón póca agus/nó leathanbhanda a ionchur agus tá na ríomhanna bunaithe ar phleananna praghais a sholáthraíonn na Soláthraithe Seirbhíse.

Tá saoráid áisiúil ar an láithreán Gréasáin ardrátaí **www.phonesmart.ie** chun ainm agus sonraí teagmhála sholáthraí seirbhíse an ardráta a sheiceáil agus é bunaithe ar uimhir cúig dhigit.

Tugadh thart ar 300,000 cuairt ar na láithreáin Ghréasáin sin agus breathnaíodh thart ar 500,000 uair orthu mar thoradh ar na cuairteanna sin, le linn na tréimhse.

## Trédhearcacht Praghsanna agus airíonna seirbhíse eile

Aithníonn ComReg an gá le heolas a thabhairt do thomhaltóirí mar is cuí d'fhonn roghanna a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach, agus go háirithe de réir mar a dhianaíonn an iomaíocht i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíocha deacra. Maidir leis sin, lean ComReg ag obair leis an tionscal lena chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn ábhartha ar fáil do thomhaltóirí i bhformáid inchomparáide, struchtúrtha agus shothuigthe trí láithreán Gréasáin ComReg www.callcosts.ie, ar ar cuireadh feabhas le linn na tréimhse.

Chun cuidiú le tomhaltóirí cinntí ceannaigh eolasacha a dhéanamh, chuir ComReg tús le tionscadal (ina raibh tairiscint i gceist) agus ba é an aidhm ná modheolaíocht agus uirlis a fhorbairt agus a phíolótú chun luasanna leathanbhanda tomhaltóirí a thomhas agus a fhoilsiú agus ardáin éagsúla á n-úsáid.

## An Clár For-rochtana

Lean Foireann Tomhaltóirí ComReg dá gclár for-rochtana le linn na tréimhse seo trí sheastáin tomhaltóirí a thionól ag an seó 'Over 50s' i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus Taispeántas Eolaithe Óga BT i mí Eanáir 2012. Le linn na bliana, mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha teagmháil a dhéanamh le custaiméirí, chuireamar leabhair treorach tomhaltóirí ar fáil do roinnt Leabharlannaithe Contae lena scaipeadh ar a líonra leabharlann. Lena chois sin, thionólamar clinic do thomhaltóirí i Leabharlann na hInse, Co. an Chláir i mí Mheán Fómhair 2011. I rith na bliana, tháirg ComReg Leabhar Treorach nua Tomhaltóirí dar teideal - *"Your guide to telephone numbers and charges"*

## Fóram ComReg do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanann ComReg dá chuid oibre ar an bhFóram maidir le Cumarsáid Leictreonach do Dhaoine faoi Mhíchumais, a bhunaigh ComReg lena chuspóir reachtúil um leasanna tomhaltóirí ar a bhfuil riachtanais speisialta a chur chun cinn. Oibríonn ComReg leis an tionscal agus le comhlachtaí ionadaíocha, tríd an bhFóram, chun leasanna úsáideoirí faoi mhíchumas a chur chun cinn agus d'oibrigh sé i dtreo bearta a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach. D'oibrigh ComReg leis an bhfóram chun a chomhairliúchán a ullmhú maidir le bearta chun rochtain agus rogha chothrom a chinntiú do thomhaltóirí faoi mhíchumas, de réir Rialachán 17(a) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche.

# Leas agus Cosaint Tomhaltóirí a Chinntiú

## Teagmhálacha Tomhaltóirí

Leanann ComReg de sheirbhís láimhseála gearán ardchaighdeáin a chur ar fáil dá thomhaltóirí, agus chomh maith le comhrá gréasáin, ríomhphost agus ár líne tomhaltóirí. Tá seirbhís teachtaireachtaí téacs á tairiscint againn anois ionas gur féidir le tomhaltóirí teachtaireacht téacs a chur leis an bhfocal "ComReg" chuig 51500 agus glao a fháil ar ais ó cheann dár ngníomhaithe. Le linn na bliana tugadh freagra ar 92.4% de na glaonna ar fad ó thomhaltóirí ar Líne Tomhaltóirí ComReg laistigh de 20 soicind.

Le linn na tréimhse Iúil 2011 go Meitheamh 2012 rinne tomhaltóirí teagmháil linn maidir le thart ar 34,000 ceist, lena n-áirítear ceisteanna faoi na seirbhísí ardráta agus gach cineál eile ceiste.

## Ceisteanna maidir leis an tSeirbhís Ardráta

Bhain 13,298 d'iomlán na gceisteanna le seirbhísí ardráta, agus bhain an formhór dóibh le seirbhísí síntiús móibíleach (sa chás go raibh muirear ath-fhillteach ar an tomhaltóir). Bhí na príomhcheisteanna a tharraingt tomhaltóirí maidir leis na seirbhísí ardráta catagóirithe faoi na ceannteidil "séanadh síntiúis", "deacracht le díliostáil" agus "iarratas ginearálta ar dhíliostáil". As na ceisteanna uile a logáladh, réitíodh 94% díobh laistigh de 10 lá agus 97% díobh laistigh de 20 lá.

Le linn na tréimhse, ghéaraigh ComReg thart ar 1,000 ceist chuig 36 Soláthraí Seirbhíse PRS mar ghearáin thar ceann tomhaltóirí. As líon iomlán na ngearán a géaraíodh, réitíodh 45% díobh laistigh de 10 lá agus 64% laistigh de 20 lá.

## Ceisteanna Eile Tomhaltóirí

Ba iad tomhaltóirí gnó a d'ardaigh 1,596 d'iomlán na gceisteanna agus bhain an formhór díobh le conarthaí agus cáilíocht líonra. Le linn na tréimhse, rinneadh os cionn 1,000 ceist ó thomhaltóirí gnó a ghéarú chuig Soláthraithe Seirbhíse, agus réitíodh 83% díobh laistigh de 20 lá.

Ardaíodh an 19,253 ceist eile maidir le gach ceist eile ó thomhaltóirí. Bhain na príomhcheisteanna a ardaíodh le conarthaí, billeáil agus cáilíocht agus cumhdach líonra.

As na 20,849 ceist a logáladh réitíodh 88% díobh laistigh de 10 lá agus 95% laistigh de 20 lá. Lena chois sin, le linn na tréimhse rinneadh 6,000 ceist eile ó thomhaltóirí a ghéarú chuig 66 Soláthraí Seirbhíse. As iomlán na ngearán a géaraíodh, réitíodh 62% díobh laistigh de 10 lá agus dúnadh 84% dóibh laistigh de 20 lá.

## Ceisteanna Conarthaí

Le linn na tréimhse, lena ComReg de mhonatóireacht a dhéanamh ar chonarthaí maidir le comhlíonadh na rialachán ábhartha agus d'fhoilsigh sé faisnéis do thomhaltóirí i dtaca lena gcearta maidir le hathruithe ar chonarthaí agus déanfaidh sé tuilleadh faisnéise suas chun dáta a fhoilsiú, más cuí. Ar aon dul leis an gcreat rialála úr, chuir ComReg tús lena phróiseas comhairliúcháin maidir le formáid na bhfógraí.

## Ceisteanna Tráthúla

Cuimsíonn ár ról maidir le cosaint agus feasacht tomhaltóirí réimsí úra freagrachta agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn chomh maith. Sa bhliain atá faoi athbhreithniú, ba iad na ceisteanna is suntasaí a bhí i gceist ná seirbhísí ardráta, seirbhísí freagartha glaonna éigeandála, fánaíocht agus billeáil agus an creat rialála úr.

## Seirbhísí Ardráta

I mí Iúil 2010, rinne an Rialtas reachtaíocht a achtú ina ndéantar foráil do rialáil seirbhísí ardráta (PRS) a aistriú chuig ComReg. Is ionann luach iomlán margaidh na hearnála PRS in Éirinn agus thart ar €60 milliún. I mí Iúil 2010, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, Doiciméad 10/27 ComReg, d'fhoilsigh

ComReg a chinneadh maidir le raon feidhme rialáil PRS agus rialacháin ina leagtar amach na cinntí sin agus na coinníollacha a bhaineann le ceadúnais PRS.

I mí Iúil 2011, d'fhoilsigh ComReg a Fhreagra ar an gComhairliúchán, Doiciméad 10/92a ComReg (Dréachtchód Cleachtais - Seirbhísí Ardráta) agus Comhairliúchán Eile ar an Dréachtchód Cleachtais, Doiciméad 11/51 ComReg. I bhFógra Faisnéise a foilsíodh an 5 Aibreán 2012[1], chuir ComReg an pobal ar an eolas faoina chinneadh Cód úr Cleachtais maidir le Seirbhísí Ardráta (PRS) a chur i bhfeidhm, le teacht i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2012.

An 2 Meitheamh 2012, chuir an Ard-Chúirt bac ar chur i bhfeidhm ailt 4.15, 4.22, 5.13-5.15 agus 5.64 den Chód Cleachtais, i diaidh iarratas a rinneadh léi. Chuir ComReg an bac sin in iúl don phobal trí Fhógra Faisnéise arna dhátú an 2 Meitheamh 2012[2]. An 25 Iúil 2012, bhain an Ard-Chúirt an bac. Dá réir sin, tá na forálacha sin i bhfeidhm go hiomlán anois, agus bhí an chuid eile den Chód Cleachtais i bhfeidhm ón 5 Meitheamh 2012. Áirítear leis an gCód úr forálacha breise lena bhfuil sé beartaithe a chinntiú go bhfaighidh úsáideoirí deiridh eolas níos fearr faoi chostais PRS agus faoi mhinicíocht na gcostas, go háirithe maidir le Seirbhísí Síntiúis, sula dtabhófar iad. De réir a oibleagáide reachtúla, tá ComReg tiomanta go hiomlán do chinntiú go ndéantar leas úsáideoirí deiridh PRS a chosaint.

Soláthraíonn láithreán Gréasáin ComReg www.phonesmart.ie comhairle maidir le seirbhísí ardráta agus a n-úsáid. Ina theannta sin, tá seiceálaí uimhreacha ar an láithreán Gréasáin trínar féidir le tomhaltóirí bunús gearrchód cúig dhigit a sheiceáil, rud a chuirfear ar a gcumas teagmháil a dhéanamh go díreach leis an soláthraí seirbhíse faoina bhfiosrú.

Le linn na tréimhse, d'fhoilsigh ComReg sonraí maidir le torthaí neamhchomhlíonta[3] agus ceadanna a tugadh de réir Alt 3.3 den Chód úr ar www.phonesmart.ie.

1 ComReg12/30
2 ComReg12/58
3 D'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise (ComReg 12/12) maidir leis seo chomh maith.

## Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

I mí Feabhra 2009, chuaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna isteach i gconradh le BT Ireland chun oibríocht na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) a chur ar fáil in Éirinn. Chuir BT Ireland tús le hoibríochtaí beo i mí Iúil 2010, agus, i mí Dheireadh Fómhair 2010, cuireadh in ionad Eircom iad go foirmiúil mar sholáthraí ECAS. Tá an tseirbhís á feidhmiú de réir na sonraíochtaí cáilíochta a leag an tAire amach sa chonradh. Tá freagracht reachtúil ar ComReg as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse sholáthraí ECAS agus as athbhreithniú a dhéanamh ar an Táille Láimhseála Glaonna (CHF) a d'fhéadfadh ECAS a ghearradh.

I mí na Nollag 2011, chinn ComReg, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chostais a thabhaigh soláthraí an ECAS chun an CHF uasta €3.35 a choinneáil in aghaidh an ghlao le haghaidh na tréimhse 12 Feabhra 2012 go dtí 11 Feabhra 2013. Ní ghearrtar táille ar thomhaltóirí as glaonna ar 999 nó 112 toisc go n-íocann an líonra teileachumarsáide tíolactha an costas sin.

Bunaíodh treoirthionscadal chun measúnú a dhéanamh ar úsáid SMS chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála i mí Eanáir 2012 faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna. Dearadh an treoirthionscadal a bhí le reáchtáil ar feadh sé mhí i dtosach go príomha chun cumarsáid phobal na mbodhar agus na ndaoine a bhfuil lagú éisteachta acu leis na seirbhísí éigeandála a neartú agus tá sé sin á thacú ag formhór na soláthraithe líonra mhóibíligh in Éirinn. Cuireadh an treoirthionscadal ar bhonn buan ina dhiaidh sin. Tá tuilleadh eolais maidir leis an tionscadal ar fáil ar thairseach thiomanta na gCoimisinéirí www.112.ie.

## An Rialachán um Fhánaíocht

Leanann ComReg dá chuid oibre maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin um Fhánaíocht ag comhlachtaí Fóin Phóca na hÉireann. Ba iad seo a leanas na príomhphointí

a sonraíodh i dtuarascáil[4] ComReg le haghaidh na tréimhse 1 Iúil 2011 go dtí 31 Nollaig 2011;

- Leanann na meánphraghsanna fánaíochta miondíola le haghaidh glaonna gutha a rinneadh agus a fuarthas ag léiriú comhlíontachta leis na teorainneacha praghais rialála.
- Bhí an meánphraghas miondíola chun teachtaireacht téacs a chur agus duine ag fánaíocht fós gar don chaidhp rialaithe 11 cent (gan CBL san áireamh) ach píosa níos airde ná meán 10 cent an AE/LEE (gan CBL san áireamh) in aghaidh na sonraí teachtaireachtaí téacs a cuireadh agus duine ag fánaíocht.
- Tháinig fás mór ar mhéid an tráchta fánaíochta miondíola (réamhíoctha agus iar-íoctha) thar na tréimhsí a tuairiscíodh. Bhí na toirteanna in Éirinn 3 huaire níos airde i ráithe 4 in 2011 i gcomparáid le ráithe 4 in 2008.
- Ní raibh caidhp praghais rialáilte ar bith i bhfeidhm maidir le praghsanna fánaíochta sonraí miondíola le haghaidh na tréimhse seo.
- Le haghaidh ráithe 4 2011, bhí praghas fánaíochta sonraí réamhíoctha miondíola neamhghrúpa na hÉireann in aghaidh an Mbit €2.20 níos airde ná meán an AE/LEE de €1.59 ach bhí praghas fánaíochta iar-íoctha miondíola neamhghrúpa na hÉireann in aghaidh an Mbit €0.85 níos ísle ná meán €1.51 an AE/LEE.

Rinne ComReg beart comhlíontachta maidir leis an Rialachán um Fhánaíocht le linn na tréimhse.

Chun feasacht agus trédhearcacht do thomhaltóirí a chur chun cinn tuilleadh i gcás fánaíochta, soláthraítear faisnéis do thomhaltóirí ar láithreán Gréasáin ComReg www.callcosts.ie/roaming faoi fhánaíocht le fón póca, treoir maidir le fánaíocht le fón póca agus áireamhán fánaíochta le fón póca a chuidíonn le tomhaltóirí an costas a bheidh ar a n-úsáid fánaíochta bheartaithe a mheas.

4 ComReg 12/83

## An creat rialála úr agus tomhaltóirí

D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an pacáiste rialacháin teileachumarsáide is déanaí den AE an 1 Iúil 2011. Sna rialacháin sin déantar an creat rialála Eorpach (a foilsíodh in 2002 agus a leasaíodh i mí na Nollag 2009) a thrasuí agus baineann roinnt impleachtaí do líon páirtithe leasmhara leo, lena n-áirítear tomhaltóirí, oibritheoirí, úsáideoirí an speictrim, agus ComReg. Go ginearálta, déanfar foráil sna rialacháin do chosaint fheabhsaithe tomhaltóirí trí athruithe amhail scéimeanna um chúiteamh éigeandála a bheith ag oibritheoirí. Tá roinnt impleachtaí ann chomh maith d'oibritheoirí, agus tá cuid díobh leagtha amach san fhógra faisnéise Doiciméad ComReg 11/48, agus do ComReg i gcomhthéacs a chuspóirí agus a chumhachtaí bainteacha.

### Rinneadh roinnt feabhsuithe ar chearta tomhaltóirí mar thoradh ar na rialacháin úra.

### Is iad seo leanas sampla de na cearta feabhsaithe seo:

- Tugadh isteach rialacha úra maidir le ceart tomhaltóirí a n-uimhreacha a choinneáil má athraíonn siad a soláthraí seirbhíse ("aistriú"). Tugtar níos mó intuarthachta do shíntiúsóirí leis seo maidir leis an am a ghlacann sé leis an soláthraí seirbhíse a athrú, ag tabhairt deise dóibh a uimhir a aistriú go dtí soláthraí seirbhíse eile laistigh de lá oibre amháin.

- Déantar foráil do cheart sainiúil chun cúitimh do shíntiúsóirí i gcás moille nó mí-úsáide ar an nós imeachta um aistriú uimhreach.

- Ní mór d'oibritheoirí an fhéidearthacht a thairiscint síntiús a íoc le conradh ar feadh uastréimhse 12 mhí, agus caithfidh nach bhfeidhmeodh coinníollacha agus nósanna imeachta eile maidir le foirceann conartha mar dhídhreasacht do thomhaltóirí a soláthraí seirbhíse a athrú.

- Teidlíocht i leith faisnéis fheabhsaithe lena chinntiú go dtuigeann tomhaltóirí na seirbhísí lena n-íocann siad síntiús agus cad is féidir leo a dhéanamh agus nach féidir leo a dhéanamh leis na seirbhísí sin. Ní mór na híosleibhéil cáilíochta seirbhíse atá á dtairiscint a shonrú sna conarthaí tomhaltóirí chomh maith.

- Feabhsuithe ar cheanglais maidir le soiléireacht cumarsáide na n-athruithe ar na conarthaí, trína chur ar chumas ComReg formáid na bhfógraí a shonrú maidir le hathruithe ar chonarthaí agus gnéithe breise lena n-áirítear bunleibhéal na mbillí miondealaithe a chuirtear ar fáil do shíntiúsóirí saor in aisce.

- Rinneadh forálacha a bhaineann le rochtain agus rogha chothrom maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí d'úsáideoirí faoi mhíchumas a neartú agus tugadh isteach cosaintí úra maidir le cumarsáid gan iarraidh.

## Infhaighteacht Seirbhís Uilíoch Teileachumarsáide a Chinntiú

Gné lárnach dár gcuid oibre maidir le cosaint tomhaltóirí ná infhaighteacht seirbhís uilíoch teileachumarsáide a chinntiú. I mí an Mheithimh 2012, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, rinneadh Eircom a ath-ainmniú mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíche (USP) ar feadh tréimhse dhá bhliain, go dtí 30 Meitheamh 2014, de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáid Leictreonach) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011.

In 2008 shonraigh ComReg spriocanna bliantúla feidhmíochta cháilíocht na seirbhíse maidir le soláthar gnéithe áirithe den tseirbhís uilíoch. I mí an Mheithimh 2010, bhunaigh Eircom Clár um Fheabhas ar Fheidhmíocht na Cáilíochta Seirbhíse (USO), le spriocanna agus bannaí feidhmíochta bliantúla gaolmhara.

Lena chois sin, mheas Eircom go mbeadh infheistíocht bhliantúil os cionn €30m i gceist in 2010/2011 agus 2011/2012. I mí Lúnasa 2012 bhunaigh Eircom Clár um Fheabhas ar Fheidhmíocht na Cáilíochta Seirbhíse (USO) mar aon le spriocanna feidhmíochta bliantúla gaolmhara agus meicníocht airgeadais chun feidhmíocht a chinntiú. Ina theannta sin, mheas Eircom go mbeadh infheistíochtaí bliantúla €30.5m i gceist in 2012/2013 agus €20.5m in 2013/2014. Leanann ComReg de mhonatóireacht a dhéanamh ar thiomantais Eircom maidir leis an gclár thuas agus leis na spriocanna arna sonrú ag ComReg in 2008. Leanann ComReg d'fheidhmíocht Cháilíocht Seirbhíse Eircom a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil agus bliantúil.

I mí na Bealtaine 2011, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, d'eisigh ComReg Cinneadh Dhoiciméad ComReg D04/11 maidir leis na prionsabail agus na modheolaíochtaí chun an glanchostas a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a sholáthar a dhearbhú. Chuir an cinneadh sin an bonn ar fáil faoina ríomhtar an glanchostas a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a chur ar fáil agus cuirfidh sé sin ar chumas ComReg a dhearbhú cibé an mbeadh an glanchostas, más ann dó, ina ualach éagórach ar an soláthraí seirbhíse uilíche nó nach mbeadh. Rinne Eircom iarratas an 31 Bealtaine 2012 le haghaidh na tréimhse 2009/10 agus tá measúnú á dhéanamh ag ComReg ar an iarratas sin faoi láthair.

# 4 Iomaíocht

Maidir le hiomaíocht, is é aidhm ComReg ná rochtain agus infheistíocht maidir le líonraí leathanbhanda ardluais a spreagadh trí iomaíocht trasardáin, agus rialáil mhórdhíola a úsáid go héifeachtúil agus go cuí chun deiseanna a chruthú d'iomaíocht dhinimiciúil agus inmharthana.

Tá breac-chuntas déanta thíos ar an dul chun cinn maidir leis na gnéithe éagsúla seo den ról mar seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm Rochtain iomaíoch na Chéad Ghlúine Eile a spreagadh
- Dinimiceas agus nuálaíocht a chur chun cinn san earnáil trí iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar nó ar sheirbhís, de réir mar is cuí

## Forbhreathnú

Leanadh de threocht i dtreo margaidh atá níos iomaíche agus níos dinimiciúla a bheith níos feiceálaí le blianta beaga anuas i rith thréimhse na tuarascála seo. Tugadh an fhorbairt sin a theastaigh faoi deara go háirithe i gceantair uirbeacha sa chás gur chuir líonra UPC 6,251 síntiús lena bhonn custaiméirí idir ráithe 2 2011 agus ráithe 2 2012 agus lean BT dá láithreacht bunaithe ar DLL a fhairsingiú. Forbairt thábhachtach le linn na tréimhse ná fógra Eircom i mí Iúil 2011 go raibh cur i bhfeidhm uasghrádaithe ar Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA), Cábla Snáthoptaice go Colbha (FTTC) beartaithe aige. Chumasódh sé sin luasanna 30Mbit go 50Mbit agus d'fhéadfaí uasghrádú a dhéanamh arís níos déanaí go dtí luasanna sa bhreis ar 80M/bit. Bhí na luasanna is déanaí teagmhasach le húsáid leithead banda ag neartú teicneolaíochtaí amhail treorialú. Bhí fógra Eircom i gcomhthéacs uasghrádú líonra UPC go dtí caighdeán DOCSIS 3.0, trínar féidir luasanna sa bhreis ar 100Mbit a sholáthar.

## Treochtaí Miondíola

Le linn na tréimhse tháinig laghdú ar scair mhiondíola Eircom den ioncam líne fosaithe ar an iomlán ó 59% go 55% den mhargadh. Laghdaigh a scair den ioncam um sheirbhísí gutha lena n-áirítear ioncam a fuarthas ó rochtain (.i. líne ar cíos) ó 69.2% go 66.9%. Mhéadaigh an dul i bhfód ar an margadh leathanbhanda fosaithe miondíola ó 22.8% go 23.6%.

De réir sonraí ón bPríomhoifig Staidrimh, ba ionann ráta dul i bhfód líonta tí na hÉireann ar an leathanbhanda agus 65% in 2011 i gcomparáid le meánráta dul i bhfód 67% an AE. Ba ionann scair mhiondíola Eircom den mhargadh leathanbhanda fostaithe ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 agus 42.5% i dtéarmaí líonta síntiúsóirí, laghdú 3.9 pointe céatadáin i gcomparáid le bliain amháin roimhe sin. Bhí scair UPC méadaithe ó 21.7% go 26.2% sa tréimhse sin. Ba iad oibritheoirí eile a chuir thart ar 24% de shíntiúis leathanbhanda fostaithe ar fáil agus iad ag úsáid sruth giotán mórdhíola Eircom agus táirgí DLL.

## Rochtain Na Chéad Ghlúine Eile

Bhí sé beartaithe go mbeadh rochtain ag thart ar 610,000 teach (thart ar thrian de na tithe ar fad) ar luasanna ceannlíne de thart ar 100Mbit faoi dheireadh 2012, trí uasghrádú líonra UPC den chuid is mó. Sna ceantair nach raibh cábla iontu, bhí rochtain go ginearálta ag tomhaltóirí ar luasanna ceannlíne idir 3Mbit agus 24Mbit (ag brath ar an gceantar) trí líne fostaithe, seirbhisí móibíleacha agus satailíte, agus chuir seirbhísí fosaithe gan sreang luasanna níos airde ar fáil i roinnt ceantar.

I mí Iúil 2011 d'fhógair Eircom pleananna chun a líonra féin a uasghrádú trí theicneolaíocht FTTC a chur i bhfeidhm. Agus é beartaithe i dtosach 100,000 teach a chumhdach ag tráth na lainseála, rinneadh an lorg sin a fhairsingiú go dtí 200,000. Dúirt Eircom gurb é a ullmhian é a chur i bhfeidhm go dtí thart ar 900,000 teach. Bunaíodh fóram tionscail, faoi chathaoirleacht ComReg i mí Dheireadh Fómhair 2011 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt tairgí mórdhíola cuí ar chomhéadain trína mbeadh oibritheoirí eile ábalta úsáid a bhaint as líonra Eircom dá dtairiscintí miondíola féin. Ba iad na táirgí mórdhíola lena raibh an chosúlacht is mó go mbainfí úsáid fhorleathan astu ná táirge Shruth Giotán Rochtain na Chéad Ghlúine Eile agus Táirge na Rochtana Díchuachta Fhíorúil. Bhí lainseáil tráchtála beartaithe ag Eircom le haghaidh mhí Feabhra 2013.

Ó pheirspictíocht rialála de, chuaigh ComReg i ndáil comhairle faoin gceanglas maidir le rialáil Líonraí Rochtain na Chéad Ghlúine Eile in athbhreithnithe margaidh a foilsíodh in 2010 agus 2011 - Doiciméad ComReg 11/40. Mhol ComReg rialáil an NGA, ach staon sé ó chinneadh a dhéanamh faoi na sonraí beachta go dtí go mbeadh tuilleadh eolais ar fáil. A luaithe a thug Eircom a fhógra, bhí ComReg ábalta dul ar aghaidh leis an gcineál rialála a d'fhéadfadh a bheith i gceist a shonrú agus d'fhoilsigh sé comhairliúchán maidir leis sin an 4 Aibreán 2012, Doiciméad ComReg 12/27 - Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA): Leigheasanna Molta i gcomhair Margaí NGA.

## Forbairtí Mórdhíola Eile

Rinne oibritheoirí a úsáideann líonra Eircom a seasamh a chomhdhlúthú i dtéarmaí iomlána le linn na tréimhse. Mhair toirteanna de Dhíchuachadh na Lúibe Logánta (DLL) cothrom ag thart ar 60,000 ag deireadh mhí an Mheithimh 2012. Tháinig méadú 0.6 pointe céatadáin go 24% ar líon iomlán na gcustaiméirí leathanbhanda miondíola a ndearnadh soláthar dóibh ag úsáid DLL nó Sruth Giotán sa bhliain go dtí 30 Meitheamh 2012. Mhéadaigh líon na gcustaiméirí a bhí ag úsáid Cíos Líne Mórdhíola ó 416,601 go 447,851 cosán rochtana idir ráithe 2 2011 agus ráithe 2 2012.

## Anailís Mhargaidh

Déantar raon feidhme agus cineál na rialála teileachumarsáide a chinneadh in Éirinn trí phróiseas atá leagtha amach i ndlí na hEorpa ar a dtugtar anailís mhargaidh. Mar chuid den phróiseas, ní mór do ComReg a shainiú ar dtús cad iad na margaí a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme na

rialála , i ndiaidh féachaint ar liosta de mhargaí molta a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach. I ndiaidh an margadh ábhartha a shainiú, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuideachta nó cuideachtaí ar bith ina n-aonar nó go páirteach ceannasach laistigh den mhargadh sin. Má chinneann sé go bhfuil oibritheoir ceannasach ar bith ann ní mór dó leigheas amháin ar a laghad a fhorchur d'fhonn éifeacht an cheannais sin a mhéadú agus é bunaithe ar liosta atá leagtha amach sa reachtaíocht. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go dteastódh oibritheoir ceannasach ó ComReg chun a líonra a oscailt d'iomaitheoirí ar an leibhéal mórdhíola. Go praiticiúil, dírítear an chuid is mó den rialáil teileachumarsáide ar an leibhéal mórdhíola; ag deireadh 30 Meitheamh 2012 ní raibh ach margadh miondíola amháin faoi réir rialála - an margadh um rochtain líne (cíos líne).

Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'eisigh ComReg cinneadh ar an anailís mhargaidh maidir le Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola (Doiciméad ComReg 11/49 arna eisiúint an 8 Iúil 2011). Sa pháipéar sin, chinn ComReg go raibh Eircom ceannasach agus d'fhorchuir sé roinnt leigheasanna lena n-áirítear an oibleagáid maidir le rochtain a sholáthar ar sheirbhísí leathanbhanda mórdhíola agus oibleagáid maidir le rialú praghsanna chomh maith. Chinn ComReg chomh maith go raibh leathanbhanda mórdhíola thar Rochtain na Chéad Ghlúine Eile soghabhálach i leith na rialála seo.

An 23 Bealtaine 2012, chuaigh ComReg i ndáil comhairle ar an anailís mhargaidh maidir le foirceann guthghlao fón póca mórdhíola. Sa togra sin mhol ComReg gur cheart do líon oibritheoirí, lena n-áirítear na ceithre oibritheoir líonraí móibíleacha a bheith faoi réir rialála maidir leis na táillí a ghearrann siad ar oibritheoirí eile as glaonna a aistríonn líonraí eile chucu a chur i gcrích. Mar chuid den chomhairliúchán, mhol ComReg gur cheart an praghas a ghearrtar ar na seirbhísí foirceanta sin a rialáil. Chuaigh ComReg i ndáil comhairle ar leithligh maidir le conas ba cheart é sin a dhéanamh go beacht i bpáipéar inar pléadh an cheist chomhfhreagrach maidir le foirceann glao fhosaithe chomh maith. Foilsíodh é sin mar Dhoiciméad ComReg 12/67 Rátaí Foirceanta Gutha in Éirinn - Rialáil Mholta Praghsanna maidir le Rátaí Foirceanta Fosaithe agus Mhóibíligh.

Bhain anailísí margaidh eile a bhí ar bun ag deireadh na tréimhse le bunús gutha fhosaithe, trasdul gutha fhosaithe, rochtain fhosaithe mhiondíola agus tarchur craolacháin mórdhíola.

## Praghsáil

Rinneadh roinnt tionscadal suntasach maidir le praghsáil mhórdhíola a chur i gcrích nó a chur chun cinn le linn na bliana.

I nDoiciméad ComReg 11/67, d'fhorchuir ComReg rialuithe praghais úra maidir le Bunús Glaonna Mórdhíola agus Trasdul Glaonna. Go hachomair, bhí na rialuithe sin ann lena chinntiú go gcuirfí dóigheanna éagsúla maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí gutha mórdhíola sin a sholáthraíonn Eircom ar chomhchéim .i. nach mbeadh dreasachtaí oibritheoirí iontrála maidir leis an dóigh a dtéann siad isteach sa mhargadh díchumtha go míchuí.

I nDoiciméad ComReg 11/72 chuaigh ComReg i ndáil comhairle ar an dóigh a raibh sé beartaithe aige na beartáin a dhíolann Eircom a rialáil. Moladh athruithe áirithe sa pháipéar lena chinntiú go raibh an rialáil ag teacht leis na coinníollacha iomaíocha mar atá siad i gcodanna éagsúla den tír agus bhí méid áirithe soiléireachta ann maidir leis an dóigh a dtiocfadh sé sin chun cinn de réir mar a fhorbródh an iomaíocht. Rinneadh scrúdú sa pháipéar chomh maith ar an dóigh a bhféadfaí na beartáin ina gcuimsítear seirbhísí neamhrialála a rialáil.

I nDoiciméad ComReg 11/99, shonraigh ComReg gur laghdaigh Eircom a rátaí bunús agus foirceanta glaonna mórdhíola 5% arís. Bhí sé sin mar aon le laghdú comhiomlán 15% ó bhí 2010 ann.

I nDoiciméad ComReg 12/03, rinne ComReg cinneadh maidir leis an dóigh ba cheart praghsáil deighleoga foirceanta mórdhíola línte léasaithe a rialáil. Tá na deighleoga líne léasaithe sin ina n-ionchur tábhachtach sa mhargadh um leathanbhanda gnó.

Bhain ceann de na cinntí is tábhachtaí le praghsáil teicneolaíocht, líne léasaithe úr, Ethernet, a raibh laghduithe suntasacha praghais mar thoradh air d'úsáideoirí na teicneolaíochta sin i gcomparáid le teicneolaíochtaí oidhreachta.

An 5 Aibreán 2012, d'eisigh ComReg Cinneadh 06/12 i nDoiciméad ComReg 12/32. Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola: Sonraíocht Eile leis an Oibleagáid um Rialú Praghsanna agus Leasú ar an Oibleagáid um Thrédhearcacht. Sa chinneadh sin, leag ComReg, inter lia, rialacha amach maidir le praghsáil Leathanbhanda Mórdhíola a bhí beartaithe lena chinntiú nach spreagfaí oibritheoirí go míchuí chun seirbhísí Leathanbhanda Mórdhíola a úsáid i gcomparáid le díchuachadh na Lúibe Logánta.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

I mí an Mheithimh 2011, d'eisigh ComReg cinneadh inar dtugadh údarás do Eircom Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhoilsiú ina ndearnadh comparáid idir a fheidhmíocht seirbhíse mhiondíola agus mhórdhíola thar líon paraiméadar áirithe. Foilsíodh na méadrachtaí sin le linn na tréimhse agus tá siad ar fáil i rannán na faisnéise ar rialáil ar láithreán Gréasáin Eircom www.eircom.ie.

## Comhlíonadh

Maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialála mórdhíola d'oscail ComReg 61 imscrúdú úr agus dhún siad 41 imscrúdú ar meánfad tréimhse cáis 5 mhí. Ba ionann líon iomlán na gcásanna oscailte ag deireadh na bliana agus 40.

An 1 Iúil 2011, faoi Alt 23(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáid Leictreonach)(Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2012, tugadh an chumhacht do ComReg chun ceangal a dhéanamh, de réir cáis, chun bac a chur ar rochtain ar uimhreacha nó seirbhísí agus chun a cheangal ar ghnóthais ioncam ábhartha idirnaisc agus seirbhísí eile a choinneáil siar sa chás go bhfuil fianaise ann ar chalaois nó ar mhí-úsáid. Tá na cumhachtaí faoi Rialacháin 23(2) gairmthe chun críocha calaois agus mí-úsáid uimhreacha Éireannacha a chosaint agus chun úsáideoirí deiridh agus oibritheoirí araon a chosaint.

Measann ComReg gur féidir an chumhacht sin a ghairm i gcúinsí amhail bradaíl PBXanna (córas teileafóin cuideachtaí). Sa chineál mí-úsáide sin, faigheann an bradaí rochtain go cianda ar PBX cuideachta agus tosaíonn sé ag déanamh glaonna ar cinn sprice idirnáisiúnta. Is é aidhm an bhradaí ná toirt ard glaonna a ghiniúint chuig ceann sprice faoi leith a ghineann ioncam don bhradaí. D'fhéadfadh sé go ngearrfadh a soláthraí cumarsáide billí ar an gcuideachta ar íospartach na mí-úsáide í na mílte Euro as na glaonna sin. Sna cúinsí sin, cuireann na cumhachtaí úra sin ar chumas ComReg idirghabháil a dhéanamh sna socruithe billeála a bhíonn casta chomh minic sin idir soláthraithe cumarsáide baile agus idirnáisiúnta agus a cheangal go ndéantar na híocaíochtaí a bhíonn i gceist mar thoradh ar an gcineál sin mí-úsáide a choinneáil siar. Go tipiciúil, nuair a dhéanann ComReg idirghabháil mar sin, ní ghearrfaidh an soláthraí cumarsáide an bille as na glaonna ar an gcuideachta ar a ndearnadh bradaíl. Sa tréimhse 1 Iúil 2011 go dtí 30 Meitheamh 2012, tá iomlán agus 21 imscrúdú úr ar mhí-úsáid oscailte ag an bhfoireann um Chomhlíonadh Mórdhíola agus tá 5 imscrúdú curtha i gcrích aici.

# 5 Nuálaíocht

## Tá sé mar aidhm ag ComReg nuálaíocht a chur chun cinn trí:

## Oibríochtaí Speictrim

Teicnící, seirbhísí agus feidhmchláir úra bunaithe ar an speictream a éascú

Speictream breise a scaoileadh lena chinntiú go bhfuil go leor acmhainne ann do sholáthraithe seirbhísí chun táirgí leathanbhanda ardluais a thairiscint.

## Post

Creat rialála intuartha a sholáthar sa mhargadh chun seirbhís phoist a sholáthar

Forbairt earnáil phoist a chur chun cinn

Forbairt iomaíochta sa mhargadh chun seirbhís phoist a sholáthar a éascú

## Pleanáil Chun Cinn

Creat rialála intuartha a sholáthar chun tacú le forbairt agus infheistíocht NGA

Nuálaíocht táirgí a chumasú trí fhreagairt ar choinbhéirseacht earnála, go háirithe maidir le seirbhísí cuachta a sholáthar.

Imscrúdú a dhéanamh ar thodhchaí fhadtéarma speictream UHF agus bandaí eile, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha

Éire a chur chun cinn mar an ionad barr feabhais i gcomhair taighde agus nuálaíochta sa speictream agus tástáil a dhéanamh ar theicnící, seirbhísí agus feidhmchláir úra atá bunaithe ar an speictream.

Cinnteacht rialála a sholáthar maidir le cinntí infheistíochta trí chur le margadh Eorpach aonair a fhorbairt le haghaidh ECS

Aistriú eolais a éascú tríd an gcleachtas rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha is fearr a roinnt.

## Ceisteanna maidir le Bainistíocht Speictrim - Straitéis chun an Speictream Raidió a Bhainistiú 2011 - 2013

Is meán é an speictream raidió trínar féidir faisnéis a tharchur gan sreang thar fhaid ó chúpla méadar go dtí na mílte ciliméadar. Tá sé éirithe riachtanach do sholáthar leanúnach ár gcumarsáide móibílí atá uileláithreach anois agus i nglacadh gan sreang ár seirbhísí craolacháin.

Tá sé bunúsach i dtaca le hoibríocht shábháilte iompair aeir agus mhuirí agus le hoibríocht laethúil na bhfórsaí cosanta agus na seirbhísí éigeandála. Tá rochtain ar an speictream raidió ríthábhachtach chomh maith i dtaca lena lán feidhmchláir eolaíochta thábhachtacha. Mar sin féin, is acmhainn nádúrtha chríochta é agus mar sin ní mór an leas is fearr a bhaint as.

I mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh ComReg a Straitéis chun an Speictream Raidió a Bhainistiú in Éirinn le haghaidh na tréimhse 2011 go 2013, Doiciméad ComReg 11/89.

Le linn na tréimhse sin, déanfar roinnt athruithe tábhachtacha ar leithdháiltí speictrim in Éirinn. Is é aidhm ComReg a chinntiú go mbainfidh Éirinn na tairbhí eacnamaíocha, straitéiseacha agus sóisialta is mó as úsáid an speictrim raidió.

Bhreathnaigh ComReg ar an gcion eacnamaíoch atá déanta trí úsáid an speictrim raidió do gheilleagar na hÉireann agus measann sé gurbh ionann an cion i gcomhair 2009 (na sonraí is déanaí atá ar fáil) agus €3.6 billiún, nó 2.2% den iomlán OTI. Rinneadh meastachán coimeádach maidir le líon na bpost in Éirinn a bhraitheann ar úsáid an speictrim raidió a mheas ag thart ar 26,000 maidir le 2009.

**Bhí roinnt príomhspreaghthach mar bhonn eolais ar straitéis bhainistíochta speictrim ComReg, lena n-áirítear:**

- Éileamh a bhí ag méadú go tapa ó thomhaltóirí le haghaidh rochtain uileláithreach idirlín ardluais maidir le gairis fhosaithe agus mhóibíleacha;
- éileamh méadaithe ar sheirbhísí cumarsáide gan sreang, ag cruthú an riosca brúite líonra agus cáilíocht laghdaithe seirbhísí;
- an timpeallacht eacnamaíoch reatha agus na dúshláin a chuireann sé os comhair na hinfheistíochta caipitiúla;
- teacht chun cinn teicneolaíochtaí raidió úra ag gealladh éifeachtacht speictrim níos mó (amhail Rochtain Pacáiste Ardluais Éabhlóidithe (HSPA+), Éabhlóid Fhadtéarma (LTE) agus Raidió Cognaíoch); agus
- Comhchuibhiú méadaithe na mbandaí speictrim is mó a bhfuil éileamh orthu ar fud na hEorpa de réir treoracha agus cinntí Eorpacha, á dhéanamh ríthábhachtach do ComReg leasanna na hÉireann i bhforbairt beartas bainistíochta speictrim sa todhchaí a chur i láthair.

**Is iad seo a leanas na príomhthascanna is dóchúla a bheidh i gceist maidir leis an speictream raidió a eascróidh as an Ráiteas Straitéise 2011 - 2013:**

- an próiseas comhairliúcháin a thabhairt chun críche thart ar scaoileadh, ar bhonn lán-léirscaoilte, na díbhinne digití 800 MHz agus na mbandaí 900 MHz agus 1800 MHz;
- éascú chur i bhfeidhm na Teilifíse Trastíre Digití (DTT) i mbandaí Ultra-Ardmhinicíochta (UHF) IV agus V faoi 790 MHz, agus múchadh an tarchuir teilifíse analógaí in 2012;
- breathnú ar bhandaí minicíochta úra le haghaidh naisc fhostaithe a scaoileadh chun freastal ar éilimh mhargaidh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar scéim cheadúnúcháin um Achar Logánta Rochtana Fosaithe gan Sreang (FWALA) sna bandaí minicíochta 3.6 GHz, 10.5 GHz agus 26 GHz;
- breathnú ar úsáid amach anseo an bhanda 2.6 GHz, ag cur san áireamh cearta na gceadúnaithe reatha mar aon le breathnú ar an ionchur a rinneadh go dtí seo; agus
- comhairliúchán a dhéanamh ar eile roghanna scaoilte teicniúla agus speictrim theicniúil i dtaca

leis an mbanda minicíochta 2300-2400 MHz.

## Plean Radaimhiníochta

Tá sé d'oibleagáid ar ComReg de réir an dlí Plean Náisiúnta Radaimhinicíochta a fhoilsiú ina dtugtar mionsonraí faoi na leithdháiltí radaimhinicíochta in Éirinn, agus meastar gur foinse ríthábhachtach faisnéise é do thomhaltóirí, ceadúnaithe, déantóirí agus oibritheoirí.

Tharla roinnt athruithe ar úsáid an speictrim raidió ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i ndiaidh leagan go hiomlán úr agus tugtha suas chun dáta a fhoilsiú i mí na Samhna 2008, d'fhoilsigh ComReg leaganacha eile suas chun dáta i mí na Nollag 2009, mí na Nollag 2010 agus mí na Nollag 2011 - Doiciméad ComReg 11/101 - ag teacht leis an reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach is déanaí mar aon le hathrú ar stádas líon teoranta bandaí speictrim. Léirítear na hathruithe go léir suas go dtí deireadh 2011 sa leagan is déanaí agus sonraítear úsáid na mbandaí minicíochta éagsúla ann mar aon le húsáidí na mbandaí sin san Eoraip.

## An Clár um Fhorbairt Speictrim

Soláthraíonn suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús íseal daonra príomhbhuntáiste nádúrtha, is é sin, flúirse choibhneasta speictrim nár úsáideadh. Leis sin agus le clár ceadúnúcháin um Thástáil agus Triail ComReg, Tástáil agus Triail Éireann, tríd an mbuntáiste nádúrtha sin is féidir le fiontraithe, taighdeoirí agus forbróirí teicneolaíochtaí gan sreang é a thástáil agus a thriail i raon leathan bandaí minicíochta, lena n-áirítear codanna de na bandaí móibíleacha agus craolacháin. Tá láithreán Gréasáin bunaithe ag ComReg www.testandtrial.ie atá tiomnaithe d'Éirinn a chur chun cinn mar shuíomh foirfe chun na táirgí agus seirbhísí úra speictream raidió a thástáil agus a thriail agus i measc nithe eile, tá faisnéis ann maidir leis na tairbhí a bhaineann leis an gclár d'úsáideoirí chomh maith le liosta iar-úsáideoirí a thabhairt.

Le linn na bliana, d'eisigh ComReg 24 ceadúnas um Thástáil agus Triail chuig ceadúnaithe éagsúla, lena n-áirítear ollscoileanna, ionaid taighde, déantóirí teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse teileachumarsáide. Éascaíonn ceadúnais tástála tástáil a dhéanamh ar ghairis gan sreang chun críocha taighde, forbartha agus léiriúcháin, agus éascaíonn ceadúnas Trialach na gníomhaíochtaí sin chomh maith le triail a dhéanamh ar sheirbhísí úra chun aiseolas custaiméirí a bhailiú sular ndéanfar lainseáil tráchtála. Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhain raon teicneolaíochtaí gan sreang leas as an tsaoráid um Thástáil agus Triail Éireann lena n-áirítear seirbhísí móibíleacha agus craolacháin, an t-ardtionscadal leictreachais agus Méadraithe Chliste agus tionscadail eile ina ndearnadh scrúdú ar úsáidí nuálacha na teicneolaíochta gan sreang.

## Scaoileadh Speictream Ilbhanda

Chuaigh ComReg i ndáil comhairle go fairsing maidir leis na cearta um úsáid speictrim sna bandaí minicíochta 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz a scaoileadh

An 16 Márta 2012, d'fhoilsigh ComReg, ina chumas mar bhainisteoir ar speictream raidió na hÉireann, a fhreagra ar chomhairliúchán agus ar chinneadh maidir le líon ceart aonair um úsáid speictrim sna trí bhanda speictream raidió sin a chur ar ceant i nDoiciméad ComReg 12/25 agus i gCinneadh 04/12[1].

Tairgfear cearta um úsáid speictrim sa cheant ar fud na dtrí bhanda chriticiúla sin le haghaidh na tréimhse 2013 go 2030. San iomlán, cuirfear 280 MHz de speictream fo-2 GHz (.i. 140 MHz de speictream péireáilte) ar fáil, arb ionann é sin agus níos mó ná dhá uair an tsannta ceadúnaithe reatha sna bandaí áirithe sin. Cuirfidh an scaoileadh speictrim sin ar chumas oibritheoirí líonraí móibíleacha na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh

1 Doiciméad ComReg 12/25 - Freagra ar an gComhairliúchán agus ar gCinneadh maidir le scaoileadh na mBandaí Speictrim Raidió 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz - foilsithe an 16 Márta 2012.

chun seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh trína gcuirfear seirbhísí cumarsáide móibílí ar leibhéal úr agus i bhfad níos airde maidir le feidhmíocht.

Tá suim shuntasach faighte ag ComReg sa phróiseas comhairliúcháin sin, a léiríodh tríd an toirt ard ábhair a fuarthas, ina gcuimsítear aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara.

Is é an banda 900 MHz an príomhbhanda reatha a úsáidtear chun seirbhísí móibíleacha GSM nó '2G' (an dara glúin) a sholáthar amhail teachtaireachtaí gutha agus téacs SMS. Úsáidtear an banda 1800 MHz chomh maith chun seirbhísí GSM a úsáid, chun cumas breise a sholáthar i gceantair uirbeacha go príomha, áit a bhfuil an t-éileamh is airde.
Go dtí le gairid, bhí na bandaí 900 MHz agus 1800 MHz á gcoimeád le haghaidh úsáid GSM amháin, ach thug an Coimisiún Eorpach údarás go ndéanfaí an dá bhanda a 'léirscaoileadh', rud a chiallaíonn gur féidir iad a úsáid amach anseo chun ardseirbhísí móibíleacha a chur ar fáil, amhail sonraí leathanbhanda mhóibíligh ag úsáid teicneolaíochtaí 3G agus 4G in éineacht le GSM.

Tá an banda 800 MHz á úsáid faoi láthair chun seirbhísí teilifíse trastíre analógaí a chur ar fáil. I ndiaidh seirbhísí teilifíse trastíre digití a thabhairt isteach agus múchadh na seirbhísí analógacha, áfach, beidh an banda sin ar fáil le haghaidh ath-leithdháilte ar sheirbhísí móibíleacha.

Breathnaítear ar na trí bhanda go huilíoch a bheith an-oiriúnach i gcomhair seirbhísí móibíleacha trí bhua á n-airíonna leathnaithe, ag cumasú cumhdach leathan ceantair agus treá inmheánach éifeachtúil, agus mar sin ag éascú soláthar cumhdach líonra mhóibíligh náisiúnta ardchaighdeáin ar chostas réasúnta.

Curtha leis an bhfíorthábhacht leis an speictream seo, tá an ghné shuntasach de chastacht theicniúil a bhaineann le pleanáil i gcomhair próiseas dámhachtana lena mbaineann trí bhanda speictrim éagsúla, dhá cheann díobh lena bhfuil ceadúnais GSM reatha atá réidh le héag ag pointí éagsúla idir 2012 agus 2016. Chuir ComReg chuig an bpróiseas seo le cúram agus aird shuntasach, bunaithe ar scrúdú iomlán agus críochnúil ar gach rogha ábhartha, ag cur san áireamh na haighneachtaí seachtracha ar fad agus an t-ábhar eacnamaíoch, dlíthiúil agus teicniúil atá ar fáil dó.

Is é an croí-chinneadh ar ar tháinig ComReg ná próiseas ceant oscailte a thionól maidir le gach ceart speictrim sna bandaí 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz. Chinn ComReg go bhfuil an cur chuige sin níos fearr i gcomparáid le próiseas dámhachtana a bhaineann le hiomaíocht theoranta nó gan iomaíocht ar bith a bheith i gceist maidir le cearta um úsáid speictrim, ina ndámhfaí cearta um úsáid speictrim ar oibritheoirí trí bhua a gcúraim bheinifíse go simplí.

Ceadófar trádáil cearta speictrim sna bandaí minicíochta sin agus leagfaidh ComReg a thograí amach ar leithligh bunaithe ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le trádála speictrim in am agus i dtráth.

Tá sé beartaithe ag ComReg an ceant a thionól le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile.

## Todhchaí an bhanda 2500-2690 MHz (2.6 GHz)

I mí na Bealtaine 2010, d'fhoilsigh ComReg a Fhógra Faisnéise, Doiciméad ComReg 10/38, inar lorgaíodh tuairimí maidir le seirbhísí féideartha sa bhanda 2.6 GHz agus a gceanglais speictrim lena mbaineann. I bhfreagraí ar an bhFógra Faisnéise, tugadh raon leathan ceisteanna chun cinn do ComReg, ar gá breathnú orthu ina athbhreithniú leanúnach ar an mbanda.

Chun an t-athbhreithniú seo a chur ar aghaidh tuilleadh, d'fhoilsigh ComReg a Chomhairliúchán (Doiciméad 11/80) i mí na Samhna 2011 agus thug sé cuireadh i gcomhair tuairimí ar dhá chúrsa. Ar an gcéad dul síos tugadh fógra ann maidir lena rún na coinníollacha ceadúnais um na trí cheadúnas (Córas Dáilte Mhicreathonnacha Ilphointe (MMDS))

a leasú sa bhanda 2.6 GHz atá i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath, Gaillimh agus Port Láirge ionas go gcomhchríochnóidh siad i mí Aibreáin 2014.

Ar an dara dul síos, d'fhostaigh ComReg comhairleoirí neamhspleácha Aegis Systems Limited arna chuidiú ag Plum Consulting Limited (Aegis agus Plum) chun tuarascáil a sholáthar maidir le féidearthacht theicniúil an bhanda 2.6 GHz a bheith á gcomhroinnt ag na córais MMDS agus NGMB. Tugadh an cúram do Aegis agus Plum chomh maith athbhreithniú eacnamaíoch a sholáthar maidir le leithdháileadh an bhanda le haghaidh MMDS nó NGMB amháin. Thug ComReg cuireadh ansin do pháirtithe leasmhara trácht a dhéanamh ar an tuarascáil a d'fhoilsigh sé mar Dhoiciméad ComReg 11/80a - 'Staidéar Teicniúil agus Eacnamaíoch ar Chórais Dáilte Mhicreathonnacha Ilphointe agus Seirbhísí Leathanbhanda Mhóibíligh na Chéad Ghlúine Eile sa Bhanda 2500 - 2690 MHz'.

I mí Feabhra 2012, i ndiaidh breathnú go cúramach ar thuairimí na bhfreagróirí, d'fhoilsigh ComReg a fhreagra ar chomhairliúchán Dhoiciméad ComReg 12/09, mar aon le cinneadh ar a thogra maidir leis na trí cheadúnas reatha MMDS atá ag UPC a leasú mar a leagadh amach i gCinneadh ComReg 03/12.

I nDoiciméad ComReg 12/09, leag ComReg amach a rún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbanda 2.6 GHz, lena n-áirítear athbhreithniú ar oibríocht na gceadúnas reatha laistigh den bhanda. De réir Rialacháin 7 agus 8 de na Rialacháin Radai-Theileagrafaíochta (Córas Dáilte Micreathonnach Ilphointe) 2003, dearbhóidh ComReg ar cheart nó nár cheart na ceadúnais reatha sa bhanda sin a fhairsingiú ar feadh tréimhse eile suas le 5 bliana ón 19 Aibreán 2014. Rachaidh ComReg i ndáil comhairle ar an gcúrsa sin sa chéad tréimhse tuairiscithe eile agus sula ndéanfaidh sé cinneadh ar bith maidir leis an gcúrsa.

## Coinníollacha teicniúla maidir le Craolachán Analógach

Rinneadh na coinníollacha teicniúla maidir le bunú agus oibriú stáisiún VHF FM (An-ardmhinicíocht - Modhnú Minicíochta) sa tseirbhís raidió neamhspleách sa bhanda minicíochta 87.5 - 108 MHz a leagan amach i ndoiciméad a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Fuinnimh agus Cumarsáide a bhí ann ag an am i mí Mheán Fómhair 1995 (T&RT 95/10).

Maidir le RTÉ, bhí na coinníollacha teicniúla maidir le bunú agus oibriú stáisiúin VHF-FM sa bhanda minicíochta 87.5 - 108 MHz agus LF/MF AM (Modhnú Aimplitiúide Ísealmhinicíochta/Meánmhinicíochta) sna bandaí minicíochta 150 - 285 kHz nó 525 - 1605 kHz de réir cheadúnas RTÉ de Dhoiciméad ComReg 05/13a, rud a foilsíodh ar 22 Feabhra 2005.

Tá na coinníollacha teicniúla maidir le stáisiúin VHF FM le haghaidh na seirbhíse raidió neamhspleáiche agus RTÉ mar an gcéanna go bunúsach, cé nach gcuimsítear na coinníollacha teicniúla maidir le stáisiúin LF/MF AM i ndoiciméad T&RT 95/10.
.
I mí na Nollag 2011, d'fhoilsigh ComReg a Fhógra Faisnéise, Doiciméad ComReg 11/95 chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na Coinníollacha Teicniúla molta maidir le tarchuradóirí craolachán raidió analógaigh. Ba é an cuspóir leis na coinníollacha teicniúla molta um raidió analógach ná na coinníollacha teicniúla maidir leis na stáisiúin VHF FM agus LF/MF AM ar fad a chomhdhlúthú sna bandaí minicíochta 150 - 285 kHz, 525 - 1605 kHz agus 87.5 - 108.0 MHz. Bheadh na coinníollacha teicniúla molta infheidhme ansin maidir le conraitheoirí raidió neamhspleácha BAI agus seirbhísí raidió a fheidhmíonn RTÉ araon.

Fuair ComReg trácht amháin maidir lena Fhógra Faisnéise, Doiciméad ComReg 11/95, a mheas sé a bheith cuí é a chuimsiú ina choinníollacha teicniúla maidir le craolachán raidió analógaigh. Foilsíodh an Fógra Faisnéise, Doiciméad ComReg 12/04 i mí Feabhra 2012 agus bhí an leagan deireanach de Dhoiciméad ComReg, Coinníollacha Teicniúla

12/04a le ceangal le ceadúnas arna eisiúint ag ComReg maidir le Banda VHF II (FM), LF-AM nó seirbhís craolacháin raidió analógaigh MF-AM.

## Ceadúnú Sraonairí

Bhunaigh Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide (ODTR) a bhí ann ag an am sin an bhunscéim um cheadúnú sraonairí i 1999, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí (Doiciméad ODTR 99/55). Bunaíodh an scéim faoi na Rialacháin Radai-Theileagrafaíochta (Athchur Clár Teilifíse UHF) 1999 (I.R. 348/1999).

Tugadh ceadúnais i dtosach d'oibritheoirí sraonairí ionas go mbeadh siad ábalta na ceithre chainéal trastíre analógacha náisiúnta ón RA a atarchur chuig a gcustaiméirí. Bhí ceangal ar oibritheoirí sraonairí ceithre chainéal minicíochta a shainaithint a bhféadfaí ceadúnas a thabhairt dóibh ina leith chun na críche sin.

Ceadaíodh soláthar seirbhísí sraonaire faoin scéim sna ceantair gheografacha sin amháin nach raibh an tseirbhís teilifís chábla ar fáil iontu, agus cuireadh an tuairim in iúl go ndéanfaí an scéim a chríochnú nuair a thabharfaí isteach an Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT), agus ag an am sin, bhíothas ag súil leis sin a chur i bhfeidhm in 2001.

Toisc nach ndearnadh DTT a lainseáil in 2001, rinneadh an scéim um cheadúnú sraonairí a athnuachan in 2001, le leasú ar na Rialacháin um Shraonairí 1999, agus rinneadh í a athnuachan arís in 2003, 2006 agus 2009 le sraith úr Rialachán um Shraonairí gach uair. I mí an Mhárta 2012, thionóil ComReg comhairliúchán, Doiciméad ComReg 12/18, inar moladh gur cheart an scéim um cheadúnú sraonairí a thabhairt chun críche an 31 Nollaig 2012. I mí an Mheithimh 2012, fuair ComReg freagra amháin go díreach ar a chomhairliúchán agus thacaigh sé sin le moladh ComReg. Ag cur san áireamh nach bhfuarthas tuairimí contrártha, chinn ComReg gan an scéim a fhairsingiú thar dheireadh 2012.

Tá an scéim reatha i bhfeidhm faoi na Rialacháin Radai-Theileagrafaíochta (Athchur Clár Teilifíse UHF) 2009 (I.R. 445/2009) agus beidh deireadh léi an 31 Nollaig 2012. Críochnóidh gach ceadúnas reatha ar an dáta sin agus ní dhéanfar iad a athnuachan nó a fhairsingiú thar an dáta sin, de réir Rialachán 6(4) de na Rialacháin um Shraonairí.

## Craoladh Digiteach

I rith na bliana tuairiscithe, lean ComReg dá chuid oibre i dtaca le pleanáil speictrim maidir leis an teilifís dhigiteach, lena n-áirítear comhordú idirnáisiúnta na minicíochtaí raidió riachtanacha. I mí an Mheithimh 2012, rinne ComReg idirbheartaíocht le rialtóir teileachumarsáide na Ríochta Aontaithe, Ofcom, maidir le comhphlean speictrim chun athfheirmeoireacht a éascú ar suas le hocht n-ilphléacs DTT sa bhanda 470-790 MHz. Tríd an obair phleanála speictrim thábhachtach sin cinntítear go bhfuil an banda 800 MHz ar fáil le haghaidh cumarsáid leictreonach neamhchraolacháin, i ndiaidh múchadh an tarchuir chraolacháin teilifíse, agus an t-athrú go tarchur digiteach (DSO).

Tá an acmhainneacht ann leis an aistriú ó chraoladh analógach go digiteach in Éirinn chun méideanna suntasacha de speictream luachmhar a chur ar fáil sa bhanda Ultra-Ardmhinicíochta (UHF) ar féidir é a úsáid i gcomhair seirbhísí feabhsaithe/breise teilifíse agus i gcomhair seirbhísí úra agus nuálacha cumarsáide leictreonaí. Déanfar múchadh an tarchuir craolachán teilifíse analógaí agus an t-athrú go dtí tarchur digiteach (DSO) in Éirinn an 24 Deireadh Fómhair 2012.

## Teiliméadracht VHF agus UHF

I mí na Nollag 2011, d'fhoilsigh ComReg raon moltaí sa Doiciméad Comhairliúcháin 11/94 maidir le ceadúnú seirbhís teiliméadrachta a nuachóiriú.

### Ba iad an dá phríomhathrú a mhol ComReg:

- ná an dóigh a bhfuil an speictream sannta sna bandaí VHF agus UHF faoi láthair a atheagrú, ionas gur féidir le seirbhísí teiliméadrachta fosaithe agus seirbhísí raidió gnó mhóibílígh leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainn an speictrim agus comhaireachtáil leanúnach a chinntiú ag an am céanna; agus
- ceithre chatagóir úra ceadúnais a thabhairt isteach a bheidh saincheaptha d'úsáideoirí teiliméadrachta d'fhonn an próiseas ceadúnúcháin a chuíchóiriú agus d'fhonn an t-ualach riaracháin maidir le ceadúnais iolracha a athnuachan ar bhonn bliantúil a íoslaghdú.

Tabharfaidh ComReg tuairisc suas chun dáta ar an gceist sin sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

## Comhlíonadh an Speictrim

Cinntítear i rannán ComReg um Chomhlíonadh Speictrim go gcloíonn gach úsáideoir den speictream raidió le coinníollacha nó rialacháin ceadúnais ábhartha d'fhonn trasnaíocht ar úsáideoirí raidió eile a chosc. Nuair a tharlaíonn trasnaíocht, tá ComReg freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar an gceist thar ceann an cheadúnaí. Le linn na tréimhse Iúil 2011 - Meitheamh 2012 fuarthas gearáin faoi thrasnaíocht raidió, 26 ceann dóibh a bhain le trasnaíocht ar Rialú Aerthráchta nó ar na Seirbhísí Éigeandála. Déantar iniúchtaí tréimhsiúla ar an trealamh raidió atá á úsáid sa Stát lena chinntiú go bhfuil an speictream raidió oiriúnach lena úsáid ag gach úsáideoir.

Tá ComReg freagrach as beart a dhéanamh i gcoinne craoltóirí neamhcheadúnaithe faoi na hAchtanna Raidi-Theileagrafaíochta, 1926 go dtí 2009, agus faoin Acht Craolacháin agus Raidi-Theileagrafaíochta, 1988. Cuimsítear i mbeart dá leithéid barántais chuardaigh a dhéanamh ar áitreabh sa chás go bhfuil amhras ann go bhfuil trealamh craolacháin neamhcheadúnaithe iontu agus ionchúiseamh na ndaoine siúd a gcuirtear cionta ábhartha ina leith.

Gníomhaíonn ComReg i gcoinne soláthraithe trealamh raidió mídhleathach chomh maith, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn trealamh a d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí eile, cibé acu tríd an dearadh nó trí neamhchomhlíonadh caighdeán agus rialachán Eorpach.

Tagann an Treoir maidir le Teirminéal Raidió agus Teileachumarsáide (R&TTE) agus an Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéad (EMC), ina gcinntítear go gcloíonn an trealamh leictreonach agus raidió uile a chuirtear ar an margadh in Éirinn leis na caighdeáin ábhartha den AE agus go bhfuil an marc CE air, faoi shainchúram ComReg chomh maith. Rinne ComReg roinnt imscrúduithe sásúla sa réimse sin le linn na bliana.

Leanadh de dhul chun cinn sna réimsí um chomhoibriú idirghníomhaireachta agus um Fhaireachas Margaidh rforghníomhach. Comhoibríonn ComReg faoi láthair leis an tionscal agus le húdaráis rialála eile ar fud an AE. Glacann ComReg páirt i bhFeachtais Faireachas Margaidh ar leibhéil náisiúnta agus AE chomh maith ina ndírítear ar anailís a dhéanamh ar tháirgí ar an margadh agus ar na caighdeáin ábhartha a fhorfheidhmiú. Bhí fócas an fheachtais ar tháirgí soilsithe LED i mbliana. Lean ComReg dá chaidreamh le húdaráis forfheidhmiúchán dlí eile laistigh d'Éirinn a fhorbairt tuilleadh, go háirithe lucht Custaim agus an Garda Síochána chun cosc a chur ar threalamh neamhchomhlíonta ag teacht isteach sa Stát.

Tá Líonra um Chianmhonatóireacht á chur i bhfeidhm ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar an speictream raidió ar fud na hÉireann. Faoi láthair tá ocht Stáisiún Cianmhonatóireachta ag oibriú in Éirinn ag ComReg i mórionaid uirbeacha ar fud na tíre. Fuarthas ceithre bhraiteoir cianmhonatóireachta úra trí thairiscint oscailte i mbliana. Tá sé beartaithe an líon seo a fhairsingiú agus uasghrádú a dhéanamh ar stáisiúin atá ann cheana an bhliain seo chugainn.

Glacann ComReg ról gníomhach i gcomhlíonadh

an speictrim chomh maith ar leibhéal Eorpach, ag freastal ar an ngrúpa oibre um Monatóireacht agus um Fhorfheidhmiú CEPT FM22, an Grúpa Oibre um Chomhoibriú Riaracháin (ADCO le haghaidh R&TTE), fóram maidir le comhoibriú agus malartú faisnéise idir údaráis faireachas margaidh náisiúnta, agus Coiste um Measúnú Comhréireachta Teileachumarsáide agus um Fhaireachas Margaidh (TCAM).

## Clár um Radaíocht Neamhianaíoch a Thomhas

Tá astaíochtaí radaíochta neamhianaíche (NIR) ó láithreáin tarchuir fós ina ábhar suime don phobal. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freagrach as éifeachtaí sláinte NIR, agus ceanglaíonn ComReg, mar choinníoll ceadúnais tarchuir seirbhísí gan sreang, go gcinntíonn oibritheoirí stáisiúin tarchuir go gcloíonn a suiteálacha le teorainneacha astaíochtaí NIR atá sainithe sna treoirlínte is déanaí arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint in aghaidh Radaíochta Neamhianaíche (ICNIRP[2]).

Déanann ComReg iniúchtaí bliantúla ar chomhlíonadh coinníollacha ceadúnais ag oibritheoirí lena n-áirítear na teorainneacha astaíochtaí ICNIRP. Bíonn suirbhé i gceist i ngach iniúchadh bliantúil ar shampla de líon láithreán agus cineálacha tarchuir (craolachán, teileafónaíocht mhóibíleach, leathanbhanda gan sreang srl) ar fud na tíre. Rinneadh achoimre ar thorthaí na suirbhéanna a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe seo (Iúil 2011 - Meitheamh 2012) agus rinneadh iad a fhoilsiú i gceithre thuarascáil bhliantúla, Doiciméid ComReg 11/74, 12/05, 12/42 agus 12/88. Cuireadh cóipeanna de na tuarascálacha suirbhé láithreán aonair ar fáil ar láithreán Gréasáin ComReg agus fosta trí www.siteviewer.ie, saoráid ar líne a sholáthraíonn ComReg, a bhfuil an pobal ábalta féachaint air chun sonraí faoi bhonnstáisiúin teileafónaíochta móibílí GSM agus 3G a fháil ar fud na hÉireann.

Ag na láithreáin ar fad ar a ndearnadh suirbhé le linn na tréimhse tuairiscithe seo, dearbhaíodh go raibh tomhais na n-astaíochtaí NIR giota maith faoi theorainneacha treoirlínte ICNIRP.

2 Is comhlacht de shaineolaithe eolaíochta neamhspléacha é an ICNIRP a oibríonn leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun na treoirlínte a fhorbairt.

## An Chomhdháil Dhomhanda Radachumarsáide 2012

Tionóladh an Chomhdháil Dhomhanda Radachumarsáide ITU (WRC-12) sa Ghinéiv, an Eilvéis thar 4 seachtaine ó 23 Eanáir go 17 Feabhra 2012. Idirbheartaíocht chonartha idirnáisiúnta a bhí i gceist leis an gcomhdháil chun na Rialacháin Raidió ITU lena ndéantar úsáid an speictrim raidió a rialú go domhanda, a leasú agus a thabhairt suas chun dáta.

Ghlac ComReg páirt mar chuid de thoscaireacht na hÉireann arna stiúir ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN). Baineadh gach cuspóir maidir leis an gComhdháil Eorpach um Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT) amach ar aon dul leis na Comhthograí Eorpacha.

Bhí thart ar 30 mír ar chlár oibre na comhdhála a bhain le leithdháileadh minicíochta agus comhroinnt mhinicíochta, agus cumhdaíodh cumarsáid mhóibíleach agus satailíte, iompar muirí agus aerloingseoireachta mar aon le speictream chun críocha eolaíochta maidir leis an timpeallacht, meitéareolaíocht agus clíomeolaíocht, tuar, maolú agus faoiseamh tubaistí.

Príomhchinneadh a rinneadh ag an gcomhdháil, de bhun tograí ó líon tíortha de chuid na hAfraice ná go ndéanfaí leithdháileadh minicíochta comhphríomhúil leis an tseirbhís mhóibíleach sa bhanda 694-790 MHz ag an gCéad WRC eile in 2015, lena n-áirítear breathnú ar theorainn imeall íochtar an bhanda. Úsáidtear an banda sin faoi láthair le haghaidh craolacháin, agus é mar chuid den Bhanda IV/V UHF a athrófar go teilifís dhigiteach i mí Dheireadh Fómhair 2012. Idir anois agus 2015, beidh ar an Eoraip, Éire san áireamh, beartas a fhorbairt maidir le húsáid an athraithe sin ar leithdháileadh agus déanfar an obair thábhachtach sin a ionchorprú i gclár oibre ComReg.

## Grúpa Beartas an Speictrim Raidió

Chuir an Coimisinéir de chuid ComReg Mike Byrne a théarma mar Chathaoirleach an RSPG i gcrích i mí na Nollag 2011.

Le linn thréimhse na tuarascála seo, phléigh an RSPG na ceisteanna seo a leanas:

### An Tuairim maidir le hÚsáid an Speictrim

Is comhchuid thábhachtach é Clár Beartais um Speictream Raidió (RSPP) an Aontais Eorpaigh de Chlár Oibre Digiteach na hEorpa agus is é is aidhm leis ná 1200 MHz ar a laghad de speictream a shainaithint agus a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí leathanbhanda gan sreang. I gcomhthéacs an RSPP d'fhorbair an RSPG Tuairim, mar chomhairle don Choimisiún Eorpach, a rinne imscrúdú ar na próisis is fearr chun anailís a dhéanamh ar an éileamh speictrim, iarmhairt na dtreochtaí teicneolaíochta ar éileamh dá leithéid, an soláthar speictrim a d'fhéadfadh freastal ar éileamh atá ag méadú agus na heilimintí a mbeadh gá measúnú a dhéanamh orthu maidir lena dhearbhú an bhfuil nó nach bhfuil an speictream á úsáid ar mhodh éifeachtach.

### An Tuairim maidir leis an bpróiseas um chúnamh an AE in idirbheartaíocht dhéthaobhach le tríú tíortha

Pléadh na cúrsaí seo a leanas sa Tuairim:

- Próiseas um chúnamh ón Aontas ar an leibhéal polaitiúil chun tacú le hidirbheartaíocht dhéthaobhach i gcásanna ina bhfuil deacrachtaí ag Ballstát amháin nó níos mó maidir le comhordú minicíochta trasteorann a réiteach, nó i gcásanna trasnaíochta dochraí le tríú tíortha, agus a chuireann bac orthu ó beartas an AE a chur i bhfeidhm nó sa chás go bhfuil leas láidir an AE i gceist;

- Próiseas chun cuidiú le Ballstát amháin nó níos mó, trí chuidiú ón RSPG maidir le réiteach a fháil ar chásanna trasnaíochta dochraí nó ceisteanna comhordaithe nár réitíodh le Ballstáit eile;

## Tuarascáil maidir le húsáid chomhchoiteann an speictrim agus cineálacha eile cur chuige ar chomhroinnt

Rinneadh anailís sa Tuarascáil ar Úsáid Chomhchoiteann cineálacha cur chuige Speictrim agus rinneadh imscrúdú inti ar an ngá le bandaí ardmhinicíochta a shainaithint (m.sh., sa raon tonnfhad milliméadrachta) ar a bhféadfaí cur chuige ar bith dá leithéid a chur i bhfeidhm. Pléadh an iarmhairt agus na dúshláin inti chomh maith maidir le socruithe nuálacha comhroinnte, lena n-áirítear iad siúd ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí cognaíocha. Ina theannta sin, rinneadh imscrúdú inti ar na féidearthachtaí creat rialála a bhunú i gcomhair úsáid chomhroinnte an speictrim, agus é bunaithe ar an gcur chuige um úsáid chomhchoiteann. Ar deireadh, rinneadh mionléiriú inti ar spásanna bána agus ar na himpleachtaí beartais maidir le húsáid an speictrim i spás bána, go háirithe bandaí UHF.

## Tuarascáil maidir le feabhas a chur ar chumhdach leathanbhanda

Leagadh amach roinnt príomhcheisteanna sa Tuarascáil seo atá le sárú ag Ballstáit sna dúshláin atá os a gcomhair maidir le seirbhísí leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do gach saoránach agus gach tomhaltóir.

## Comhthuarascáil RSPG BEREC maidir le luach Eacnamaíoch agus Sóisialta an speictrim

Tugadh an cúram don Chomhghrúpa Oibre BEREC/RSPG maidir le ceisteanna iomaíochta imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí ina ndéantar luach eacnamaíoch agus sóisialta an speictrim raidió a úsáidtear le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí (ECS) a dhearbhú. Ba é ba aidhm leis an tuarascáil ná eispéireas agus tuairimí a chomhroinnt idir rialtóirí maidir leis an dóigh le luach eacnamaíoch agus sóisialta úsáid an speictrim raidió le haghaidh ECS a dhearbhú. Díríodh sa

staidéar ar an mBeartas um Rochtain gan Sreang maidir le bandaí na Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (WAPECS) toisc go bhfuil siad sin faoi réir suime ón margadh agus ó dhéantóirí beartas leathanbhanda móibíleach a thacú, go príomha na bandaí 800 MHz, 900 MHz, 1800 MHz, 2 GHz, 2.6 GHz agus 3.6 GHz.

## An Coiste um Speictream Raidió (RSC)

Is coiste sinsearach é an Coiste um Speictream Raidió (RSC) a bunaíodh le Cinneadh CE 676/2002/CE (an Cinneadh maidir le Speictream Raidió) agus tá sé freagrach as sainbhearta teicniúla a theastaíonn chun an Beartas níos leithne maidir le Speictream Raidió a chur i bhfeidhm san Aontas Eorpach (AE). Cuimsítear ionadaithe ar an RSC as gach Ballstát agus tá sé faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh. Glacann ComReg páirt ghníomhach leis an RCFAN sa RSC.

Le linn thréimhse na tuarascála seo, phléigh an RSC na bearta teicniúla cur i bhfeidhm a theastaíonn i gcomhair topaicí amhail Radar Gearr-Raoin (SRR) uathghluaisneach sa bhanda 24 GHz, seirbhísí cumarsáide leictreonaí sa bhanda 2GHz, Cumarsáid Mhóibíleach ar aerárthaí (MCA), trealamh Déanta Clár agus Imeachtaí Speisialta (PMSE) agus Gairis Ghearr-raoin (SDRanna).

Ghlac an RSC le dhá chinneadh. Rinneadh leasú ar na bearta comhchuibhithe sna cinntí sin maidir le gairis SRR uathghluaisnighsa bhanda 24 GHz (2011/485/AE) agus maidir le Gairis Gearr-raoin (2011/829/AE).

Lena chois sin, d'eisigh an RSC cúig shainordú chuig an CEPT chun chomhairle theicniúil a sheachadadh maidir le húsáid an bhanda 169 MHz, cumarsáid mhóibíleach maidir le haerárthaí, trealamh PMSE, comhroinnt sa bhanda 3400-3800 MHz agus úsáid na teicneolaíochta ultra-leathanbhanda.

## Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide CEPT

Oibríonn an Coiste um Chumarsáid Leictreonach (ECC) de CEPT chun réitigh ar chomhchuibhiú a fhorbairt maidir le húsáid radachumarsáide ar fud a 48 riarachán rialála ar fud na hEorpa. Cé go bhforbraíonn sé réitigh aonair, freagraíonn a lán dá chuid oibre anois do shainorduithe ón gCoimisiún Eorpach ag féachaint do thuarascálacha staidéir theicniúla lena bhearta molta um chomhchuibhiú a thacú, amhail iad siúd a luadh thuas faoin gCoiste um Speictream Raidió. I measc na dtopaicí reatha suime, tá tuarascálacha staidéir ar chumarsáid leathanbhanda dhíreach aeir go talamh maidir le seirbhísí leathanbhanda a sholáthar ar aerárthaí, raidiónna cognaíocha agus bogearraí-shainithe agus feidhmchláir ultra-leathanbhanda.

Caitheann an ECC méid suntasach ama chomh maith ag forbairt réitigh chomhchuibhithe chun úsáid raon ollmhór gairis gearr-raoin a éascú.

## Ceadúnú An Speictrim Raidió

Chun trealamh raidió a úsáid in Éirinn, ní mór údarú a fháil ó ComReg. D'fhéadfadh ceadúnas nó díolúine ó cheadúnas a bheith i gceist leis an údarú sin. Is féidir ceadúnas a eisiúint faoin Acht Radai-Teileagrafaíochta 1926, nó faoin Acht Craolacháin 2009 (i cás Údarás RTÉ agus Choimisiún Craolacháin na hÉireann).

Déanann ComReg gach iarratas ar cheadúnais dá leithéidí a phróiseáil agus cinntíonn sé go gcoinnítear ceadúnais ar mhodh ina ndéantar úsáid éifeachtach an speictrim atá ar fáil a uasmhéadú, agus cinntíonn sé go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do gach ceadúnaí. Amhail ó 30 Meitheamh 2012 i leith, ba ionann an líon iomlán ceadúnas ar ár mbunachar sonraí agus 15,539, líon arb ionann é sin agus laghdú 4.8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Léiríonn an laghdú beag sin, fiú sna hamanna deacra eacnamaíocha seo, go bhfuil sé fós ina thosaíocht ag daoine aonair, gnólachtaí agus soláthraithe seirbhíse na cumarsáide leictreonaí leanúint de sheirbhísí raidió a úsáid. Déantar go díreach faoi 4,000 iarratas ar cheadúnais a phróiseáil gach bliain.

## Raidió Gnó

Déantar ceadúnais Raidió Gnó a eisiúint chuig cuideachtaí sa chás go dteastaíonn córas príobháideach cumarsáide leictreonaí, mar shampla, sa chás go dteastaíonn raidiónna ó chuideachtaí chun cumarsáid dhíreach dhá bhealach idir bonn agus pearsanra soghluaiste a dhéanamh. Is iad cuideachtaí tacsaithe agus cuideachtaí iompair a bheadh na córais seo á n-úsáid acu de ghnáth, mar aon le heagraíochtaí rialtais áitiúil agus cuideachtaí leathstáit. Le linn na bliana, eisíodh 205 ceadúnas raidió gnó úr nó leasaithe i gcomparáid le 235 in 2010 - 2011.

## Naisc Raidió

Agus acmhainn tarchuir á soláthar, is raidió a úsáidtear in áit cábla go minic mar réiteach céadrogha sa chás gur breithnithe bunúsacha iad costas, topagrafaíocht áitiúil (m.sh. críoch sléibhtiúla, conairí ar uisce) agus an gá le rochtain ar réigiúin tuaithe iargúlta. I gcásanna dá leithéidí, imríonn córais raidió fhostaithe príomhról maidir le cumarsáid mhóibíleach agus leathanbhanda a thabhairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus do thomhaltóirí toisc go gcuireann siad an cumas ar fáil d'oibritheoirí líonra a chur i bhfeidhm go tapa agus an inniúlacht conairí tarchuir a shuiteáil de réir mar is gá agus más gá.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, eisíodh 2,981 ceadúnas nasc raidió úr nó leasaithe, suas ó 2,513 sa tréimhse roimhe sin.

## Satailít

Úsáidtear satailítí le haghaidh a lán cuspóirí, lena n-áirítear craoltaí teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáid. Soláthraíonn líonraí satailíte malairt sholúbtha ar líonraí líne fosaithe ar talamh agus naisc raidió fhosaithe. Teastaíonn ceadúnais i gcomhair trí chatagóir stáisiún talún satailíte in Éirinn: Stáisiúin Talún Mhóra (LES), Stáisiúin Talúin Iniompartha (TES) agus Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT). Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, eisíodh 30 ceadúnas úr, i gcomparáid le 120 sa tréimhse roimhe sin. In ainneoin na rialachán um dhíolúine ceadúnas satailíte a thug ComReg isteach le cúpla bliain anuas tá éileamh suntasach ann fós ar theicneolaíocht satailíte incheadúnaithe in Éirinn, agus é spreagtha den chuid is mó ag corparáidí níos mó a bheith ag úsáid seirbhísí VSAT i gcomhair nascachta idirnáisiúnta chun críocha craolta.

## Raidió Gnó Sealadach 2011/12

D’eisigh ComReg 224 ceadúnas sealadach le haghaidh imeachtaí éagsúla spóirt agus ceoil le linn na bliana amhail rás Volvo Ocean agus Electric Picnic. Maidir le roinnt de na himeachtaí sin, theastaigh ceadúnais i gcomhair córais satailíte chun críocha craolacháin agus bailithe nuachta, mar aon le ceamaraí agus micreafóin gan sreang.

## Eisiúint Leanúnach Ceadúnais Raidió

Sa chairt seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar líon na gceadúnas gníomhach atá á mbainistiú ag ComReg agus ar na cineálacha éagsúla ceadúnas raidió a eisíodh i gcoibhneas lena chéile.

Tá 15,539 ceadúnas gníomhach ag ComReg, agus eisíodh 3, 818 ceadúnas úr astu sin le linn na tréimhse tuairiscithe seo.

## Uimhriú, Ainmniú & Seolachán

Tá ComReg freagrach as scéim uimhriúchán teileafóin na hÉireann a bhainistiú de réir na reachtaíochta náisiúnta agus reachtaíocht na hEorpa. Príomhchumasóir is ea uimhriú maidir le seirbhísí cumarsáide agus tá sé riachtanach go bhfuil go leor cumas uimhriúcháin ar fáil ar fud na raonta uimhreacha uile do sheirbhísí reatha agus amach anseo agus chun iomaíocht bheoga a chur chun cinn sa mhargadh cumarsáide.

Ní mór do ComReg a chinntiú nach n-ídíonn acmhainní uimhriúcháin ar bith agus ciallaíonn sé sin iniúchóireacht a dhéanamh go minic ar acmhainní saora agus úsáidte, agus ullmhúcháin luatha á ndéanamh i gcomhair athruithe uimhreacha nó i gcomhair an raon uimhreacha a leathnú más gá - suas le trí bliana roimh an dáta ídithe ionchais de ghnáth. Rinneadh na hathruithe is déanaí ar uimhreacha in 2009 agus níl pleananna láithreacha ar bith ag ComReg maidir le tuilleadh athruithe faoi láthair.

Oibríonn ComReg chomh maith lena chinntiú go mbeidh uimhreacha úra teileafóin ag oibriú go pras ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Anailís costais is tairbhe maidir le Rochtain Idirnáisúnta a chumasú ar uimhreacha Neamh-Gheografacha Éireannacha

Leis an gcuspóir maidir leis an margadh inmheánach a chur i gcrích tuilleadh, ceanglaítear in Airteagal 28 faoin Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch[1] (USD) go mbeidh úsáideoirí deiridh ar fud an AE ábalta rochtain a fháil ar uimhreacha neamhgheografacha i bpleananna uimhriúcháin náisiúnta na mBallstát, sa chás gur féidir é sin a dhéanamh i gcomhthéacs teicniúil agus eacnamaíoch. Cuireadh an ceanglas sin i bhfeidhm in Éirinn mar Rialachán 23[2] de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche.

1 Treoir 2002/22/CE, arna leasú
2 I.R. Uimh. 337 de 2011

Tosaíonn formhór na n-uimhreacha neamhgheografacha Éireannacha leis an digit '1', agus is é sin an cód ceantair i gcomhair Bhaile Átha Cliath chomh maith. Dá bhrí sin d'fhéadfadh caismirt diailithe tarlú i gcás a lán uimhreacha neamhgheografacha Éireannacha, dá ndiaileofaí na huimhreacha sin ón iasacht. Mar shampla, breathnaigh ar uimhir theileafóin de chuid Bhaile Átha Cliath (01 - 890 xxxx) agus uimhir costas roinnte 1890 neamhgheografach. Nuair a dhiailítear é sin ón iasacht agus an réamhuimhir chód tíre á húsáid, d'fhéadfadh sé go mbeadh an uimhir neamhgheografach do-aitheanta go dtí an dá dhigit dheireanacha, agus bheadh caismirt uimhreach mar thoradh air sin.

Agus meas á thabhairt do chuspóirí um chomhchuibhiú an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hAirteagal 28, bhí ComReg i bhfách leis an gcás maidir le hathrú uimhreach Bhaile Átha Cliath a bheadh an-chostasach a chur ar an Stát d'fhonn na bacainní ar an rochtain idirnáisiúnta a luadh thuas a sheachaint. Chun na críche sin, choimisiúnaigh ComReg anailís costais is tairbhe in 2011 maidir leis an bhféidearthacht eacnamaíoch rochtain a oscailt ó thar lear chuig uimhreacha neamhgheografacha Éireannacha. Tá an tuarascáil a rinne Eacnamaithe Eorpacha, Doiciméad ComReg 11/68a foilsithe in éineacht le Fógra Faisnéise ComReg, Doiciméad ComReg 11/68. Cuirtear síos sa tuarascáil ar shé chineál éagsúla cur chuige maidir leis an dóigh a bhféadfaí caismirt uimhriúcháin dá leithéid a sheachaint. Tá cuid de na cineálacha cur chuige níos indéanta ná cuid eile dóibh ach baineann costas do-íoctha leo go léir agus, sa chás go léirítear fiúntas i gcur chuige in anailís tosaigh, bhí sé riachtanach costas an chuir chuige sin a mheas i gcoinne na dtairbhí féideartha a bhainfeadh leis na huimhreacha a oscailt. Cinntear leis an tasc sin, a bhí riachtanach d'fhonn measúnú cóir maidir le féidearthacht eacnamaíoch gach cur chuige a chinntiú, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 28 den USD, nach mbeifí ábalta na bearta is gá chun rochtain idirnáisiúnta iomlán a chinntiú i dtéarmaí eacnamaíocha a dhéanamh. Tugtar chun suntais sa tuarascáil chomh maith go bhfuil bacainní tráchtála agus beartais eile ann ar leibhéal

idirnáisiúnta maidir le raonta neamhgheografacha áirithe, ach go háirithe na cinn a úsáidtear chun seirbhísí ardráta a chur ar fáil.

## Uimhreacha Comhchuibhithe i gcomhair Seirbhísí Comhchuibhithe Luach Sóisialta

Mar chéim eile i dtreo chomhchuibhiú na n-acmhainní uimhriúcháin ar fud an Chomhphobail Eorpaigh, chuir an Coimisiún Eorpach tús le sraith úr Uimhreacha Comhchuibhithe i gcomhair "Seirbhísí Comhchuibhithe Luach Shóisialta" a oscailt ar an raon uimhriúcháin 116xxx in 2007.

Is é an bunchoincheap gur cheart an uimhir theileafóin 6 dhigit chéanna a thosaíonn le '116' a choimeád do sheirbhís lena bhfuil an tábhacht shóisialta chéanna i ngach ceann de na Ballstáit, agus cur chuige comhordaithe á sholáthar ag an gCoimisiún Eorpach. Go dtí seo, tugadh cúig n-uimhir isteach:

- 116000 Beolíne do pháistí ar iarraidh
- 116006 Líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta
- 116111 Línte cabhrach do pháistí
- 116117 Seirbhís leighis neamh-éigeandála ar ghlao-dhualgas
- 116123 Línte cabhrach um thacaíocht mhothúcháin

Tá an líne chabhrach 116111 do pháistí á hoibriú in Éirinn ag Líne Chabhrach na Leanaí ó bhí mí an Mhárta 2009 ann, tháinig an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta i bhfeidhm ar 116006 i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus tá na Samáraigh ag súil le 116123 a bheith i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Aibreáin 2013. In ainneoin fógraíochta fairsingíche ó bhí 2007 ann, tá suim le léiriú fós san uimhir 116117 maidir le seirbhís leighis neamh-éigeandála ar ghlao-dhualgas.

Mar sin féin, tá ComReg sásta a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn maith déanta ar an mbeolíne do pháistí ar iarraidh ar 116000 a thabhairt isteach i seirbhís le bliain anuas. Ag deireadh 2011, d'fhógair an tAire Leanaí Frances Fitzgerald don Oireachtas go dtabharfaí an uimhir isteach i seirbhís in 2012. Ceapadh foireann tionscadail inar cuimsíodh ComReg, an Garda Síochána agus oifigigh ó na Ranna Cumarsáide, Leanaí agus Dlí agus Cirt. I mí Eanáir 2012, rinneadh an uimhir 116000 a leithdháileadh ar Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) agus tá na socruithe agus an maoiniú cuí á gcur i bhfeidhm anois chun an uimhir a thabhairt isteach i seirbhís de réir a chéile ó mhí na Nollag 2012.

Níl ról ar bith ag ComReg maidir leis na seirbhísí ar uimhreacha 116 a sholáthar nó a chur chun cinn, ach tá idirchaidreamh déanta aige leis an tionscal maidir le gnéithe ródúcháin agus billeála na seirbhísí sin agus tá comhairle agus treoir curtha ar fáil aige do sholáthraithe seirbhíse 116xxx ó tháinig an Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach i bhfeidhm in 2007.

## Rialachán Ainmneacha Fearainn '.ie'

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, tá ComReg freagrach as clárú gach ainm fearainn idirlín '.ie' a rialáil.

I ndiaidh iniúchadh teicniúil mionsonraithe agus anailís díchill chuí a dhéanamh maidir leis an gclárlann '.ie' reatha, an Chlárlann Fearann IE Teoranta (IE Domain Registry Limited) (IEDR), chuaigh ComReg i ndáil comhairle maidir le creat rialála molta. Rinneadh an Fhreagairt ar an gComhairliúchán maidir leis an gcreat molta sin a fhoilsiú i mí Eanáir 2009 (Doiciméad 09/01). Chuir an IEDR formhór na moltaí a rinneadh sa tuarascáil díchill chuí i bhfeidhm ach tá bearta áirithe ina ndírítear ar leasanna fadtéarmacha gach páirtí leasmhar .ie fós le cur i bhfeidhm. Tá plé ar siúl idir an IEDR agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) chun na ceisteanna sin a réiteach, ionas go bhféadfadh ComReg dul ar aghaidh leis na bearta eile is gá chun an creat rialála a chur i bhfeidhm go hiomlán.

## Clár Réamhbhreathnaitheach

I gClár Réamhbhreathnaitheach ComReg, déantar monatóireacht ar an tionscal cumarsáide le haghaidh forbairtí úra agus nuálacha a bhféadfadh iarmhairt a bheith acu ar an dóigh a bhféadfadh an

margadh teacht chun cinn in Éirinn. Is é an aidhm ná ceisteanna teicneolaíochta agus rialála atá ag teacht chun cinn laistigh den tionscal a bhfuil tábhacht straitéiseach fhéideartha ag baint leo a shainaithint agus iad sin a chothú isteach i bpróisis straitéiseacha ComReg, agus d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ansin ar na bearta is gá a dhéanamh chun forbairt an mhargaidh a éascú tuilleadh.

## An Painéal Comhairleach Saineolaithe maidir le Cumarsáid Leictreonach

Tugann an Painéal Comhairleach Saineolaithe maidir le Cumarsáid Leictreonach (ECEAP) comhairle do ComReg maidir leis an gcur chuige straitéiseach a ghlacann sé ar fhorbairtí an mhargaidh, nuálaíocht agus rialáil earnáil cumarsáide leictreonaí na hÉireann. Is é a ardchuspóir ná a chinntiú go bhfuil bonn eolais maith le cinnteoireacht ComReg agus go bhfuil sí réamhbhreathnaitheach maidir leis an gcreat rialála um chumarsáid leictreonach reatha agus amach anseo. Tá ballraíocht ECEAP déanta suas de chomhairleoirí neamhspleácha ar leibhéal sinsearach ón tionscal agus ón saol acadúil. Tagann an painéal le chéile trí huaire sa bhliain faoi láthair agus is príomhghné é de chuid Chlár Réamhbhreathnaitheach ComReg a thuairiscíonn ar fhorbairtí earnála atá ag teacht chun cinn chun cuidiú le próisis straitéiseacha ComReg.

## Próiseas Pleanála Straitéisí

An 29 Meitheamh 2012, d'fhoilsigh ComReg a Ráiteas Straitéise, Doiciméad ComReg 12/69 don earnáil cumarsáide leictreonaí le haghaidh na tréimhse 01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2014 de réir a oibleagáidí reachtúla. Is é sin ceann de na trí Ráiteas Straitéise a d'fhoilsigh ComReg, léiríonn na cinn eile straitéisí ComReg maidir le seirbhísí poist agus an speictream raidió.

Sa chúigiú Ráiteas Straitéise um chumarsáid leictreonach, ar dhoiciméad réamhbhreathnaitheach é a fheidhmíonn mar chreat i gcomhair gníomhaíochta ag an eagraíocht thar an gcéad dá bhliain eile, dírítear ar sheachadadh rathúil príomhthosaíochtaí a sainaithníodh. Tá Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla ComReg á bhforlíonadh, ina leagtar amach na bearta mionsonraithe atá le déanamh, mar aon lena bhfhrámaí ama.

Soláthraítear tomhas d'fheidhmíocht iarbhír i Ráiteas Aschuir Bliantúil ComReg ansin i gcoinne na bpleananna sin trína gcuirtear bonn daingean ar fáil le haghaidh phróiseas bainistíochta feidhmíochta ComReg. Déanann an Coiste Beartas Bainistíochta agus na Coimisinéirí dul chun cinn maidir le tionscadail rialála a bhainistiú go gníomhach. Rinneadh Ráiteas Straitéise ComReg, Doiciméad ComReg 12/69 a fhoilsiú i ndiaidh próiseas comhairliúcháin fairsing.

## An Rialachán Poist

Is é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta le haghaidh earnáil an phoist in Éirinn. Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg ná a chinntiú go gcomhlíonann soláthar na seirbhíse poist uilíche riachtanais réasúnta sholáthraithe seirbhíse an phoist agus a chinntiú go gcloíonn soláthraithe seirbhíse an phoist leis na hoibleagáidí atá orthu agus monatóireacht a dhéanamh air sin. Is iad cuspóirí reachtúla ComReg:

- Forbairt earnáil an phoist a chur chun cinn agus, go sonrach, infhaighteacht seirbhís phoist uilíoch laistigh den Stát, chuig an Stát agus ón Stát ar chostas réasúnta a rachaidh chun leas gach úsáideora.
- Leas úsáideoirí na seirbhíse poist a chur chun cinn
- forbairt iomaíochta agus nuálaíochta sa mhargadh maidir le soláthar seirbhís phoist a éascú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhíse uilíche, An Post faoi láthair, le treoracha arna n-eisiúint ag ComReg, mar shampla, nósanna imeachta cuntasaíochta le glacadh in ullmhúchán a chuntas rialála agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne cháilíocht an chaighdeáin seirbhíse atá leagtha síos.

## Tá margadh an phoist oscailte i gcomhair iomaíochta

Ó 1 Eanáir 2011 i leith, tá margadh an phoist oscailte go hiomlán i gcomhair iomaíochta agus tá gach ceart eisiach agus speisialta i dtaca le soláthar seirbhísí poist bainte amach ar aon dul le Treoracha Poist an Aontais Eorpaigh. Is é an phríomhghné i dTreoracha Poist na hEorpa ná an oibleagáid ar Bhallstáit a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine (gnólachtaí agus tomhaltóirí príobháideacha) cibé áit a gcónaíonn siad sa stát ar raon ráthaithe seirbhísí litreacha agus beartán ar chostas réasúnta. Tá ról tábhachtach ag seirbhisí poist maidir le gnólachtaí agus tomhaltóirí atá bunaithe i gceantair iargúlta a chomhtháthú isteach sa gheilleagar náisiúnta agus go deimhin sa gheilleagar domhanda, ag cur rochtana ar fáil ar earraí agus ar sheirbhísí nach mbeadh ar fáil b'fhéidir ar chuma eile ach i gceantair uirbeacha.

## Creat um Rialáil Poist

I mí Lúnasa 2011, rith an tOireachtas an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011. I measc nithe eile, ainmníodh An Post san Acht mar an soláthraí seirbhíse uilíche go dtí 2023 agus leagadh amach roinnt cúraimí ann do ComReg i dtaca leis An Post a rialáil mar an soláthraí seirbhíse uilíche. I ndiaidh an tAcht 2011 rith, i nDoiciméad ComReg 11/56, leag ComReg amach a chéad bhearta eile maidir leis na cúraimí d'Acht 2011 a éilítear a chur i bhfeidhm. Ba é an chéad bheart chun na cúraimí d'Acht 2011 a éilítear, ná an Creat um Rialáil Poist a leagan amach ag ComReg. Le linn na bliana chuaigh ComReg i ndáil comhairle go poiblí le páirtithe leasmhara maidir leis sin i nDoiciméad ComReg 12/38. Fuarthas 23 freagra ar an gcomhairliúchán sin agus breathnaíodh ar gach freagairt ar an gcomhairliúchán sin i gcinneadh ComReg (D08/12; Doiciméad ComReg 12/81) agus Rialacháin (I.R. 280 de 2012) a foilsíodh i mí Iúil 2012, tréimhse a bhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse atá faoi athbhreithniú sa tuarascáil seo. An comhairliúchán le linn na bliana agus an cinneadh ina dhiaidh sin lena mbaineann:

### Raon feidhme na Rialála:

Cuireann Acht 2011 srian ar raon feidhme na rialála maidir le soláthar "seirbhísí poist" a shainítear le hailt 6 & 8 d'Acht 2011. Chinn ComReg dul ar aghaidh ar bhonn go bhfuil easpa gnéithe áirithe comhdhéanaimh maidir le "Malartú Doiciméad" agus "Mearsheirbhísí agus seirbhísí cúiréireachta" agus seachadadh ábhar fógraíochta nach bhfuil seoladh air chun go measfaí mar '"sheirbhísí poist" iad.

### An tseirbhís phoist uilíoch a shainiú:

Tá cur síos ginearálta leagtha amach in alt 16 d'Acht 2011 maidir leis "an tseirbhís phoist uilíoch" a cheanglaítear ar An Post a sholáthar mar an "soláthraí seirbhís phoist uilíoch" ainmnithe. Ceanglaítear ar ComReg in alt 16(9) "rialacháin a dhéanamh ina sainítear na seirbhísí atá le soláthar ag soláthraí seirbhís phoist uilíoch maidir le seirbhís phoist

uilíoch a sholáthar". Mar thoradh air sin, cheap ComReg na Rialacháin um Rialáil Cumarsáide (Seirbhís Phoist Uilíoch) 2012 (I.R. 280 de 2012). Agus na Rialacháin sin á ndéanamh, shainigh ComReg íos-sraith seirbhísí poist uilíocha lena gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí na seirbhísí poist, fad is a chuirtear teorainn leis an ualach rialála ar An Post mar an soláthraí seirbhís phoist chomh maith. Dá réir sin, tá an tseirbhís phoist uilíoch a sainíodh, den chuid is mó, cosúil le sainiú oibrithe ComReg roimhe sin ar an tseirbhís phoist uilíoch a bhí leagtha amach i nDoiciméad ComReg 05/08 in 2005.

### An dóigh ba cheart do sholáthraithe seirbhísí a rún seirbhís phoist a sholáthar a chur in iúl do ComReg:

Cuireadh foirm ar fáil (Doiciméad ComReg 12/81n) chun fógra do ComReg a éascú maidir le húdarú a fháil ó ComReg chun seirbhís phoist a sholáthar.

### An dóigh ba cheart don USP téarmaí agus coinníollacha a sheirbhíse poist uilíche a fhoilsiú:

D'eisigh ComReg treoir ina gceanglaítear go mbeadh na téarmaí agus coinníollacha maidir le seirbhís phoist uilíoch ar fáil saor in aisce ag oifigí poist, ar iarratas, agus ar líne ar láithreán Gréasáin An Post.

### Treoirlínte do sholáthraithe seirbhís phoist maidir lena dhearbhú an bhfuil a seirbhís phoist laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíche:

Faoi mar a cheanglaítear in Acht 2011, d'fhoilsigh ComReg treoirlínte, Doiciméad ComReg 12/81a do sholáthraithe seirbhís phoist maidir lena dhearbhú an bhfuil a seirbhís phoist laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíche agus a bhfógra do ComReg á dhéanamh acu.

## Méaduithe praghais ar sheirbhísí poist uilíocha le linn na bliana

Cumhdaíonn sainchúram ComReg maidir le praghsáil na seirbhísí poist uilíocha a thairgeann an soláthraí seirbhíse uilíche, arb é sin An Post faoi láthair. I ndiaidh léirscaoileadh an mhargaidh, tá An Post saor lena sheirbhísí poist nach bhfuil laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíche a phraghsáil.

I dtaca le praghsáil seirbhísí poist atá laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíche, ag feitheamh ar chinneadh caidhp praghais ó ComReg, ní féidir leis An Post, mar an soláthraí seirbhís phoist reatha, athruithe ar bith a dhéanamh ar na táillí maidir lena sheirbhísí poist atá laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíche i dtaca le pacáistí poist ar meáchan faoi 50 gram, gan cead a fháil ó ComReg roimh ré. I dtús 2012, rinne An Post iarratas le ComReg chun cuid dá tháillí a athrú maidir le pacáistí poist ar meáchan faoi 50 gram. Tá an t-iarratas sin faoi athbhreithniú ag ComReg agus déanfar é a phlé sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

Ní theastaíonn cead roimh ré ó ComReg maidir le pacáistí poist níos troime ná 50 gram, áfach, agus dá bhrí sin, mhéadaigh An Post a chuid táillí ar chuid áirithe de na pacáistí poist sin le héifeacht ó 1 Bealtaine 2012. Is féidir le ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar na méaduithe praghais sin ex-post chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an gcloíonn nó nach gcloíonn siad le ceanglais taraife an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 ina gcuimsítear treoshuíomh praghsanna, inacmhainneacht, aonfhoirmeacht agus neamh-idirdhealú.

## Cáilíocht Seirbhíse

Tá sé ina phríomhchuspóir go mbeadh seirbhís phoist éifeachtach, ardchaighdeáin ar fáil i ngeilleagar nua-aimseartha iomaíoch amhail Éirinn. Is é ceann de bhunchuspóirí Threoracha Poist na hEorpa ná feabhsuithe a dhéanamh ar an gcáilíocht seirbhíse le haghaidh na seirbhíse poist uilíche agus tá oibleagáid ar ComReg de réir an dlí sprioc cáilíocht seirbhíse a leagan amach don USP maidir lena sholáthar seirbhís phoist uilíoch.

Mar chuid dá shainchúram, an 1 Meitheamh 2004, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, thug ComReg ordú do An Post caighdeán seachadta an chéad lae eile ar ráta 94% a bhaint amach le haghaidh post tosaíochta

aonphíosa a sheachadtar laistigh den Stát. Déanann ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht An Post i gcoinne an chaighdeáin 94% sin, ar bhonn leanúnach, de réir caighdeáin tomhais idirnáisiúnta, agus foilsíonn ComReg tuarascálacha feidhmíochta ráithiúla agus bliantúla.

Tá Ipsos MRBI conraithe ag ComReg chun cáilíocht seirbhíse An Post a thomhas maidir le post tosaíochta aonphíosa (an gnáth-chomhfhreagras laethúil a chuireann daoine aonair agus gnólachtaí sa phost, idir bheag is mhór). Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil bhliantúil Ipsos MRBI le haghaidh 2011, Doiciméad ComReg 12/31, agus an toradh feidhmíochta le haghaidh na chéad cheathrún de 2012, Doiciméad ComReg 12/55.

## Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2011:

Ar an iomlán níor seachadadh ach 83% de phost tosaíochta aonphíosa laistigh de lá oibre amháin ar fud an Stáit. Is ionann é sin agus laghdú 2% ar fheidhmíocht na cáilíochta seirbhíse thar 2010.

### An Post - An Chéad Lá Eile Náisiúnta (L+1)

| Feidhmíocht an phoist - Comparáidí Blianta Iomlána | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010* | 2011 |
| Aon Áit go haon Áit | 71 % | 72 % | 73 % | 72 % | 77 % | 79 % | 84 % | 85 % | 83% |
| Aon Áit go hÁit Áitiúil (Seachadadh laistigh den chontae inar cuireadh post) | 75 % | 75 % | 76 % | 75 % | 78 % | 79 % | 85 % | 85 % | 84% |
| Aon Áit go Contae Bhaile Átha Cliath | 71 % | 73 % | 73 % | 72 % | 77 % | 75 % | 83 % | 84 % | 83% |
| Contae Bhaile Átha Cliath go hAon Áit | 70 % | 69 % | 73 % | 70 % | 77 % | 77 % | 84 % | 85 % | 83% |
| Contae Bhaile Átha Cliath go Contae Bhaile Átha Cliath (Áitiúil) | 72 % | 75 % | 76 % | 73 % | 78 % | 76 % | 84 % | 85 % | 83% |
| Lasmuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath go hAon Áit | 73 % | 73 % | 73 % | 75 % | 77 % | 80 % | 84 % | 85 % | 83% |
| Lasmuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath (Seachadadh laistigh den chontae inar cuireadh post) | 78 % | 76 % | 76 % | 77 % | 79 % | 83 % | 85 % | 86 % | 84% |
| Lasmuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath go Contae Bhaile Átha Cliath | 68 % | 70 % | 68 % | 70 % | 75 % | 74 % | 81 % | 86 % | 82% |

* Toradh gan míreanna a cuireadh sa phost idir 28 Samhain-15 Nollaig agus 17 Nollaig-30 Nollaig 2010 san áireamh i ngeall ar chúinsí neamhghnácha aimsire le linn na dtréimhsí sin.

I mí Feabhra 2012, chuir ComReg tús le himeachtaí dlíthiúla in éadan An Post, an soláthraí seirbhís phoist uilíoch ainmnithe in Éirinn, i dtaca leis an treoir a chomhlíonadh maidir le cáilíocht na seirbhíse poist uilíche.

## Soláthraithe Seirbhís Phoist

Murab ionann agus tíortha eile sa chás go bhfuil sé riachtanach ceadúnas a fháil chun seirbhísí a sholáthar in iomaíocht dhíreach leis an soláthraí seirbhís phoist uilíoch ainmnithe, bhíothas ábalta, le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, seirbhís iomaíoch a bhunú in Éirinn le beagán foirmiúlachta nó gan foirmiúlacht ar bith. Ó 1 Eanáir 2004 i leith, ní raibh sé ceangailte ach ar na soláthraithe seirbhís phoist siúd (seachas An Post) ag a raibh láimhdeachas bliantúil ábhartha os cionn €500,000 i gcomhair seirbhísí poist, gan CBL san áireamh, iarratas a dhéanamh ar "údarú seirbhís phoist" agus, bhí ceangal ar na soláthraithe seirbhíse a sholáthraíonn seirbhísí poist laistigh den tseirbhís uilíoch, nósanna imeachta simplí um ghearáin agus um chúiteamh atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint a chur i bhfeidhm. Tugadh creat rialála úr isteach i ndiaidh an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 a chur i bhfeidhm.

I ndiaidh an chinnidh ó ComReg i mí Iúil 2012, Doiciméad ComReg D08/12, tá ceanglas úr fógra agus údarúcháin chun seirbhís phoist a sholáthar bunaithe anois. Tairgtear saoráid ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie chun féachaint ar chlár tugtha suas chun dáta de sholáthraithe seirbhísí poist atá údaraithe agus na seirbhísí a sholáthraíonn gach oibritheoir faoi láthair.

## Ráiteas Straitéise maidir leis an bPost 2012 - 2014

Anois agus an Creat um Rialáil Poist i bhfeidhm, rachaidh ComReg i ndáil comhairle maidir lena Dhréacht-Ráiteas Straitéise maidir leis an bPost le haghaidh na tréimhse 2012 - 2014 sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

# 6 Seirbhísí Corparáideacha

Tá sé d'aidhm ag ComReg a bheith ina eagraíocht ard-éifeachtach agus ardnuálach a bheith ina ionad barr feabhais aitheanta agus a pháirt á glacadh aige i ngeilleagar atá bunaithe ar eolas a mhúnlú agus a sholáthar. Tá dul chun cinn maidir leis na gnéithe éagsúla sin den ról léirithe thíos.

## Struchtúr Eagrúcháin

Bunaíodh ComReg faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Tá sé faoi stiúir thrí Choimisinéir (beirt faoi láthair, agus tá folúntas amháin ann) agus Alex Chisholm mar Chathaoirleach. Tá an Coimisiún, leis an gCoiste Beartas Bainistíochta (MPC), freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibriúcháin na heagraíochta. Braitheann ComReg ar iarrachtaí na ndaoine uile (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaithe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí riaracháin) chun ár misean a sheachadadh agus chun ár gcuspóirí rialála a bhaint amach.

## Próiseas Pleanála Straitéisí

D'fhoilsigh ComReg a Ráiteas Straitéise, (ComReg 12/69) maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonaí le haghaidh na tréimhse 2012-2014, arna cheangal faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin fairsing. Leagtar amach plean ComReg sa Ráiteas Straitéise maidir le seachadadh rathúil príomhthosaíochtaí sainaitheanta agus cuirtear taca faoi le Plean Gníomhaíochta Bliantúil ComReg ina leagtar amach frámaí ama, agus a thugtar suas chun dáta go rialta ar ár láithreán Gréasáin. Léirítear na gníomhaíochtaí sin i bpríomhréimsí toraidh aonair, ar bonn iad dár bpróiseas bainistíochta feidhmíochta. Déanann an Coiste Beartas Bainistíochta agus na Coimisinéirí dul chun cinn maidir lenár dtionscadail rialála a bhainistiú go gníomhach.

## Seirbhísí Corparáideacha

Leagtar amach na ceithre sprioc ardleibhéil de chuid ComReg sa Ráiteas Straitéise le haghaidh na tréimhse 2012 go 2014, lena n-áirítear eagraíocht ard-éifeachtach agus ardnuálach ar ionad barr feabhais é ina dtacaítear lena dhaoine le cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach agus ina gcuirtear ar a gcumas é sin a dhéanamh.

Tugann Rannán na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht d'obair ComReg agus tugann siad eolas dó faoin obair sin trí straitéisí ceannródaíocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá deartha chun go ndéanfaidh daoine inniúla agus tiomanta feidhmíocht shármhaith a chothú agus a chumasú. Cuimsítear na feidhmeanna seo a leanas i réimse na Seirbhísí Corparáideacha: Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Saoráidí, Maoiniú agus Rialachas, Teicneolaíocht na Faisnéise, Cumarsáid agus Straitéis.

## Eagraíocht Éifeachtach, Nuálach agus Inoiriúnaithe

### Rialachas Corparáideach

Is é cuspóir an Choimisiúin ná comhlíonadh an chleachtais is fearr sa Rialachas Corparáideach a chinntiú i gcónaí.

Is é beartas ComReg ná cloí leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus rinne sé tuairisciú ar a chomhlíontacht maidir le hailt ábhartha den Chód ina Thuarascáil Bhliantúil nó ar leithligh trí litir chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá clár iniúchóireachta fairsing i bhfeidhm ag ComReg, ar a ndéanann Coiste Iniúchóireachta maoirseacht. Bhuail an coiste sin le chéile 4 huaire le linn na bliana. Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe. Tá iontaobhas neamhspleách den scéim pinsean i bhfeidhm chomh maith, ar aon dul leis an gcleachtas is fearr.

Tá ComReg cuntasach don Oireachtas trí Choistí an Oireachtais, mar shampla, d'fhreastail an Coimisiún ar Chomhchoistí an Oireachtais (Cumarsáid agus Talmhaíocht) an 31 Eanáir 2012 chun an raon iomlán ceisteanna atá faoina shainchúram a phlé.

Mar chomhlacht poiblí ag feidhmiú i dtimpeallacht dheacair, is dúshlán leanúnach é leanúint de luach a chur leis cé go bhfuil siad ag obair laistigh de shrianta acmhainní. Sa bhliain airgeadais go dtí 30 Meitheamh 2012, laghdaíomar ár gcostais iomlána faoin méid a tabhaíodh an bhliain roimhe sin, ag leanúint den treocht um laghdú costais atá ann le cúpla bliain anuas. Déanaimid ár mbeartais agus nósanna imeachta maidir le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca a athbhreithniú agus a leasú ar bhonn leanúnach.

Bhí cur i bhfeidhm leanúnach an phlean soláthair ina mhodh tábhachtach chomh maith maidir le cuspóirí beartais úra a sheachadadh m.sh. ionchais ghnóthachain éifeachtachta 10% breise de chostais neamhrialála. Le linn na bliana reatha rinneamar tairiscint arís i gcomhair líon seirbhísí seachfhoinsithe lena n-áirítear seirbhísí glantacháin, seirbhísí párolla, agus seirbhísí deasc cabhrach TF srl.

Ba dhúshlán faoi leith é i mbliana an t-ordú gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus tuairisc a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn ráithiúil. Theastaigh feabhas suntasach maidir leis sin in agaí ciogail próiseála oibre, le cuidiú ó chomhoibriú na foirne agus na dtionscnamh teicneolaíoch a forbraíodh go hinmheánach chun feabhas a chur ar phróiseáil. Rinneadh os cionn 90% d'íocaíochtaí sa bhliain go dtí 30 Meitheamh laistigh den tréimhse ama riachtanach.

### Bainistíocht Daoine

Tá sé fós ina príomhthosaíocht acmhainneacht ár ndaoine agus ár bpróiseas a uasmhéadú. Is é an dúshlán ná an líon ceart foirne a bheith i bhfeidhm againn ag a bhfuil na hinniúlachtaí cuí chun ár spriocanna agus cuspóirí a sheachadadh, agus ár sainchúram ag fás fós agus tá roinnt teorainneacha suntasacha lenár n-ábaltacht daoine a earcú. Cé go bhfuil cor chun donais eacnamaíoch ann, tá an t-éileamh ar shainscileanna ár ndaoine ag fás i gcónaí, agus tá líon suntasach baill foirne caillte againn le linn 2012.

D'fhonn ár gclú mar phríomh-acmhainn saineolais a choinneáil agus a fheabhsú in earnáil cumarsáide atá ag teacht chun cinn go tapa, agus d'fhonn feidhmiú mar is cuí, ní mór dúinn leanúint de dhíriú ar fhorbairt agus ar thiomantas ár bhfoirne. Déantar ár mbeartais agus ár gcórais a bhailíochtú agus a aithint go seachtrach trí chreidiúnú leanúnach amhail le Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe agus Scothinnealltóirí, Caighdeáin na hÉireann agus le comhlachtaí gairmiúla cuntasaíochta. Rinneadh muid a aithint chomh maith i ngradaim náisiúnta Fhoras Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (IITD) in 2012 agus bhuamar catagóir na hEarnála Poiblí sna gradaim um Shláinte agus Sábháilteacht. Tríd an gcreidiúnú agus na gradaim sin, aithnítear na hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus oiliúna agus forbartha a sholáthraíonn ComReg.

Leanaimid de thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair chun cáilíochtaí tríú agus ceathrú leibhéal a bhaint amach, lena scileanna bainistíochta agus gairmiúla a fhorbairt, agus le bheith nochta do smaointeoireacht cheannródaíoch, lena n-áirítear clár um cheannaireacht rialaithe creidiúnaithe saincheaptha atá forbartha againn agus atá oscailte do gach comhlacht rialála Éireannach. Thosaigh an cúrsa sin arís i mí an Mhárta 2012. Thionólamar ceardlann i mí Aibreáin chomh maith, i gcomhar le hInnealtóirí Éireann, chun scileanna meantóireachta a fhorbairt i measc bainisteoirí. Fócas faoi leith ar ár n-iarrachtaí oiliúna i mbliana ná ar leanúint de scileanna eacnamaíocha inmheánacha a fhorbairt chun tionscadail um anailís mhargaidh a éascú. Mar cheann de líon beag Comhlachtaí Stáit a chomhdhlúthaigh a n-oibríochtaí go rathúil, leanann comhtháthú iomlán na ndaoine aonair a d'oibrigh in RegTel roimhe seo ar aghaidh, lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus bainistíocht feidhmíochta.

Tá rath ComReg forbartha ar cháilíocht agus éiteas oibre a dhaoine, le héilimh agus riachtanais atá ag méadú de shíor, agus leanann ComReg dá dhícheall a dhéanamh a riachtanais a bhaint amach le hacmhainní teoranta ar bhonn leanúnach.

## Ionad barr feabhais

Faighimid treoir dár gcur chuige maidir lenár gcuid oibre ó na prionsabail um "Rialáil Níos Fearr" maidir le comhréireacht, riachtanas, éifeachtúlacht, trédhearcacht, cuntasacht, agus comhsheasmhacht, agus iad buntacaithe ag córais láidre rialachais.

Déanaimid acmhainní suntasacha a infheistiú i ndul i ndáil comhairle maidir le cinntí rialála agus leanaimid de sin a dhéanamh. Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú d'eiseamar 232 foilseachán. Cinntímid fosta go bhfuil an rialáil chuí trí Mheasúnachtaí Tionchair um Rialáil (RIAanna) más cuí, mar phríomh-mhodh chun ualaí rialála a íoslaghdú.

Aithnímid go bhfuil taighde príomhúil maidir leis an eacnamaíocht a bhaineann le forbairt na hearnála tábhachtach do gach páirtí leasmhar agus bhíomar ag obair go dlúth leis an ERSI ar chlár taighde um chumarsáid. Déantar ár bpróisis agus ár gcórais a oiriúnú ar bhonn leanúnach, lena chinntiú go leanfaimid dár gcuspóirí a sheachadadh agus seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil.

Feidhmítear an fheidhm Teicneolaíochta Faisnéise go sonrach mar chumasóir gnó luachmhar do ComReg, ag treisiú eispéireas an pháirtí leasmhara. Baintear é sin amach trí sheirbhísí agus uirlisí ar líne agus córais agus seirbhísí cúloifige a chur ar fáil agus a fhorbairt, lena n-áirítear láithreáin Ghréasáin ar a bhfuiltear tiomanta do líon seirbhísí sainiúla ComReg (m.sh. iarratais ar Cheadúnais Raidió, clárú um sheirbhís Phoist srl.) a chur ar fáil d'úsáideoirí. Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil gach seirbhís ar fáil i bhformáid ar líne. Soláthraímid faisnéis atá neamhspleách, comparáideach agus áisiúil do thomhaltóirí maidir le seirbhísí malartacha, gnéithe agus praghsanna ar ár láithreán Gréasáin www.callcosts.ie agus tá rannán faisnéis ghnó ar ár láithreán Gréasáin do thomhaltóirí www.askcomreg.ie/business agus é tacaithe ag deasc chabhrach thiomanta do thomhaltóirí gnólachtaí beaga agus oifigí beaga/oifigí baile. Is samhail é www.testandtrial.ie le haghaidh nuálaíochta ar a bhfuil athbhreithniú gníomhach déanta ag daoine eile ar fud an domhain.

Ar aon dul lenár Stráitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais, tá roinnt tionscnamh curtha ar aghaidh againn i mbliana chun:

- Cuspóirí faisnéise agus cosanta tomhaltóirí a thacú, lena n-áirítear tuilleadh forbartha ar www.phonesmart.ie.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin Ghréasáin ComReg lena chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí eagrúcháin sainiúla ar mhodh a bheidh chomh héifeachtach agus chomh caighdeánaithe agus is féidir, lena n-áirítear feabhas a chur ar chaighdeán inrochtaineachta.
- Tuilleadh feabhais a chur ar shocruithe ríomhcheadúnúcháin, lena n-áirítear modúil PRS agus raidió amaitéaraigh. Leanann líon na gceadúnas agus na ndoiciméad a eisítear ag

méadú, agus tá na hagaí riaracháin ag laghdú, agus iad bunaithe ar na forbairtí sin.

I gcomhthéacs tionscnaimh oibre cliste, áiríodh ar an dul chun cinn i mbliana

- forbairt córas buiséid úr chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht tuairiscithe.
- aistriú go duillíní pá leictreonacha.
- forbairt teimpléad caighdeánaithe le haghaidh cruthú doiciméad agus rialú leaganacha.
- díriú ar bhainistíocht doiciméad, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais taifead agus modheolaíochtaí rangúcháin úra a fhorbairt.
- athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe maidir le Pleanáil Leanúnachais Ghnó, ag baint leasa as réitigh theicneolaíochta nua chun feabhas a chur ar fhaisnéis agus agaí freagartha.
- ceardlanna inmheánacha a sholáthar maidir leis an leas is fearr a bhaint as na pacáistí bogearraí ríomhaireachta éagsúla atá á n-úsáid, ag baint leasa as saineolas inmheánach chun seachadadh a dhéanamh.

Lena chois sin, cuireadh roinnt tionscadal ar aghaidh i mbliana lena chinntiú go bhfuil ár mbonneagar teicneolaíochta faisnéise láidir agus slán, lena n-áirítear ár slándáil ríomhphoist. Is fiú go mór ár n-aistriú go timpeallacht fhíorúlaithe, lena gcuirtear ar ár gcumas éifeachtúlachtaí an-suntasach a bhaint amach.

Agus na n-acmhainní atá ar fáil dúinn á mbainistiú againn, táimid i gcónaí feasach ar cheisteanna um inbhuanaitheacht, agus b'fhiú na hiarrachtaí a infheistíodh maidir le réitigh atá níos tíosaí ar fhuinneamh a thabhairt isteach i gcomhthéacs ár rátála fuinnimh. Tá a lán tionscnamh glas tugtha isteach ag ComReg m.sh. araidí athchúrsála, aistriú go dáileoirí uisce seachas buidéil uisce a úsáid, cur chun cinn úsáid iompair phoiblí ag an bhfoireann faoin scéim coigilteoir cánach, cur chun cinn na scéime rothaíochta chun na hoibre, suiteáil soilse brathlasta in oifigí agus suíomhanna ginearálta eile, agus amadóirí ar théamh uisce. Leanann ComReg de theagmháil a dhéanamh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i dtreo tuilleadh tionscnamh agus forbartha sa réimse sin.

Chuireamar réitigh féinseirbhíse úra i bhfeidhm i mbliana, agus d'oibríomar go dlúth le gníomhaireachtaí rialála agus comhlachtaí Stáit eile chun acmhainní a chomhroinnt. Faoi phróiseas Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, rinneamar plean gníomhaíochta uaillmhianach a fhorbairt, ina léirítear scála na ngnóthachan éifeachtúlachta molta. Bhí an fócas i bplean gníomhaíochta ComReg ar na gníomhaíochtaí is gá chun sainchúram fairsing lena bhfuil níos lú acmhainní a sheachadadh go héifeachtúil lena n-áirítear róil úra maidir le Seirbhísí Ardráta, Treoir-chreat leasaithe an AE agus an Treoir um Post ina bhfuil róil agus freagrachtaí úra beartaithe d'Údaráis Náisiúnta Rialála. Ciallaíonn an moratóir maidir le hearcaíocht agus arduithe céime, an Creat um Rialáil Fostaíochta agus forbairtí úra eile, le cois na mbeart táirgiúlachta eile atá i bhfeidhm againn cheana dúinn féin le roinnt blianta anuas chun an costas um rialáil a íoslaghdú, go bhfuil teorainneacha a forchuireadh go lárnach ar ár n-infhaighteacht acmhainní a chuireann isteach ar ár gclár oibre.

Leanfar dár bhfócas ar feidhmíocht daoine aonair agus na heagraíochta a fheabhsú, mar aon le bealaí a fháil chun oibriú ar bhealach níos cliste agus an costas ar rialáil a íoslaghdú, go hinmheánach agus inár ndéileáil leis an tionscal agus páirtithe leasmhara eile.

## Dul i dteagmháil le daoine eile

Tá teagmháil chuí le páirtithe leasmhara lárnach maidir le rialáil éifeachtúil agus leis an 'ngeilleagar cliste' a thacú. Déanaimid ár ndícheall teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar bhonn rialta le bheith comhoibríoch agus freagrúil do riachtanais atá ag athrú.

Is éard atá i gceist leis sin ná an Plean Gníomhaíochta Bliantúil, an Ráiteas um Aschur agus an Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú, ag freagairt d'fhiosruithe na meán agus preaseisiúintí, bileoga eolais, páipéir chomhairliúcháin agus freagraí a fhoilsiú,

Déanaimid teagmháil le gníomhaireachtaí rialála agus príomh-pháirtithe leasmhara, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Go sonrach, leanaimid de pháirt a ghlacadh i bhfóraim agus de thionchar a imirt ar fhorbairt beartais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta (m.sh. trí Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach, Grúpa Beartais an Speictrim Raidió). Chuireamar go gníomhach le hobair an Ghrúpa úir Rialtóirí Eacnamaíocha, lena n-áirítear sruthanna oibre maidir le hoiliúint agus forbairt, iniúchadh agus cúram custaiméirí, agus an obair theicneolaíochta faisnéise a stiúir. Buailimid le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus leis an bhFóram um Thionscal Teileachumarsáide (TIF) ag eatraimh rialta chun ceisteanna comhshuime a phlé.

Leanaimid de chaidreamh páirtithe leasmhara ComReg a bharrfheabhsú chun leas tomhaltóirí agus an leasa náisiúnta trí chláir fhor-rochtana le páirtithe leasmhara a chur chun cinn, lena n-áirítear an tOireachtas, an tionscal, na meáin agus an pobail i gcoitinne agus i measc na bpríomhthionscnamh i mbliana bhí

- Cuidiú a thabhairt le tionscnaimh beartas lárnach, lena n-áirítear freastal ar an Tascfhórsa um Rochtain na Chéad Ghlúine Eile i gcumas breathnóra, ag ionchur de réir mar is cuí in Athbhreithniú na Gníomhaireachta srl.
- Tacú le foghlaim i measc rialtóirí, m.sh. cruinniú BEREC a óstáil i mBaile Átha Cliath
- Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara úra: an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Ombudsman an Phreasa, i measc eile.
- Freagairt a thabhairt ar 27 Fiosrú um Shaoráil Faisnéise.

## Feidhmíocht leanúnach a chinntiú

Lean ComReg dá fheidhmíocht a thomhas agus sonraí a fhoilsiú faoin tomhas sin mar chuid de phríomhfhoilseacháin, amhail an Tuarascáil Príomhshonraí Ráithiúil agus an Ráiteas Bliantúil um Aschur. Ina theannta sin, lean ComReg le cur le príomhcleachtaí tagarmharcála idirnáisiúnta, amhail Clár Oibre Digiteach an Choimisiúin Eorpaigh, Scórchárta Rialála an ECTA agus tagarmharcanna leathanbhanda an OECD.

# 7 Gnóthaí Idirnáisiúnta

Tá an Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) comhdhéanta de na húdaráis náisiúnta rialála (NRAnna) i 36 tír - 27 tír an AE móide an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Eilvéis, an Chróit, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Tuirc, Montainéagró agus an tSeirbia. Tugann IRG deiseanna do NRAnna bualadh le chéile le húdaráis rialála eile amháin chun saincheisteanna forfheidhmithe a phlé. Tá an fóram úsáideach mar áit díospóireachta ar chur i bhfeidhm an chreata rialála agus mar mhalartán faisnéise. Ina theannta sin, soláthraíonn an IRG áiseanna tacaíochta, de réir mar is gá, ag a áitribh sa Bhruiséil le haghaidh cruinnithe Ghrúpaí Oibre Saineolaithe BEREC.

## Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)

D'fhonn comhoibriú níos dlúithe idir rialtóirí Teileachumarsáide Eorpacha a éascú, bhunaigh na hinstitiúidí Eorpacha Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) mar chuid lárnach den Chreat Rialála, trí Rialachán a rinneadh i Samhain 2009. Tionóladh an chéad chruinniú BEREC in Eanáir 2010. I measc na dtascanna atá ag BEREC, ní mór dó dea-chleachtas rialála a fhorbairt agus a scaipeadh i measc NRAnna, tuairimí a sheachadadh ar dhréacht-chinntí, moltaí agus treoirlínte Choimisiúin an AE, comhairle a sholáthar don Choimisiún, Parlaimint nó Comhairle ar iarratas nó ar a thionscnamh féin agus, ar iarratas, cúnamh a thabhairt do NRAnna ar shaincheisteanna rialála.

Tá BEREC comhdhéanta de Bhord Rialtóirí ina bhfuil na Cinn nó na hionadaithe ainmnithe ardleibhéil de NRAnna 27 tír an AE. Glacann Coimisiún an AE agus NRAnna ó thíortha neamh-AE (na 9 gcomhalta eile de IRG) páirt neamh-vótála mar bhreathnóirí don Bhord Rialtóirí.

Faigheann BEREC cúnamh ó Oifig BEREC. Is Comhlacht Pobail é an Oifig atá lonnaithe i Ríge agus feidhmíonn sé faoi threoir Coiste Bainistíochta ina bhfuil ionadaíocht ag gach NRA den AE agus ag an gCoimisiún. Le linn 2011, d'éirigh Oifig BEREC neamhspleách go hoibríochtúil agus soláthraíonn sé lántacú riaracháin anois d'obair BEREC.

Soláthraíonn BEREC struchtúr foirmeálta do rialtóirí Eorpacha agus don Choimisiún Eorpach chun idirghníomhú agus comhfheidhmiú an chreata rialála le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a phlé agus a fhorbairt. Mar chomhlacht comhairleach don Choimisiún Eorpach, soláthraíonn sé an mheicníocht le haghaidh smaoinimh agus díospóireachta agus, le glacadh a chuid moltaí, feidhmíonn sé mar thiománaí do chomhchuir chuige i dtaca le hidirghabháil rialála. Faoi fhorálacha an chreata rialála, éilítear ar NRAnna agus ar an gCoimisiún aon tuairim, moladh, treoirlínte, comhairle nó dea-chleachtas rialála atá glactha ag BEREC a chur san áireamh go dáiríre.

Toghtar Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach BEREC go bliantúil. I measc na nIar-Chathaoirleach de chuid BEREC agus na gCathaoirleach de chuid BEREC sa todhchaí tá:

- 2010 John Doherty, ComReg, (Éire)
- 2011 Chris Fonteijn, OPTA, (An Ísiltír)
- 2012 Georg Serentschy, RTR, (An Ostair)
- 2013 Leonidas Kanellos, EETT, (An Ghréig)

## Clár Oibre BEREC

D'fhonn a Chlár Oibre a chur i gcrích, leithdháileann BEREC gnéithe ar leith den Chlár Oibre do Ghrúpaí Oibre Saineolaithe (EWG). Léiríonn rannpháirtíocht i gclár oibre BEREC, cé gur ceanglas den chreat rialála é, tiomantas suntasach ag NRAnna. Mar gheall ar an riachtanas taisteal a íoslaghdú, coinnítear líon na gcruinnithe Ghrúpa Oibre Saineolaithe ag íosmhéid, le cinntiú go gcuirtear an Clár Oibre i gcrích go héifeachtach. Sa bhreis ar chruinnithe, déanann EWGanna a gcuid gníomhaíochtaí go leictreonach trí ghlaonna comhdhála agus malartuithe r-phoist. Tá ComReg rannpháirteach go díreach i roinnt EWGanna agus tá páirt ghníomhach aige i ngach aschur.
Le linn na tréimhse ó Iúil 2011, ghlac BEREC roinnt doiciméad a chuir feabhas ar an soiléireacht de chur chuige rialála agus a rinne iarracht gníomh rialála aontaithe sa todhchaí a chinneadh. I measc na n-aschur móra tá: Fánaíocht Idirnáisiúnta, Líonraí na Chéad Ghlúine Eile agus Neodracht Líonra chomh maith le roinnt tuairimí i gcásanna "Airteagal 7". Ina theannta sin, d'fhoilsigh BEREC a straitéis mheántéarmach i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí i Márta 2012, ag léiriú na n-ábhar a mbeadh sé dírithe orthu sa mheántéarma. Is iad na téamaí lárnacha ná: Forbairtí Bonneagair (beartas rochtana líonraí na chéad ghlúine eile); cumasú tomhaltóirí (rogha a fheabhsú agus cosaint a chinntiú) agus forbairtí a bhaineann le Seirbhís (fánaíocht, seirbhísí trasteorann, seirbhísí ráta speisialta).

## Fánaíocht Idirnáisiúnta

Tháinig an Rialachán Fánaíochta tosaigh i bhfeidhm ag deireadh Mheithimh 2007 agus rinneadh athbhreithniú air in Iúil 2009. In Iúil 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle go forleathan, lena n-áirítear le BEREC, tograí chun an Rialachán Fánaíochta a shíniú in am agus i raon feidhme. Chuir BEREC leis an díospóireacht ar na tograí seo le tuarascálacha agus le comhairle. Ghlac an Chomhairle agus an Pharlaimint leis an Rialachán leasaithe i Meitheamh 2012. Comhordaíonn BEREC an mhonatóireacht freisin ag NRAnna ar

chomhlíonadh cheanglas an Rialacháin, agus d'fhoilsigh tuarascálacha sonraí tagarmharcála a rinne athbhreithniú ar shonraí margadh fánaíochta a chlúdaíonn an bhliain féilire 2011. Ina theannta sin, d'fhoilsigh BEREC sa dara leath de 2012, Treoirlínte ar an Dualgas Rochtana Mórdhíola agus chuir Tuairim ar fáil, mar a éilítear sa Rialachán, ar Achtanna Forfheidhmithe molta an Choimisiúin maidir le díolachán leithligh na seirbhísí fánaíochta.

## Líonraí na Chéad Ghlúine Eile

Tar éis Moladh an Choimisiúin i Meán Fómhair 2010 maidir le Rochtain Rialaithe ar Líonraí na Chéad Ghlúine Eile, lean BEREC ar aghaidh lena chuid oibre sa réimse seo. De shuntas ar leith, bhí Comhsheasaimh ar Línte Léasaithe Mórdhíola, Rochtain Áitiúil Mórdhíola agus Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola. Glacadh leo siúd i Nollaig 2012 tar éis comhairliúcháin phoiblí agus le Comhsheasaimh nuashonraithe a bhí glactha ag réamhtheachtaí BEREC, Grúpa na Rialtóirí Eorpacha. D'fhoilsigh BEREC freisin tuarascáil ar Fheidhmiú Mholadh an Choimisiúin agus forbhreathnú ar bhearta éagsúla a úsáidtear i mBallstáit chun Leathanbhanda a chur chun cinn.

## Neodracht Líonra

Sna trí bliana ó bunaíodh é, rinne BEREC dianobair ar neodracht líonra, agus sa tréimhse faoi athbhreithniú, d'fhoilsigh sé Treoirlínte ar thrédhearcacht agus ar Cháilíocht Seirbhíse. Rinne BEREC imscrúdú freisin ar fud na hEorpa ar Bhainistiú Tráchta.

## Cásanna "Ealaín 7"

D'fhonn comhsheasmhacht níos mó i mbearta rialála a bhaint amach, tá cumhachtaí maoirseachta ag an gCoimisiún Eorpach i ndáil le bearta a d'féadfadh NRAnna a ghlacadh mura bhfuil margaí iomaíocha ag an leibhéal náisiúnta. Tagann sé seo faoi Alt 7 agus 7a de Threoir an Chreata. Ó Bhealtaine 2011, ní féidir cumhachtaí an Choimisiúin a fheidhmiú ach amháin tar éis dó Tuairimí BEREC a chur san áireamh go dáiríre. Sa tréimhse go deireadh Mheithimh 2012, bhí 14 cás aonair nuair a chuir an Coimisiún amhras dáiríre in iúl faoi na bearta a bhí beartaithe ag NRAnna a dhéanamh. Níor bhain aon cheann de na cásanna seo le bearta molta ag ComReg. Bunaíodh Grúpaí Oibre Saineolaithe, comhdhéanta de shaineolaithe ó bhaill BEREC, chun dul i ngleic leis na cásanna seo agus, seachas an dá chás nuair a tharraing an NRA siar an beart a bhí beartaithe, ghlac an Bord Rialtóirí na tuairimí agus foilsíodh iad.
Is féidir rochtain a fháil ar gach doiciméad BEREC ag **www.berec.europa.eu**

## An Coiste Cumarsáide (CoCom)

Agus é bunaithe mar choiste comhairleach don Choimisiún Eorpach, tá an Coiste Cumarsáide beartaithe mar fhóram inar féidir le Ballstáit idirghníomhú leis an gCoimisiún, an staid agus forbairt gníomhaíochtaí rialála a bhaineann le cumarsáid leictreonach, líonraí agus seirbhísí a phlé agus comhairle a chur orthu. Mar aon le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, glacann ComReg a pháirt mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

# 8 Faisnéis Airgeadais

## Tuarascáil Ón Gcoimisinéir

### Cuireann sé áthas orm tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don tréimhse dar críoch 30 Meitheamh 2012 a chur in bhur láthair.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar 1 Nollaig 2002. Tá feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna sin le rialáil agus ceadúnú thionscal na cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur craolacháin agus raidió), le rialáil na seirbhísí poist, le rialáil seirbhísí ardráta agus le rialáil an ainm fhearainn .ie. Faigheann an Coimisiún a mhaoiniú iomlán ó ioncam a fhaightear ó na tionscail cumarsáide leictreonaí agus poist.

## Ioncam

Cruinnítear tobhaigh ó sholáthróirí ar leith de sheirbhísí cumarsáide leictreonaí agus poist, agus úsáidtear iad le costas rialála a mhaoiniú.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as an speictream raidió a bhainistiú agus déanann sé cuid mhór ceadúnas Raidió-Theileagrafaíochta a eisiúint agus a athnuachan chuig oibreoirí éagsúla, comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobhháideacha agus daoine aonair. Gineann na ceadúnais seo an chuid is mó d'ioncam an Choimisiúin. Tá riachtanas ag baint le ceadúnais ar leith íocaíocht a dhéanamh as an gceart speictream raidió a úsáid.

## Torthaí Airgeadais

Tá mionsonraí thorthaí airgeadais an Choimisiúin leagtha amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leo.

## Iniúchóir agus Cuntais

Faoi réir an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún gach cuntas iomchuí agus gnách ar gach airgead a fuair nó a chaith sé i gcibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún cuntais i leith gach bliain faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Laistigh de 42 lá tar éis do na cuntais a bheith iniúchta, éilítear ar an gCoimisiún cóip de na cuntais sin mar aon le tuairisc iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Rialachas Corporáide

Tá rún daingean ag an gCoimisiún na caighdeáin is airde maidir le rialachas corporáide a chothabháil. Is é an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an bonn ar a mbíonn ár mbeartais rialachas corparáide bunaithe.

Cuireann alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, an dualgas ar an gCoimisiún glacadh le cód bainistíochta airgeadais, le ceadú an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus socruithe a dhéanamh dá fhoilsiú tar éis an cheadú sin a fháil. Lena chois sin, ní mór don Choimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistithe airgeadais agus é a leasú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún freisin tagairt a dhéanamh ina thuarascáil bhliantúil don chloí leis an gcód.

D'fhaomh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Tá an cód foilsithe ar ár láithreán gréasáin, agus is é beartas an Choimisiúin féachaint chuige go ndéantar an cód a chomhlíonadh.

## Gnóthas Leantach

Rinne na Coimisinéirí fiosruithe agus creideann siad go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun leanúint ar aghaidh ag oibriú sa todhchaí atá rompu, agus chun bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh in ullmhúchán na ráiteas airgeadais.

## Íoc pras cuntas

Admhaíonn an Coimisiún a chúram chun an cloí le gach gné ábhartha d'fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íoc Déanach Idirbhearta Tráchtála) ("na Rialacháin") a chinntiú. Cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm le dátaí dlite d'íoc sonrasc a aithint agus lena chinntiú go n-íocfaí iad faoi na dátaí sin. Is féidir a bheith réasúnta cinnte de thoradh na ngnáthamh sin nach ndéanfar sárú ábhartha ar na Rialachán. Ba é an beartas íoctha i rith na bliana faoi athbhreithniú ná chun cloí le riachtanais na Rialachán seo.

**Kevin O'Brien**, Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

## Ráiteas Ar Fhreagrachtaí An Choimisiúin

## Faoi alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, éilítear ar an gCoimisiún gach cuntas iomchuí agus gnách ar airgead a fuair nó a chaith sé a choimeád i gcibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-airítear cuntas ioncaim agus caiteachais mar aon le clár comhardaithe a dhéanfaidh idirdhealú idir:

(a) na feidhmeanna atá aige maidir le cumarsáid leictreonach agus,
(b) na feidhmeanna atá aige maidir le cúrsaí poist agus
(c) na feidhmeanna atá aige maidir le seirbhísí ardráta.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, éilítear ar an gCoimisiún:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus críonna;
- caighdeáin infheidhmithe cuntasaíochta a leanúint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha uathu sin a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin sa chás nár chuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair iomchuí chuntais a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith stádas airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go dtagann na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta. Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Kevin O'Brien,** Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

## An Fhreagracht um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcothabháiltear is go n-oibrítear córas éifeachtach rialúcháin airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras urrús iomlán a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún chun timpeallacht chuí rialúcháin a chinntiú trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú.

### Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- chineál, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí a bhíonn os comhair an chomhlachta a aithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- mheasúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta;
- mheasúnú ar chumas an chomhlachta chun críocha aitheanta rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialacháin áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas rialúcháin airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Coimisiún a athbhreithniú agus a aontú;
- athbhreithnithe rialta ag an gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamh-mheastachán;
- spriocanna a shocrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialúcháin soiléire faoin infheistíocht chaipitiúil;
- disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an gCoimisiún, a oibríonn de réir Creat Cód Sárchleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialú na gComhlachtaí Stáit. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas ó anailís ar an riosca a mbíonn an Coimisiún nochtaithe dó, agus bíonn pleananna iniúchta bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Is é an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann athbhreithniú ar an anailís riosca, agus is iad an Coiste Iniúchóireachta agus an Coimisiún a fhaomhann na pleananna iniúchta inmheánacha. Ar bhonn bliantúil ar a laghad, cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánach ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún. Áirítear sa tuarascáil tuairim an iniúchóra inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta, a dhéanann obair an iniúchóra inmheánaigh a mhaoirsiú, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún, a mbíonn an fhreagracht orthu as an gcreat rialúcháin airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir bhainistíochta dá chuid.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialacháin

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh i rith na bliana dar críoch 30 Meitheamh 2012.

**Kevin O'Brien,** Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

# Tuarascáil Ón Ard-Reachtaire Cuntas Agus Ciste

## Rinne mé iniúchadh ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2012, faoi réir Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas leithreasa, ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 32 den Acht, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

### Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a thabhairt orthu de réir an dlí infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta atá ceangailte ar chomhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus ar nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise freisin le linn an iniúchta faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Lena chois sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má fhaighim míráiteas nó neamhréireacht ábhartha follasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, choinnigh an Coimisiún leabhair iomchuí cuntais agus tugann na ráitis airgeadais, a thagann leo sin, léargas cruinn agus cothrom ar stádas ghnóthaí an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide ag 30 Meitheamh 2012 agus ar an ioncam agus caiteachas agus a shreabhadh airgid don bhliain dar críoch sin.

I mo thuairimse, choinnigh an Coimisiún leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais de réir na leabhar cuntais.

## Cúrsaí a dtuairiscím orthu trí eisceacht
## Tuairiscím trí eisceacht

- Nuair nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- Nuair a tugadh faoi deara le linn m'iniúchta cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críche dá raibh sé beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás lena rialaítear iad, nó
- Nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin don bhliain dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- Nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an Coimisiúin an Cód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighim cúrsaí ábhartha ar bith eile a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.

**Seamus McCarthy**, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
26 Aibreán 2013

# Ráiteas Ar Bheartais Chuntasaíochta

## 1. Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear ráitis airgeadais don Choimisiún ar mhodh a cheadaíonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is ar bhonn fabhruithe a ullmhaítear iad, ach amháin sna cásanna a luaitear thíos, faoi ghnás an chostais stairiúil, agus faoi réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a bhaineann siad le hábhar. Is é an t-aonad airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais i láthair ná an Euro.

## 2. Aitheantas Ioncaim

Cuirtear ioncam ón tobhach riaracháin Cumarsáide Leictreonaí chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann agus déantar aon bharrachas ar na costais ábhartha riaracháin, lena n-áirítear soláthairtí, a aisíoc.

Cuirtear ioncam ó cheadúnais Raidió, MMDS agus Sraonaire chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann an ceadúnas.

Léiríonn Ioncam Speictrim ioncam táillí a íocadh leis an gCoimisiún as an gceart a bheith aige speictream raidió a úsáid. Tugtar an t-ioncam seo chun cuntais sa tréimhse ina mbíonn sé dlite. Sa bhliain go dtí 30 Meitheamh 2012, tháinig an t-ioncam ó speictream raidió 3G.

Tugtar Ioncam Eile chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé.

## 3. Leithreasú Barrachas Oibriúcháin

Leagtar amach dáileadh de bharrachas a bhíonn ann sa bhliain i gCuntas Leithreasaithe. Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, d'fhéadfadh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Coimisiún a ordú méid atá sonraithe aige nó aici a íoc isteach sa Chisteán, arbh ionann é agus an méid comhiomlán a fhaigheann an Coimisiún gach bliain airgeadais a théann thar na costais chomhiomlána tabhaithe ar riarachán sa bhliain sin. Meastar a leithéid de mhéideanna a bheith mar ranníocaíocht ón mbarrachas coinnithe a gineadh ó oibriúcháin.

## 4. Sócmhainní Seasta Agus Dímheas

Glacann an Coimisiún íostairseach caipitlithe €1,000. Luaitear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar an dímheas d'fhonn an costas (glan ó aon luach iarmharach i dtaca le Mótarfheithiclí) a bhaineann le sócmhainní seasta a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta ag na rátaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh teicniúil | -15% |
| Trealamh ríomhaireachta | -331/3% |
| Daingneáin, feistí agus trealamh oifige | -15% |
| Mótarfheithiclí | -20% |

## 5. Cúlchiste Caipitil

Is éard atá sa chúlchiste caipitil ná cuntas neamh-amúchta ar ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

## 6. Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta a rinneadh in airgeadraí coigríche a bhaineann le hioncam agus le costais a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar na dátaí ar a ndéantar na hidirbhearta.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

## 7. Pinsin

Tá foireann an Choimisiúin comhdhéanta de na Coimisinéirí agus agus fostaithe a earcaíodh go díreach. Tá scéim phinsin le sochar sainithe i bhfeidhm do Choimisinéirí agus fostaithe an Choimisiúin. Faigheann an scéim maoiniú ó ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, ó fhostaithe agus

ón gCoimisiún, a aistrítear chuig ciste ar leith faoi riarachán iontaobhaithe.

Ghlac an Coimisiún le Sochair Scoir FRS 17. Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach, ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta. Léirítear barrachas de dhliteanais scéime thar shócmhainní scéime ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Tá an muirear pinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais comhdhéanta de chostas na seirbhíse reatha, móide an difríocht idir an brabús ionchais ar shócmhainní scéime agus costas úis na ndliteanas scéime.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha mar gheall ar athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha agus mar gheall ar bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain sin ina dtarlaíonn siad.

## 8. Cánachas

Ní bhíonn aon dliteanas as Cáin Chorporáide ar an gCoimisiún. Ní dhlitear CBL ar ioncam an Choimisiúin. Déantar foráil do chánachas maidir le hús éarlaise a fhaightear.

## 9. Leithdháileadh costas

Faoi Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreonach agus na feidhmeanna atá aige maidir le cúrsaí poist. Déantar ioncaim agus costais a bhaineann go díreach le gach feidhm a aithint ar leithligh sna cuntais. Leithdháiltear comh-fhorchostais ar gach feidhm i gcionmhaireacht le líon na foirne a théann i ngleic le gach feidhm.

# Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais
# Don Bhliain Dar Críoch 30 Meitheamh 2012

| | | | | | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2012 | 2012 | 2012 | 2012 | 2011 |
| | Nótaí | Cumarsáid Leictreonach | | Post | Seirbhísí Ardráta | | |
| | | Tobhach | Eile | Tobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | |
| Tobhacha | | 8,352 | | 1,142 | 882 | 10,376 | 10,854 |
| Táillí Ceadúnaithe | 1 | | 31,468 | | | 31,468 | 28,672 |
| Ioncam Speictrim | 1 | | 13,900 | | | 13,900 | 13,900 |
| Ioncam Eile | 1 | | 2,017 | | | 2,017 | 548 |
| **Ollioncam** | | **8,352** | **47,385** | **1,142** | **882** | **57,761** | **53,974** |
| Aistriú (go dtí) / ó Chúlchiste Caipitil | 9 | | 96 | | | 96 | (22) |
| **Glanioncam** | | **8,352** | **47,481** | **1,142** | **882** | **57,857** | **53,952** |
| **Caiteachas** | | | | | | | |
| Costais Foirne | 2 | 5,323 | 3,506 | 472 | 638 | 9,939 | 10,008 |
| Costais Phinsean | 14(b) | 289 | 196 | 26 | 44 | 555 | 583 |
| Comhairle Theicniúil | 3 | 1,833 | 1,179 | 590 | 198 | 3,800 | 4,630 |
| Costais Dlí | | 484 | 1,854 | 77 | 146 | 2,561 | 1,795 |
| Fógraíocht | | 30 | 6 | | 4 | 40 | 62 |
| Costais Riaracháin | 4 | 1,131 | 707 | 85 | 135 | 2,058 | 2,280 |
| Luach Saothair Iniúchóirí | | 9 | 7 | 2 | 2 | 20 | 28 |
| Costais Foirgnimh agus Ghaolmhara | | 699 | 494 | 71 | 125 | 1,389 | 1,497 |
| Dímheas | 5 | 352 | 286 | 38 | 68 | 744 | 726 |
| (Brabús) / Caillteanas ar Dhíol Feithicle | | | 6 | | | 6 | (2) |
| Síntiúis chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 12 | 645 | | | | 645 | 659 |
| | | **10,795** | **8,241** | **1,361** | **1,360** | **21,757** | **22,266** |
| **(Easnamh)/ Barrachas Oibriúcháin** | | **(2,443)** | **39,240** | **(219)** | **(478)** | **36,100** | **31,686** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Kevin O'Brien,** Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

# Cuntas Leithreasa Don Bhliain Dar Críoch 30 Meitheamh 2012

| | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | | Iomlán | Iomlán |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Barrachas Oibriúcháin** | | **36,100** | **31,686** |
| Lúide: Leithreasuithe | | | |
| Iníoctha leis an Lárchiste | 10 | (35,136) | (30,765) |
| Coigeartú Cúlchiste Pinsean | 10 | (964) | (921) |
| **Barrachas Tugtha Ar Aghaidh** | | **0** | **0** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Kevin O'Brien,** Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

# Ráiteas Ar Ghnóthachain Agus Caillteanais Aitheanta Iomlána Don Bhliain Dar Críoch 30 Meitheamh 2012

| | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | | Iomlán | Iomlán |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Barrachas** | | **0** | **0** |
| Brabús iarmhír lúide brabús ionchais ar shócmhainní scéime | 14(ciii) | (602) | 280 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean | 14(cii) | 397 | 388 |
| Athruithe ar fhoshuíomhanna is bun le luach reatha na ndliteanas scéime pinsean | 14(cii) | (9,000) | 2,643 |
| Aistrithe isteach le haghaidh réamhsheirbhíse | 14(ciii) | | 738 |
| **Gnóthachain /(Caillteanais) Aitheanta Iomlána sa Bhliain Airgeadais** | | **(9,205)** | **4,049** |

Is é €2,946,000 an gnóthachan carnach aitheanta ó ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha le cúig bliana anuas.

| **Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsean** | | | |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar 1 Iúil | | 4,905 | (65) |
| Gnóthachain/(Caillteanais) aitheanta iomlána sa bhliain | | (9,205) | 4,049 |
| Coigeartú Cúlchiste Pinsean | 10 | 964 | 921 |
| Iarmhéid amhail 30 June | | (3,336) | 4,905 |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Kevin O'Brien**, Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

# Clár Comhardaithe Amhail Ar 30 Meitheamh 2012

| | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5 | 1,608 | 1,704 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 6 | 7,611 | 9,160 |
| Infheistíochtaí Gearrthéarma | 7 | 68,356 | 71,927 |
| Airgead Sa Bhanc Agus Ar Láimh Agus Taiscí Gearrthéarma | | 3,659 | 3,653 |
| | | 79,626 | 84,740 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna Dlite Laistigh De Bhliain)** | | | |
| Creidiúnaithe | 8 | (79,626) | (84,740) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **0** | **0** |
| **Sómhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha** | | **1,608** | **1,704** |
| **Glansócmhainní Seachas Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean** | | **1,608** | **1,704** |
| Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean | 14(ci) | (3,336) | 4,905 |
| **Glansócmhainní Agus Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean San Áireamh** | | **(1,728)** | **6,609** |
| **Ionannaithe Ag** | | | |
| Cúlchistí Caipitil | 9 | 1,608 | 1,704 |
| Cúlchiste Pinsean | | (3,336) | 4,905 |
| **Cúlchistí Agus Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean San Áireamh** | | **(1,728)** | **6,609** |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Kevin O'Brien**, Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 201

# Ráiteas Ar Shreabhadh Airgid Don Bhliain Dar Críoch 30 Meitheamh 2012

| | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Réiteach Barrachas Oibriúcháin Le Glan-Insreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Oibriúcháin (roimh Leithreasuithe) | | 36,100 | 31,686 |
| Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí | | (964) | (921) |
| Dímheas | | 744 | 726 |
| (Brabús) /Caillteanas i nDíolachán Sócmhainne | | 6 | (2) |
| Ús Bainc | | (549) | (541) |
| Aistriú cúlchiste caipitil | | (96) | 22 |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe | | 1,549 | (595) |
| Méadú i gCreidiúnaithe (gan Lárchiste san áireamh) | | 14,871 | 3,284 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **51,661** | **33,659** |
| **Ráiteas Ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 51,661 | 33,659 |
| Brabús ar Infheistíochtaí | | | |
| - Ús Bainc agus ús eile a fuarthas | | 549 | 541 |
| Caiteachas caipitil | | (661) | (751) |
| Fáltas ó dhíolachán sócmhainne | | 7 | 5 |
| Íocaíocht leis an Lárchiste | 10 | (55,121) | (24,865) |
| Bainistíocht d'Acmhainní Leachtacha | | | |
| - (Méadú)/Laghdú ar Thaiscí Gearrthéarma | | (43) | 128 |
| - Laghdú/(Méadú) ar Infheistíochtaí Gearrthéarma | | 3,571 | (8,438) |
| **(Laghdú) / Méadú Ar Iarmhéideanna Airgid** | | **(37)** | **279** |
| **Réiteach Glansreabhadh Airgid Le Gluaiseacht I Nglanchistí** | | | |
| (Laghdú)/Méadú in airgead sa tréimhse | | (37) | 279 |
| Méadú/(Laghdú) ar Thaiscí Gearrthéarma | | 43 | (128) |
| (Laghdú)/Méadú ar Infheistíochtaí Gearrthéarma | | (3,571) | 8,438 |
| Athrú ar Ghlanchistí | | (3,565) | 8,589 |
| Glanchistí Tosaigh | | 75,580 | 66,991 |
| Glanchistí Deiridh | | 72,015 | 75,580 |

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Kevin O'Brien**, Coimisinéir
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
9 Aibreán 2013

# Nótaí A Ghabhann Leis Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 30 Meitheamh 2012

| | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | | €'000 | €'000 |
| **1.** | **Ioncam Neamh-Thobhaigh** | | |
| | Táille Cheadúnaithe Cumarsáide Leictreonaí | 18,452 | 15,671 |
| | Táillí Ceadúnaithe Raidió 2G & 3G | 12,895 | 12,868 |
| | Táillí Ceadúnaithe Raidió Eile | 121 | 133 |
| | Ceadúnú MMDS & Sraonairí | 31,468 | 28,672 |
| | **Ioncam Speictrim Cumarsáide Leictreonaí** | | |
| | Ioncam Speictrim 3G | 13,900 | 13,900 |
| | **Ioncam Eile** | | |
| | Ús Bainc | 549 | 541 |
| | Ilghnéitheach* | 1,468 | 7 |
| | | **2,017** | **548** |

* áirítear leis sin:
(a) Íocaíocht €115,000 ag Eircom mar gheall ar theip aige spriocanna ar leith feidhmíochta a bhaint amach maidir le feidhmíocht cháilíochta seirbhíse Eircom i dtaca lena Dhualgas Seirbhíse Uile-Choitinne don tréimhse 2010/2011.
(b) I bhFeabhra 2012, socraíodh imeachtaí Ard-Chúirte i gcoinne Vodafone i dtaca le comhlíonadh le Rialacháin Fánaíochta CE Uimh. 544/2009, agus íocaíocht €400,000 le ComReg trí phionós airgeadais a bhí ordaithe ag an gCúirt.
(c) In Aibreán 2012, chomhaontaigh Vodafone €951,000 a íoc le ComReg €951,000 tar éis do ComReg fiosrúchán a dhéanamh ar neamhréiteach idir praghsanna a d'fhoilsigh Vodafone maidir le glaonna ar uimhreacha sna réimsí uimhreacha 1520, 1580 agus 1590 agus na táillí a gearradh ar chustaiméirí. Rinneadh an íocaíocht faoi Alt 44 de na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 go dtí 2011.

| | | | | | | Bliain go dtí 30 / 06 | Bliain go dtí 30 / 06 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2012 | 2012 | 2012 | 2012 | 2011 |
| | | Cumarsáid Leictreonaich | | Post | PRS | | |
| | | Tobhach | Eile | Tobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **2.** | **Costais Foirne** | | | | | | |
| | Costais fostaithe le linn na bliana: | | | | | | |
| | Pá agus Tuarastail # | 4,856 | 3,198 | 431 | 582 | 9,067 | 9,129 |
| | Costais Leasa Shóisialaigh | 467 | 308 | 41 | 56 | 872 | 879 |
| | | **5,323** | **3,506** | **472** | **638** | **9,939** | **10,008** |
| | Ba é seo a leanas meánlíon na foirne fostaithe ag an gCoimisiún le linn na bliana, agus é anailísithe de réir catagóire: | 62 | 44 | 5 | 11 | 122 | 125 |

#Oibríonn an Coimisiún scéim luach saothair bainteach le feidhmíocht (a bhunaigh Oifig Stiúrthóir Rialú na Teileachumarsáide i dtosach). As iomlán na gcostas Pá agus Tuarastail, léiríonn €786,000 (nó 8%) den iomlán íocaíochtaí don fhoireann de réir forálacha na scéime luacha saothair bainteach le feidhmíocht agus téarmaí a gconarthaí fostaíochta. Léirítear mionsonraí luach saothair na gCoimisinéirí thíos.

| 2. | Costais Foirne (ar lean.) | Tuarastal | Luach Saothair Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| | Alex Chisholm, Cathaoirleach | 180 | 1 | 181 |
| | Mike Byrne, Coimisinéir* | 98 | 1 | 99 |
| | Kevin O'Brien, Coimisinéir | 100 | - | 100 |

* D'éirigh Mike Byrne as a phost ar 4 Feabhra 2012. Ceapadh Kevin O'Brien ar 1 Samhain 2011. Léiríonn luach saothair eile costas an árachais leighis a bhí íoctha ag ComReg. Ní théann teidlíochtaí pinsin na gCoimisinéirí thar na teidlíochtaí caighdeánacha i Scéim Aoisliúntais ComReg (atá bunaithe ar an Scéim Eiseamlárach Aoisliúntais do státseirbhísigh). Níl Coimisinéirí incháilithe le haghaidh pá atá bainteach le feidhmíocht.

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | | €'000 | €'000 |
| 3. | Comhairle Theicniúil | | |
| | Comhairle Ghairmiúil &Theicniúil | 2,288 | 3,110 |
| | Bainistíocht Teagmhála | 208 | |
| | Taighde Margaidh | 191 | 271 |
| | Monatóireacht ar Cháilíocht Seirbhíse | 346 | 370 |
| | Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil | 332 | 300 |
| | | **3,800** | **4,630** |

| 4. | Costais Riaracháin | | |
|---|---|---|---|
| | Trealamh agus Cothabháil TF | 570 | 618 |
| | Síntiúis chuig Bunachair Shonraí/Tuarascálacha Taighde | 379 | 187 |
| | Taisteal agus Cothú | 298 | 366 |
| | Comhdhálacha/Cruinnithe | 183 | 246 |
| | Post agus Teileachumarsáid | 136 | 146 |
| | Páipéarachas | 83 | 105 |
| | Foilsiú agus Cur Chun Cinn | 95 | 247 |
| | Earcaíocht | 57 | 34 |
| | Soilsiú, Téamh agus Glantachán | 88 | 99 |
| | Árachas | 30 | 31 |
| | Costais Riaracháin Eile | 139 | 201 |
| | | **2,058** | **2,280** |

| 5. Sócmhainní Inláimhsithe | Trealamh Teicniúil | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin, Feistis & Trealamh Oifige | Mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail ar 30 Meitheamh 2011 | 883 | 3,368 | 2,573 | 131 | 6,955 |
| Breiseanna | 286 | 287 | 20 | 68 | 661 |
| Diúscairtí | - | - | - | (35) | (35) |
| Amhail ar 30 Meitheamh 2012 | **1,169** | **3,655** | **2,593** | **164** | **7,581** |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Amhail ar 30 Meitheamh 2011 | 601 | 2,752 | 1,866 | 32 | 5,251 |
| Diúscairtí | - | - | - | (22) | (22) |
| Muirear na tréimhse | 80 | 364 | 280 | 20 | 744 |
| Amhail ar 30 Meitheamh 2012 | **681** | **3,116** | **2,146** | **30** | **5,973** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| 30 Meitheamh 2012 | 488 | 539 | 447 | 134 | 1,608 |
| 30 Meitheamh 2011 | 282 | 616 | 707 | 99 | 1,704 |

| | | 30 Meitheamh 2012 | 30 Meitheamh 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **6.** | **Féichiúnaithe** | | |
| | **Dlite laistigh de bhliain:** | | |
| | Tobhas riaracháin Cumarsáide Leictreonaí | 658 | 578 |
| | Tobhas riaracháin poist | 35 | 35 |
| | Ioncam Ceadúnais Raidió | 5,505 | 7,262 |
| | Ioncam Fabhraithe | 270 | 93 |
| | Réamhíocaíochtaí & costais in-aisghabhála | 1,143 | 1,192 |
| | | **7,611** | **9,160** |

Áirítear le costais in-aisghabhála suim €200,000 i dtaca le costais tabhaithe ag ComReg mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa Tionscadal Náisiúnta Postchóid i 2005/6. Is é €479,000 an costas iomlán tabhaithe ag ComReg i dtaca leis an tionscadal seo, agus €279,000 den mhéid sin aisghafa tríd an Tobhach Poist. Athghabhadh an t-iarmhéid €200,000 ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dheireadh na bliana.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **Infheistíochtaí Gearrthéarma** | | |
| | Infheistíochtaí Gearrthéarma | 68,356 | 71,927 |

Cuimsíonn Infheistíochtaí Gearrthéarma Nóta Cisteáin a bhí ceannaithe ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Teoranta.

| | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|
| | 2012 | 2011 |
| | €'000 | €'000 |
| **8. Creidiúnaithe** | | |
| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 1,110 | 1,853 |
| Creidiúnaithe Eile | 24,349 | 7,792 |
| Cáin Bhreisluacha | 122 | 110 |
| Fabhruithe | 1,100 | 1,171 |
| Ioncam Iarchurtha (féach anailís thíos) | 20,877 | 21,913 |
| Párolla | 847 | 695 |
| Iníoctha leis an Lárchiste (féach Nóta 10) | 31,221 | 51,206 |
| | **79,626** | **84,740** |

Coinníonn ComReg Taiscí Airgid €24.1m (áirithe i gCreidiúnaithe Eile) ar iontaobhas agus baineann na taiscí seo le gealltanais ar leith a rinneadh do ComReg maidir lena fheidhmeanna rialála, agus áirítear méid comhfhreagrach in iarmhéid deireadh bliana an Choimisiúin.

| **Anailís ar Ioncam Iarchurtha** | | |
|---|---|---|
| Ioncam Ceadúnais Raidió | 20,197 | 21,710 |
| Eile | 680 | 203 |
| | **20,877** | **21,913** |

Nuair a dhéantar ceadúnais a athnuachan do thréimhse a théann thar dheireadh na bliana airgeadais, iarchuirtear cuid den ioncam sin chun caiteachas a chomhlíonadh sa chéad bhliain eile.

| **9. Cúlchistí Caipitil** | | |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh** | **1,704** | **1,682** |
| Aistriú (go)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| Glanmhéideanna Breise ar shócmhainní seasta | 661 | 751 |
| Amúchadh de réir dímheas sócmhainne seasta | (744) | (726) |
| Méid a scaoileadh ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | (13) | (3) |
| Glanmhéid go dtí Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | (96) | 22 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **1,608** | **1,704** |

**10. Leithreasú Barrachais**

Ní dhearnadh deimhniú deiridh fós maidir leis an méid indáilte go dtí an Lárchiste don bhliain go dtí 30 Meitheamh 2012. Níltear ag súil leis go mbeidh aon deimhniú deiridh níos mó ná €35,136,000. Le linn na bliana go dtí 30 Meitheamh 2012, íocadh €25,121,000 leis an Lárchiste maidir leis an mbliain go dtí 30 Meitheamh 2010 agus íocadh €30,000,000 maidir leis an mbliain go dtí 30 Meitheamh 2011. Léiríonn an coigeartú don chúlchiste pinsean sa bhliain an difríocht idir na ranníocaíochtaí carnacha don chiste pinsin agus na méideanna comhfhreagracha aitheanta tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 11. Áitribh Agus Cóiríocht

Tá an Coimisiún i seilbh áitreabh ag Cúirt na Mainistreach, Meal Irish Life, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Glactar na háitribh ar cíos ó Oifig na nOibreacha Poiblí ag cíos bliantúil €900,000. Tá gealltanais bhliantúla freisin ag an gCoimisiún €140,074 iníoctha laistigh den bhliain atá le teachta mar gheall ar dhá léas, ceann acu a rachaidh as feidhm i 2013 agus an ceann eile i 2024, maidir le cóiríocht oifige (foligthe do thríú páirtithe faoi láthair) ag Halla an Chorráin, Corrán Shráid an Mhóta, Baile Átha Cliath 2.

## 12. Comhaltas D'eagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta

Déanann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha íocaíochtaí ar leith le Eagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta as fáltais ón Tobhach Riaracháin Cumarsáide Leictreonaí. Áirítear €645,000 sa mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don chuspóir sin.

## 13. Coimisinéirí Agus Foireann - Nochtadh Leasanna

Chomhlíon na Coimisinéirí agus an fhoireann riachtanais Alt 25 (Nochtadh Leasanna) den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí an Choimisiúin a raibh aon leas ag na Coimisinéirí iontu.

## 14. Pinsin

### a. Cur Síos ar an Scéim

Is údarás náisiúnta rialála é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, a bunaíodh faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Foráiltear in Ailt 26 agus 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéimeanna le sochair aoisliúntais a thabhairt do na Coimisinéirí agus na baill foirne agus ina leith, faoi réir faomhadh an Aire.

Oibrítear scéim mhaoinithe le sochar sainithe do na Coimisineirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin.

Maidir le cuspóirí tuairiscithe de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 17 - Sochar Scoir (FRS 17), comhlánaíodh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach amhail ar 30 Meitheamh 2012.

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | 2012 | 2011 |
| | | €'000 | €'000 |
| **b.** | **Costais Phinsean** | | |
| | Costas seirbhíse reatha | 1,186 | 1,257 |
| | Costas úis | 1,215 | 1,120 |
| | Brabús ionchais ar Shócmhainní Scéime | (1,449) | (1,400) |
| | Costas iarsheirbhíse | | |
| | Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe | (397) | (394) |
| | **Iomlán** | **555** | **583** |
| **c i.** | **Glandliteanas Pinsean Comhdhéanta de:** | | |
| | Luach cóir Sócmhainní Scéime | 26,286 | 23,776 |
| | Luach Reatha Dualgais Mhaoinithe | (29,622) | (18,871) |
| | **(Glandliteanas)/Glansócmhainn** | **(3,336)** | **4,905** |

| 14. | Pinsin (ar lean.) | | |
|---|---|---|---|
| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
| | | 2012 | 2011 |
| | | €'000 | €'000 |
| c ii. | Luach Reatha Dualgais Scéime ag tús na bliana | 18,871 | 19,864 |
| | Costas Seirbhíse Reatha | 1,186 | 1,257 |
| | Costas Úis | 1,215 | 1,120 |
| | Caillteanas /(Gnóthachain) Achtúireach | 8,603 | (3,031) |
| | Sochair a Íocadh | (217) | (300) |
| | Préimheanna a Íocadh | (36) | (39) |
| | **Luach Reatha de Dhualgais Scéime ag deireadh na bliana** | **29,622** | **18,871** |
| c iii. | Athrú ar Shócmhainní Scéime | | |
| | Luach Cóir Sócmhainní Scéime ag tús na bliana | 23,776 | 19,799 |
| | Brabús ionchais ar Shócmhainní Scéime | 1,449 | 1,400 |
| | Gnóthachain/(Caillteanas) Achtúireach | (602) | 280 |
| | Ranníocaíochtaí Fostóra | 1,519 | 1,504 |
| | Ranníocaíochtaí Comhaltaí | 397 | 394 |
| | Aistrithe isteach do réamhsheirbhís | - | 738 |
| | Sochair a íocadh ón Scéim | (217) | (300) |
| | Préimheanna a íocadh | (36) | (39) |
| | **Luach Cóir de Shócmhainní Scéime ag deireadh na bliana** | **26,286** | **23,776** |
| | Áirítear an cleachtas reatha de phinsin a mhéadú de réir boilsciú i dtomhas den dualgas le sochar sainithe. | | |
| d. | Comhshuíomh Sócmhainní Scéime | | |
| | Bhí sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana comhdhéanta de: | | |
| | Gnáthscaireanna | 53.3% | 53.3% |
| | Bannaí | 45.4% | 45.0% |
| | Réadmhaoin | 1.3% | 1.7% |
| | Eile | 0.0% | 0.0% |
| | | **100.0%** | **100.0%** |
| | Brabús iarbhír lúide brabús ionchais ar shócmhainní na scéime | | |
| | Brabús Iarbhír | 847 | 2,418 |
| | Lúide: Brabús Ionchais | (1,449) | (1,400) |
| | | **(602)** | **1,018** |

| d. | Comhshuíomh Sócmhainní Scéime | | |
|---|---|---|---|
| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
| | | 2012 | 2011 |
| | | €'000 | €'000 |
| | Chun ráta ionchais fadtéarma de bhrabús ar fhoshuíomh sócmhainní a fhorbairt, mheas an Coimisiún leibhéal reatha de bhrabús ionchais ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe bainteach leis na rangaithe sócmhainní eile ina bhfuil an punann infheistithe, agus na hionchais i dtaca le brabús de gach rang sócmhainní sa todhchaí. Ina dhiaidh sin, ualaíodh an brabús ionchais do gach rang sócmhainní bunaithe ar dháileadh na sócmhainne sprice chun an ráta ionchais fadtéarma de bhrabús ar fhoshuíomh sócmhainní a fhorbairt don phunann. Mar thoradh air seo, roghnaíodh an foshuíomh 5.30% amhail ar 30 Meitheamh 2012 agus an foshuíomh 5.89% amhail ar 30 Meitheamh 2011. Ní dhearnadh aon liúntas don tobhach pinsin a bhí á íoc ó shócmhainní na scéime, ach laghdaíodh an brabús ionchais ar shócmhainní do 2012, le 0.6% chun an tobhach pinsin a léiriú. | | |
| | **Meán-fhoshuíomhanna ualaithe a úsáideadh chun dualgais sochair a chinneadh** | | |
| | Ráta Lascaine | 4.35% | 6.10% |
| | Ráta den mhéadú cúitimh | 3.75% | 4.00% |
| | **Meán-fhoshuíomhanna ualaithe a úsáideadh chun costas pinsin a chinneadh** | | |
| | Ráta Lascaine | 6.10% | 5.35% |
| | Brabús ionchais fadtéarma ar shócmhainní na scéime | 5.89% | 6.68% |
| e. | Foshuíomhanna Airgeadais & Déimeagrafacha | | |
| | Ba iad seo a leanas na Foshuíomhanna Airgeadais a úsáideadh do chuspóirí FRS 17: | | |
| | Ráta lascaine | 4.35% | 6.10% |
| | Méaduithe tuarastail | 3.75% | 4.00% |
| | Méaduithe Pinsean | 3.25% | 3.50% |
| | Méaduithe boilscithe | 2.00% | 2.25% |

| Bhí na Foshuíomhanna Déimeagrafacha a úsáideadh mar seo a leanas | | |
|---|---|---|
| | 2012 | 2011 |
| Mortlaíocht Réamhscoir* | 108% d'fheabhsuithe PNM/FL00-1 | 108% d'fheabhsuithe PNM/FL00-1 |
| Mortlaíocht Iarscoir* | CSO ó 2006 do gach comhalta. | CSO ó 2006 do gach comhalta. |
| Scoir | Glactar leis go dtéann gach comhalta a tháinig isteach roimh 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 agus go dtéann gach comhalta eile ar scor ag aois 65 | Glactar leis go dtéann gach comhalta a tháinig isteach roimh 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 agus go dtéann gach comhalta eile ar scor ag aois 65 |
| Scor Drochshláinte | Gan liúntas | Gan liúntas |
| Scor Luath | Gan liúntas | Gan liúntas |
| Aistarraingtí | Gan liúntas | Gan liúntas |
| Céatadán pósta | Glactar leis go bhfuil 90% d'Fhir agus 75% de Mhná pósta. | Glactar leis go bhfuil 90% d'Fhir agus 75% de Mhná pósta. |
| Difríocht in aois idir céilí | Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a bhean chéile | Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a bhean chéile |

* Tá na foshuíomhanna mortlaíochta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn gnáthmhortlaíocht pinsinéirí, agus ligeann siad d'ionchas saoil méadaithe le caitheamh ama.

| | 30 / 06 | 30 / 06 | 30 / 06 | 30 / 06 | 30 / 06 |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **f. Stair dualgas le sochar sainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus caillteanas ó thaithí** | | | | | |
| Dualgais le sochar sainithe | 29,622 | 18,871 | 19,864 | 17,260 | 16,523 |
| Luach cóir Sócmhainní Scéime | (26,286) | (23,776) | (19,799) | (14,827) | (12,281) |
| Easnamh/(Barrachas) do Scéim mhaoinithe | 3,336 | (4,905) | 65 | 2,433 | 4,242 |
| **(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar Dhliteanais Scéime** | | | | | |
| Méid | (397) | (388) | (3,070) | 810 | 99 |
| Céatadán de Dhliteanais Scéime | (1.3%) | (2.1%) | (15.5%) | 4.7% | 0.6% |

**g. Seirbhís Inphinsin Roimhe Seo**

Baineann dliteanais na scéime pinsin le sochair scoir mar thoradh ar sheirbhís leis an gCoimisiún agus seirbhís le comhlachtaí poiblí eile roimh dhul isteach sa Choimisiún, sa chás go bhfuil an tseirbhís sin aitheanta ag an gCoimisiún. Tá an Coimisiún i dteideal aisghabháil de chostas maoinithe na seirbhíse roimhe a lorg ó chomhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallraíochta de Líonra Aistrithe na Seirbhíse Poiblí.

Maidir le seirbhís aistrithe ag comhaltaí roimh 30 Meitheamh 2012, ba é Neamhní luach iomlán na n-íocaíochtaí sin a fuarthas sa bhliain go dtí 30 Meitheamh 2012.

Taispeántar íocaíochtaí i dtaca le haistrithe inseirbhíse mar mhír ar leith sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána.

**h. Maoiniú Pinsean**

Tá an Coimisiún ag súil le ranníocaíocht €1.6m a dhéanamh lena scéim pinsean i 2013.

## 15. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann amhail ar 30 Meitheamh 2012.

## 16. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, bhí idirbhearta ag an gCoimisiún le ranna rialtais eile agus le comhlachtaí stáit eile.

## 17. Asbhaint A Bhaineann Le Pinsin

Íocadh méid €643,000 a asbhaineadh ó thuarastail i dtaca le hAsbhaint a Bhaineann le Pinsin leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha sa bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2012.

## 18. Faomhadh Na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Kevin O'Brien, Coimisinéir, na ráitis airgeadais seo ar son an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide, ar 9 Aibreán 2013.

# 1

# Aguisín:
# Liosta de na doiciméid arna bhfoilsiú ag Comreg i rith na bliana

| | |
|---|---|
| 12/70 | Bainistíocht agus Cothabháil Bunachar Sonraí Náisiúnta Eolairí |
| 12/69 | Ráiteas Straitéise 2012-2014 |
| 12/68s | Aighneachtaí ar Chomhairliúchán (Doiciméad 12/37 - Dréachtráiteas Straitéise 2012-2014) |
| 12/68 | Freagra ar Chomhairliúchán (Doiciméad 12/37 - Dréachtráiteas Straitéise 2012-2014) |
| 12/67a | Tuarascáil Mason Anailísí - Rátaí Foirceanta Fosaithe agus Soghluaiste in Éirinn |
| 12/67 | Rátaí Foirceanta Gutha in Éirinn - Rialú Praghais Beartaithe le haghaidh Rátaí Foirceanta Fosaithe agus Soghluaiste |
| 12/66 | Soláthar de Sheirbhís Uile-Choiteann ag Eircom - Sonraí Feidhmíochta R1 2012 (1 Eanáir 2012 go dtí 31 Márta 2012) |
| 12/65 | Tugann ComReg síneadh ama maidir le tréimhse chomhairliúcháin do Dhoiciméad ComReg 12/46 - Athbhreithniú Margaidh: Foirceann Glaonna Gutha ar Líonraí Soghluaiste Aonair |
| 09/44R3 | Foirm Iarratais agus Treoirlínte Ceadúnas Stáisiúin Aerárthaí |
| 12/64 | Comhairliúchán agus Dréachtchinneadh 26 GHz Athruithe Úsáide |
| 12/63a | Aighneachtaí ar Chomhairliúchán ComReg 11/72 |
| 12/63 | Comhairliúchán Breise ar ComReg 11/72 |
| 10/62a | Meabhrán Tuarascála Ráithiúla R1 2012 |
| 12/62 | Tuarascáil Ráithiúil R1 2012 |
| 12/61A | Ceardlann Scaoilte Speictrim Ilbhanda ComReg - Ábhair Cheardlainne |
| 12/61 | Ceardlann Dámhachtana Speictrim Ilbhanda ComReg - 8 Meitheamh 2012 |
| 12/60 | Rochtain na Chéad Ghlúine Eile: Réitigh Mholta do Mhargaí NGA - Tugann ComReg síneadh ama maidir le tréimhse chomhairliúcháin do Dhoiciméad ComReg 12/27 |
| 12/59 | Freagra ar Chomhairliúchán agus Cinneadh: Todhchaí Ceadúnaithe Sraonairí in Éirinn |
| 12/58 | Nuashonrú Cód Cleachtais Seirbhísí Ardráta |
| 12/57 | Dualgas Seirbhíse Uile-Choiteann - Iarratas ar mhaoiniú ón Soláthróir Seirbhíse Uile-Choiteann don tréimhse 2009/2010 |
| 12/56 | Iarratas Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) ar Shamhail Chúngaigh Chorrlaigh NGA neamhrúnda agus sonraí costála |
| 12/55 | Cáilíocht Mhonatóir na Seirbhíse Poist - Tuarascáil Eatramhach R1 2012 |
| 12/52a | Foirm Iarratais, Dámhachtain Speictrim Ilbhanda 2012 |
| 12/54 | Fógra faoi Cheardlann ar phróiseas dámhachtana speictrim ilbhanda |
| 12/50 | Scaoileadh Speictrim Ilbhanda - Freagra ar Chomhairliúcháin ar an dréacht-Mheabhrán Faisnéise |
| 12/52 | Meabhrán Faisnéise - Scaoileadh Speictrim Ilbhanda |
| 12/51 | Saincheisteanna a bhaineann leis an Dréachtmheabhrán Faisnéise - Tuarascáil DotEcon do ComReg |
| 12/53 | Cuireann ComReg tús le próiseas dámhachtana speictrim ilbhanda |
| 12/49 | Tionscadal Léirscaoilte GSM: Foilsiú comhfhreagras soláthraithe ag freagróirí agus freagraí (agus freagraí scríofa ComReg ar an ábhar céanna freisin) agus paragraif curtha in eagar ó Dhoiciméid 12/25 |

| | |
|---|---|
| 12/48 | Fógra Faisnéise - Vodafone - Billeáil Leictreonach |
| 12/47 | Meabhrán Tuisceana, MoU comhaontaithe leis an RA ar an mbanda 800 MHZ |
| 12/46a | Athbhreithniú Margaidh - Foirceann Glaonna Gutha ar Líonraí Soghluaiste Aonair Aguisín A: Taighde Margaidh ullmhaithe ag The Research Perspective Ltd. thar ceann ComReg, Meitheamh 2011 |
| 12/46 | Athbhreithniú Margaidh - Foirceann Glaonna Gutha ar Líonraí Soghluaiste Aonair |
| 12/28s2 | Aighneachtaí a fuarthas ó fhreagróirí ar Chomhairliúchán 11/51 - Cuid 2 |
| 12/28s1 | Aighneachtaí a fuarthas ó fhreagróirí ar Chomhairliúchán 11/51 - Cuid 1 |
| 12/45 | Fógra Faisnéise: Síneadh ama ar chomhairliúchán ar Chreat Rialála Poist (12/38) |
| 0617aR1 | Foirm Iarratais athbhreithnithe i dtaca le ceadúnais FWALA |
| 0617R7 | Treoirlínte Athbhreithnithe ar iarratais ar cheadúnais FWALA |
| 12/44 | Fógra Faisnéise: Scaoileadh de speictream breise sa bhanda 3.6 GHz do cheadúnú FWALA |
| 12/43 | Fógra Faisnéise: Síneadh ama ar chomhairliúchán ar Réitigh Rochtain na Chéad Ghlúine Eile |
| 12/42 | Clár Tomhais 2012 d’Astuithe Radaíochta Neamhianaíochta: An Chéad Tuarascáil Eatramhach |
| 12/41 | Fógra Faisnéise - Cruinniú Tionsclaíochta Seirbhísí Ardráta ar 15 Bealtaine 2012 |
| 12/40 | Réamh-Chomhairliúcháin - Optamú Próisis Idir-Oibreoirí chun aistriú tomhaltóirí a éascú |
| 12/39 | Soláthar seirbhísí teileafónaíochta faoi Dhualgais Sheirbhísí Uile-Choiteann - Scóip agus Ainmniú |
| 12/38 | Creat Rialála Poist: Cuir i bhfeidhm an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 |
| 12/37 | Ráiteas Straitéise ComReg 2012-2014 |
| 12/36 | Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála - Méid glaonna Iúil-Nollaig 2011 agus méid foriomlán do 2011 |
| 12/35 | Cuireann ComReg in iúl do Eircom Teoranta i bhFiosrú (faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990) ("Eircom") faoi aimsiú neamh-chomhlíonata i dtaca le coinníollacha agus modhanna oibre le conradh a fhoirceannadh |
| 12/34 | Rótháille Vodafone |
| 12/33 | Fógra Faisnéise - Athrú Líonra: Cinneadh de réir Alt 7.4(ii) de D05/10 |
| 12/32a | Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola: Tuilleadh sonraíochta don dualgas rialaithe praghais agus leasú don dualgas trédhearcachta. Freagra ar Chomhairliúchán 10/108 |
| 12/32 | Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola: Tuilleadh sonraíochta don dualgas rialaithe praghais agus leasú don dualgas trédhearcachta. |
| S.I. No.111 of 2012 | I.R. Uimh. 111 de 2012 - Na Rialúcháin um Rialáil Cumarsáide (Ceadúnú Seirbhísí Ardráta) 2012 |
| 12/30 | Fógra Faisnéise - Cód Cleachtais Nua agus Rialúcháin Nua do Sheirbhísí Ardráta |
| 12/29 | Cód Cleachtais - Seirbhísí Ardráta [Cinneadh Uimh. D05/12] |
| 12/28 | Freagra ar Chomhairliúchán 11/51 agus Cinneadh - Cód Cleachtais do Sheirbhísí Ardráta [Cinneadh Uimh. D05/12] |

| | |
|---|---|
| 12/31 | Cáilíocht Mhonatóir na Seirbhísí Poist I bPoblacht na hÉireann - Tuarascáil Bhliantúil 2011 |
| 12/27 | Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA): Réitigh Mholta do Mhargaí NGA |
| 12/26 | Soláthar de Sheirbhís Uile-Choiteann ag Eircom - Sonraí Feidhmíochta - R4 2011 (1 Deireadh Fómhair 2011-31 Nollaig 2011) |
| 12/25 | Freagra ar Chomhairliúchán agus Cinneadh ar Scaoileadh Speictrim Ilbhanda [D04/12] |
| 12/25A | Scaoileadh Speictrim Ilbhanda - Iarscríbhinní ar 12/25 |
| 12/24 | Saincheisteanna a bhaineann le dámhachtain de speictream in ilbhandaí in Éirinn |
| 12/23 | Dámhachtain de 800MHz, 900MHz agus 1800MHz - Cúigiú Tuarascáil Tagarmharcála |
| 12/22 | Comhthuarascáil Teicniúil - Freagraí Oibreoirí Soghluaiste ar 11/60 agus 11/75 |
| 00/07R3 | Iarratas ar Cheadúnais Raidió Gnó |
| 00/07aR1 | Treoirlínte do Cheadúnais Raidió Gnó |
| 12/21 | Tionscadal Léirscaoilte GSM: foilsiú d'aighneachtaí neamhrúnda ar Dhoiciméad 11/75 agus comhfhreagras soláthraithe ag freagróirí (agus freagraí scríofa ComReg ar an ábhar céanna) |
| 12/20a | Meabhrán Tuarascála Ráithiúla R4 2011 |
| 12/20 | Tuarascáil Ráithiúil R4 2011 |
| 12/19 | Nua - Dualgas cúraim ó Iniúchóirí don Rialaitheoir |
| 12/18 | Todhchaí Cheadaithe Sraonairí in Éirinn |
| 12/17 | Tuarascáil Bhliantúil Mhórdhíola Chomhlíonta 2011 |
| 12/16 | Tagann Verizon chun comhaontaithe le Eircom agus tarraingíonn siar iarratas réitigh díospóide |
